



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

TURASCÁIL BHLIANTÚIL

ANNUAL REPORT



2022



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh H91 H6KX

Fón: (091) 509 000
Idirlíon: www.gaillimh.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh H91 H6KX

Teil: (091) 509 000

Facs: (091) 509 010

Suíomh gréasáin: www.galway.ie

 @GalwayCoCo

 Contae na Gaillimhe

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá.....	8
Ráiteas Misin.....	9
Croíluchanna agus Fís.....	9
Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.....	9
Bunluachanna	9
Teachtairacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe	10
Teachtairacht ón bPríomhfheidhmeannach	11
Toghlímistéir Áitiúla/Ceantair Bhardasacha	13
Comhaltaí Tofa de réir Ceantar Bardasach	14
Eolas Ginearálta	21
Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe	22
Rialachas	25
Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024.....	28
Spriocanna Straitéiseacha.....	29
Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe & Seirbhísí Corparáideacha	31
Pleanáil.....	32
Pleanáil chun Cinn.....	32
An Rannóg Bainistíochta Forbartha	34
Bearta Forfheidhmiúcháin	34
Rialú Foirgníochta	35
Caomhnú Ailtireachta	36
Oidhreacht	50
Seirbhísí Corparáideacha	89
Pleanáil & Tacaíocht Chorporáideach	90
Grúpa Beartais Chorporáidigh.....	100
Comhchoiste Póilíneachta	100
Clár na dTogthóirí	102
Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol	103
Rialacháin Cosanta Sonraí	104
Bainistíocht Saoráidí	105
Seirbhís na maor pobail/seirbhís cróinéara	106
Iniúchadh inmheánach/seirbhís chomhairleach dlí.....	107
Oibriú margáí. Ceadúnais chorrthrádála & scannáin.....	111
Áineas, conláiste, páirceanna agus spásanna oscailte.....	112
Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma.....	114

Clár seirbhísí forbartha leabharlainne	120
Cartlann & Bainistíocht Taifead	130
An Ghaeilge a chur chun cinn	130
Seirbhísí do Chustaiméirí	131
Tithíocht, Forbairt eacnamaíochta tuaithe agus pobail.....	135
Tithíocht	135
Tithíocht Do Chách	136
Gníomhaíocht Chuid V	137
Gníomhaíocht Tógála Tithíochta.....	138
Gníomhaíocht Deartha & Pleanála	141
Tithíocht Inacmhainne	143
Ceannacháin Tí.....	144
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT).....	144
Taifead na dTeaghlach Cáilithe (Liosta Feithimh Tithíochta).....	144
An Scéim um Thuairisciú ar Cíos (SCC/RAS).....	146
Caihteáin Íosta do Chóiríocht ar Cíos	147
Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe.....	148
Scéim Morgáiste chun Cíosa	149
Iasacht Tí Údaráis Áitiúil.....	150
Tithíocht Dheonach.....	150
Ceannach Tionónta	151
cúnaimh tithíochta do dhaoine scothaosta, deontas cúnaimh soghluaisteachta.....	151
Deontais oiriúnaithe tithíochta do thithe údaráis áitiúil	151
Cothabháil tithíochta	151
Clár éifeachtúlachta fuinnimh agus iarfheistithe (CÉFI)	152
Easpa dídine	153
Clár Cóiríochta don Lucht Siúil	154
An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 Spriocanna	154
Clár Athlonnaithe Dídeanaithe	155
Obair Shóisialta	155
Plean Straitéiseach do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas.....	156
Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit.....	159
Freagra na hÚcráine.....	160
Eacnamaíoch agus Pobail agus Fiontair	161
An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)	161
SICAP (Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail).....	163
Éire Shláintiúil	164

Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP).....	166
Gradaim Phobail.....	166
Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (LRP)	169
Cuimsiú Sóisialta	170
Comhpháirtíocht Spóirt	171
Tionscnaimh Forbartha Eacnamaíochta	174
Turasóireacht	176
Clár Athghiniúna Tuaithe	191
Scéimeanna Tuaithe - Scéim áineasa agus bonneagair allamuigh	209
Scéimeanna Tacaíochta Pobail.....	220
Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe	222
Clár Éire Ildánach	232
Comhshaol & Athrú Aeráide, Seirbhísí Dóiteáin & Mórégeandála, Acmhainní Daonna & Córais Faisnéise.....	241
Comhshaol	242
Feasacht Timpeallachta	242
Pleanáil.....	244
Seirbhísí Dramhaíola	244
Forfheidhmiú Dramhaíola	245
Tránna	246
Reiligí.....	247
Seirbhísí Tréidliachta.....	247
Rialú Madraí.....	248
Athrú Aeráide.....	249
Seirbhísí Éigeandála	252
Covid 19.....	253
Pobail a Choinneáil Sábháilte – Creat le haghaidh sábháilteachta dóiteáin in Éirinn	254
Campa Thiar (Réigiún an Iarthair Rialú Dóiteáin)	254
Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta	255
Oibríochtaí Dóiteáin (Freagra)	257
Bainistíocht Mórégeandálaí	259
Bainistíocht Strus Teagmhais Chriticiúil	265
Sábháilteacht Dóiteáin Pobail & Cosc.....	265
Caipitil	270
Oiliúint.....	271
Athfhorbairt Stáisiúin Dóiteáin	273
Fearas dóiteáin nua rang B	273
Pearsanra	274

Cosaint Shibhialta	274
Seirbhís do chustaiméirí.....	276
Rannóg na nAcmhainní Daonna.....	276
Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair	277
Oiliúint & Forbairt Foirne	279
Leas na Foirne	280
Pinsin.....	280
Teicneolaíocht Faisnéise	281
Bonneagar & Oibríochtaí	282
An tAonad Bóthair agus Iompair.....	283
Aonad Bóithre 2020	283
Fáltais Talún	284
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla	285
Clár Athshlánaithe Droichid Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 2020.....	286
Glacadh ar Láimh - Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe	289
Cothabháil Mhuirí	290
Cuanta Straitéiseacha	292
Ag Obair i gComhpháirtíocht	293
Scéimeanna Faoisimh Tuile.....	300
Dramhaíl Tí a Athchúrsáil.....	302
Ceantair Dhraenála	303
Clós Innealra.....	303
CLÁR	303
An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte.....	304
Maoiniú don Athrú Aeráide & don Taisteal Gníomhach	311
An Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile	316
Scéimeanna Fostaíochta Pobail	318
Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Bóithre	319
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda.....	319
Seirbhísí Uisce	320
Caomhnú Uisce	320
Grúpscéimeanna Uisce	321
Clár na nOibreacha Caipitiúla	323
Tuairisciú Feidhmíochta	325
Táscairí Feidhmíochta	325
Tuarascálacha Beartais Straitéiseacha & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach	402
Tuarascálacha Beartais Straitéiseacha.....	402


Tuarascálacha na gCeantar Bardasach	411
Comhaltaí Tofa Ainmnithe do Choistí, Comhdhálacha & Costais Oiliúna	417
Príomhoifigigh/Oifigí na Comhairle	433
Bainistíocht Airgeadais.....	439
Mótarcháin.....	439
An t-eolas is déanaí maidir leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha	439
Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022.....	440

RÉAMHRÁ

Caighdeán maireachtála mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt Pobail agus Eacnamaíoch a threorú agus a neartú agus trí sheirbhísí éifeachtúla agus inbhuanaithe a chur ar fáil.



CROÍLUACHANNA AGUS FÍS



BUNLUACHANNA

- **Cuntasach**
- **Cabhrach**
- **Ionchuimsitheach**
- **Daonlathach**
- **Inbhuanaithe**
- **Luach ar Airgead**

FÍS DO CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
Contae le féiniúlacht láidir, rud a chuimsíonn a oidhreacht, a teanga, agus a cultúr. Contae ina gcuirtear forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus pobail chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht saoránach agus páirtithe leasmhara, ina bhforbraítear bonneagar riachtanach agus ina gcosnaítear an comhshaol.

TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE



Mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe, is onóir domsa an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur ar fáil thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina mionsonraítear an méid a chuir sí ar fáil do chustaiméirí agus do shaoránaigh an Chontae le linn 2022.

Ba mhór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 17 Meitheamh 2022 agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na Gaillimhe, agus mise mar chéad saoránach don Chontae.

Mar Chathaoirleach a toghadh roimhe seo in 2011, is pribhléid ollmhór é an deis a bheith agam an slabhra oifige a chaitheamh arís agus chun feidhmiú mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe don dara huair.

Is éard atá sa tuarascáil seo ná taifead cuimsitheach ar an méid a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil dá gcustaiméirí agus do shaoránaigh an chontae le dhá mhí dhéag anuas. Is suntasach an raon tionscnamh agus seirbhísí a sholáthair Comhairle Chontae na Gaillimhe agus lean an chomhairle uirthi ag cinntiú le linn 2022 go raibh seirbhís éifeachtúil agus iontaofa á bhfáil ag ár saoránaigh ar bhealach a bhí cost-éifeachtúil.

Tá míreanna le feiceáil inár dtuarascáil bhliantúil ó fud an chontae a léiríonn an méid is féidir a bhaint amach nuair a thagann pobail áitiúla, gnólachtaí agus údaráis áitiúla le chéile. Tá an fuinneamh a bhí againn in 2022 fós linn inniu, agus muid ag cur feabhsuithe cumhachtacha do dhaoine aonair agus do phobail chun cinn. I bhfianaise na ndúshlán a bhí romhainn ar fad, is ábhar ugaigh é a fheiceáil cad is féidir a dhéanamh, agus tá muinín agam go ndéanfar 2023 a chomórath as an méid a baineadh amach dár bpobail an bhliain sin.

Mar Chathaoirleach ar an gComhairle, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach ball foirne den eagraíocht as an obair a rinne siad i gcaitheamh na bliana agus le linn na ndúshlán a cuireadh romhainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach Jim Cullen agus lena fhoireann Feidhmiúcháin as tacú liomsa agus le Comhaltaí Tofa eile inár gcuid oibre.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Chomh. Peter Keaveney chomh maith a bhí i gcathaoir an Chathaoirligh don chéad sé mhí de 2022 agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin le mo chomhghleacaithe ar an gComhairle as a gcuid tacaíochta agus comhoibre le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach ar an gContae agus buíochas ar leith a chur in iúl don Leaschathaoirleach, an Comh. Eileen Mannion.

Is onóir mhór dom gur toghadh mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe mé. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na comhairleoirí eile, don fhoireann feidhmiúcháin agus d'fhoireann na Comhairle ar fad. Leanfaimid orainn ag obair linn agus ag comhoibriú lena chéile, ar son mhuintir na Gaillimhe ar fad.

Michael Maher



Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliana do 2022 ina mionsonraítear dul chun cinn na Comhairle i dtaca le cuspóirí straitéiseacha ár bPlean Chorparáidigh 2020 – 2024 a bhaint amach agus ina leagtar béim ar an obair riachtanach agus ar éachtaí na Comhairle le bliain anuas inár réimsí gnó ar fad.

I mí an Mhárta 2022, agus muid ag teacht amach as cur isteach agus éifeachtaí phaindéim COVID, bhí orainn aghaidh a thabhairt ar thionchar an Chogaidh san Úcráin agus géarchéim na ndéanaithe a tháinig sna sála air. Dála an-chuid údarás áitiúil, ba luath an fhreagairt a bhí ag an gComhairle, agus cuireadh an foscadh éigeandála ar bun in Órán Mór le cúnamh iontach ón bpobal áitiúil. Bhí orainn leanúint leis an bhfreagairt sin le linn 2022, agus anois tá lóistín tugtha do bhreis is 3,500 Úcránach ar fud an chontae agus glacadh leo i bpobail áitiúla. Táim fíorbhródúil as an bhfreagairt a thug foireann na comhairle ar an ngéarchéim seo.

Is tosaíocht fós í don chomhairle tacú le plean an Rialtais chun soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú faoin bplean “Tithíocht do Chách”. In 2022, bhain an chomhairle a sprioc amach chun 230 teach sóisialta a chur ar fáil agus le linn na bliana, chruthaigh sí 307 tionóntacht nua san iomlán, 81 tionóntacht i maoinne le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta san áireamh.

I ndiaidh dianchomhairliúcháin phoiblí agus dianmhachnaimh, glacadh ar deireadh le Plean Forbartha an Chontae 2022-2028 i mí na Bealtaine 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh 2022. Cuireann an Plean forbairt inbhuanaithe an Chontae chun cinn mar áit tharraingteach, ar féidir leat cur fút, obair agus infheistíocht a dhéanamh inti, rud a chabhróidh leis an daonra a mhéadú i bpatrúin fhorbartha inbhuanaithe agus a chabhróidh le fostaíocht a chruthú ar fud an chontae.

Le linn 2022 lean an chomhairle uirthi ag obair go dlúth leis an GFT d'fhonn infheistíocht isteach a mhealladh agus an Chonair Eacnamaíochta Straitéiseach a oscailt. Rinne comhlacht teicneolaíochta domhanda breithniú ar an suíomh in Órán Mór, inar cuireadh banc mór talún le chéile, ar mhaithe le hinfeistíocht a dhéanamh ann ach shocraigh siad ar an nGearmáin ina áit. Ina ainneoin sin, tá muinín agam fós go mbainfear acmhainneacht na Conaire Eacnamaíochta Straitéisí idir Órán Mór agus Baile Átha an Rí amach sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma.

Tá iompar éifeachtúil riachtanach d'fhorbairt eacnamaíochta an Chontae agus in 2022, rinne an Chomhairle €36M d'infheistíocht chun ár líonra bóithre réigiúnach agus áitiúil a chothabháil. Bhí Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe, a fuair cead pleanála i Mí na Nollag 2021 faoi réir imeachtaí athbhreithnithe breithimh agus tá sé curtha ar aghaidh ó shin chuig an mBord Pleanála chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh air. Is tosaíocht ollmhór í fós d'fhorbairt inbhuanaithe na Cathrach, an Chontae

agus an réigiún. Leanadh leis an obair ar sheachbhóthar Mhaigh Cuillinn, agus táim ag súil go n-osclófar é do thrácht in 2023.

D'éirigh leis an gcomhairle maoiniú de €356,000 a fháil faoi Chlár Coigeartaithe Brexit do Bhonneagar Muirí na nÚdarás Áitiúil le haghaidh oibreacha ag naoi gcéibh agus cuireadh an obair seo i gcrích in 2022. Is tosaíocht fós í céibh nua a thógáil ag Inis Oírr agus foilsíodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh chun na tailte atá riachtanach dó a cheannach in 2022. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tionscadal seo in 2023. Tá oibreacha feabhsúcháin ag teastáil in Inis Meáin agus tá an chomhairle i dteagmháil leis an Roinn agus pobal an oileáin chun an réiteach is fearr d'oibreacha amach anseo a dhéanamh amach.

Cuireadh tú le hullmhúchán na chéad straitéise Turasóireachta de chuid an Chontae in 2022, agus tá dréacht le tabhairt chun cinn in 2023. Léireofar ann an tábhacht a bhaineann le turasóireacht chun athghiniúint eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn sa réigiún. Leanadh le hobair forbartha ar Ghlasbhealach Chonamara idir an Clochán agus Sraith Salach. Go dtí seo, tá 13KM de curtha i gcrích agus oscailte don phobal agus tá 4.5KM eile á thógáil. Táthar ag súil go gcríochnófar an chuid seo de agus go gcuirfear ceannach talún don chuid idir Sraith Salach agus Uachtar Ard chun cinn in 2023.

Mar fhreagra ar an gceanglas atá orainn faoi Ghníomhaíocht Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030, tá na struchtúir rialachais iomchuí curtha i bhfeidhm ag an gcomhairle chun freagairt don Athrú Aeráide. In 2022, ceapadh Comhordaitheoir um Athrú Aeráide a bhfuil freagairt air as clár oibre tosaíochta a fhorbairt chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaoráidí agus gníomhaíochtaí na comhairle a laghdú. Tá an chomhairle tiomanta cheana féin don chlár iarfheistithe tithíochta sóisialta, éifeachtúlacht fuinnimh soilisithe phoiblí, sraith de thionscnaimh taistil ghníomhaigh agus raon bearta bithéagsúlachta.

Bhí an bhliain 2022 thar a bheith gnóthach agus táirgiúil agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach an Comh. Peter Keaveney agus an Comh. Michael 'Moegie' Maher agus le gach comhairleoir as a gcabhair agus as a dtacaíocht maidir le clár oibre suntasach a chur i gcrích in 2022. Tá a dtiomantas d'fhorbairt an chontae riachtanach le go n-éireoidh léi sa deireadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe trí chéile, mar gheall ar a ndíograis agus a dtiomantas i dtaca le seirbhísí poiblí riachtanacha a chur ar fáil do shaoránaigh Chontae na Gaillimhe.




J. Cullen

TOGHLIMISTÉIR ÁITIÚLA/CEANTAIR BHARDASACHA

De réir Ionstram Reachtúil I.R. Uimh. 618/218 - *An tOrdú um Thoghlímistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2018*, beidh na ceantair bhardasacha seo a leanas ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)". Is í éifeacht an ordaithe ná roinnt Chontae na Gaillimhe ina dtoghlímistéir áitiúla a leasú, líon comhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le toghadh dá leithéid de limistéir a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar seo a leanas:

- (a) Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe.
- (b) Ceantar Bardasach Chonamara ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Chonamara Thuaidh agus Toghlímistéir Áitiúil Chonamara Theas.
- (c) Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Bhaile Locha Riach agus Toghlímistéir Áitiúil an Ghoirt — Chinn Mhara.
- (d) Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Bhaile Átha an Rí-Órán Mór.
- (e) Ceantar Bardasach Thuama ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Thuama.

LÉARSCÁIL NA GCEANTAR BARDASACH






COMHALTAÍ TOFA DE RÉIR CEANTAR BARDASACH

Liostaítear sna leathanaigh seo a leanas Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Ceantar Bardasach/Toghlímistéar Áitiúil:

CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ - ÓRÁN MÓR

Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Átha an Rí - Órán Mór (7 gComhalta)

			
1. An Comh. James Charity	2. An Comh. Gabriel Cronnelly	3. An Comh. Jim Cuddy	4. An Comh. David Collins

		
5. An Comh. Liam Carroll	6. An Comh. Albert Dolan	7. An Comh. Shelly Herterich Quinn

	Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1.	An Comh. James Charity, Tóin an Gharráin, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe.	-	087 2191792
2.	An Comh. Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí. Co. na Gaillimhe.	-	087 2066810
3.	An Comh. Jim Cuddy, An Laighdeacán, An Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.	091 798136	087 6360242
4.	An Comh. David Collins, Radharc an Uisce, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe.	-	087 7831687
5.	An Comh. Liam Carroll, Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór Co. na Gaillimhe.	091 794677	087 6488684
6.	An Comh. Albert Dolan, Muine Mheá, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	086 7358081
7.	An Comh. Shelly Herterich-Quinn, The Forge, Seansráid an Teampaill, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	087 2871355

Toghlímistéar Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe (6 Chomhalta)

			
1. An Comh. Tim Broderick	2. An Comh. Dermot Connolly	3. An Comh. Michael Connolly	4. An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons
			
5. An Comh. Declan Geraghty	6. An Comh. Peter Keaveney		

	Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1.	An Comh. Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9686896	087 2728058
2.	An Comh. Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóg, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9642986	086 0886160
3.	An Comh. Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9679465	087 6829049
4.	An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons, Cnoc Phlásóg na Feá, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	-	087 1365793
5.	An Comh. Declan Geraghty, Baile Liam tríd an gCaisleán Riabhach, Co. na Gaillimhe.	094 9643355	086 2543304
6.	An. Comh. Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe.	094 9659388	087 2533098

CEANTAR BARDASACH CHONAMARA

Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Thuaidh (4 Chomhalta)

			
1. An Comh. Eileen Mannion	2. An Comh. Thomas Welby	3. An Comh. Séamus Walsh	4. An Comh. Gerry King

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. Eileen Mannion, Bóthar na Spéire, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9555645
2. An Comh. Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co na Gaillimhe.	091 552748	087 2855676
3. An Comh. Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe	091 552726	087 0519884
4. An Comh. Gerry King, Iorras Fhlannáin, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	086 1798749

Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Theas (5 Chomhaltaí)






				
1. An Comh. Tomás Ó Curraoin	2. An Comh. Noel Thomas	3. An Comh. Dáithí Ó Cualáin	4. An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	5. An Comh. Alastair McKinstry

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. Tomás Ó Curraoin, Na Foráí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe.	-	087 2933782
2. An Comh. Noel Thomas, Gort an Chalaídh, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.	-	087 7372147
3. An Comh. Dáithí Ó Cualáin, Cor na Rón Láir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9023755

4. An Comh. Pádraig Mac an Iomaire, Na Doireadh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. 091 572974 087 9213795
5. An Comh. Alastair McKinstry, Croílár, Baile na hAille, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe. 091 868678 087 6847928

CEANTAR BARDASACH BHAILE LOCHA RIACH






Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Locha Riach (5 Comhaltaí)

				
1. An Comh. Michael "Moegie" Maher	2. An Comh. Jimmy McClearn	3. An Comh. Declan Kelly	4. An Comh. Ivan Canning	5. An Comh. Shane Curley

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. Michael "Moegie" Maher, Cloch an Stuaicín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	091-842968	086 8109185
2. An Comh. Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9676235/9676963	087 2548723
3. An Comh. Declan Kelly, 7 Faiche an Choláiste, Bóthar Bhríde, Port Omna, Co. na Gaillimhe	-	086 8032732
4. An Comh. Ivan Canning, An Leithcheathrú, Gort an Iomaire, Port Omna, Co. na Gaillimhe.	-	087 1376666
5. An Comh. Shane Curley, An Ráithín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	-	086 2706550

CEANTAR BARDASACH AN GHOIRT-CHINN MHARA

Toghlímistéar Áitiúil an Ghoirt -Chinn Mhara (5 Comhaltaí)

				
1. An Comh. Joe Byrne	2. An Comh. Gerry Finnerty	4. An Comh. Martina Kinane	3. An Comh. Geraldine Donohue	4. An Comh. PJ Murphy

	Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1.	An Comh. Joe Byrne, Teach Highfield, Cluain na Saoi, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe	091-638130	087 2625775
2.	An Comh. Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, An Gort, Co. na Gaillimhe	091-632167 /091-633291	087 2674295
3.	An Comh. Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe.	-	087 2692102
4.	An Comh. Geraldine Donohue, Gleann an Tobair, An Choill Bhreac, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe	-	086 1692827
5.	An Comh. PJ Murphy, Ballindive, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe	-	087 7905401

Toghlímistéar Áitiúil Thuama (7 gComhalta)

			
1. An Comh. Mary Hoade	2. An Comh. Peter Roche	3. An Comh. Donagh Mark Killilea	4. An Comh. Karey McHugh Farag

		
5. An Comh. Colm Keaveney	6. An Comh. Andrew Reddington	7. An Comh. Joe Sheridan

	Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1.	An Comh. Mary Hoade, An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe	091 789854	087 2255979
2.	An Comh. Peter Roche, Maighin, Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, Co. na Gaillimhe	093 49187	087 8251470
3.	An Comh. Donagh Mark Killilea, 171 Palace Fields, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	086 6079563
4.	An Comh. Karey Mc Hugh Farag, Cúil Fóbhair, Béal Átha Clúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	087 2822225
5.	An Comh. Colm Keaveney, Cill Chraobhanta, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	087 6776812
6.	An Comh. Andrew Reddington, An Pháirc Gharbh, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe		087 6458115
7.	An Comh. Joe Sheridan, Baile an Mhuilinn, Tuaim, Co. na Gaillimhe		087 9897072

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe as an áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre, áiseanna draenála, tithíochta, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligí a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil. Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe caomhnóir an chomhshaoil, agus lena beartais phleanála agus chomhshaoil tá sé mar aidhm aici an contae a fheabhsú agus ag an am céanna a atmaisféar agus a charachtar uathúil a chaomhnú. Tá ról gníomhach aici freisin i dtaca le cúrsaí tionsclaíochta, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha an chontae a fhorbairt.

I gcomhréir leis an gcóras rialtas áitiúil in Éirinn, a bhfuil ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí mar chuid de, tá ról **ionadaíochta** agus **oibríochta** araon ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil.

Tugtar **“feidhmeanna forchoimeáda”** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leagann siad seo an creat beartais síos, faoina n-oibríonn an Príomhfheidhmeannach.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh.
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a leasú.
- an Scéim Leithdháilte do thithíocht shóisialta a ghlacadh.
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.
- ceadú a thabhairt chun airgead a fháil ar iasacht.
- na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt.

Is le rún a dhéanann an Chomhairle a cuid cinntí ag a cruinnithe.

Is ag an bPríomhfheidhmeannach agus a fhoirne atá **ról oibríochta** Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá siad freagrach as an gComhairle Chontae a riar ó lá go lá. Comhlíonann an Príomhfheidhmeannach na rudaí ar a dtugtar na **“feidhmeanna feidhmiúcháin”** agus déantar a chuid cinntí le “Ordú an Phríomhfheidhmeannaigh” scríofa.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

- leithdháileadh tithe
- ceadanna pleanála a bhronnadh nó a dhiúltú
- foireann srl. a cheapadh,

Agus é ag déanamh cinntí, ní mór don Phríomhfheidhmeannach gníomhú ar bhealach atá comhleanúnach leis an mbeartas atá curtha ar bun ag na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, comhairle a chur ar na comhaltaí i dtaca le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeáda féin.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL I GCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

I gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 is príomhfheidhm de chuid údaráis áitiúil í fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá freagracht ar an údarás áitiúil as raon seirbhísí, feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe a chur ar fáil, agus as príomhréimsí a fhorbairt lena n-áirítear cúrsaí eacnamaíochta, gnó, oidhreacht agus cultúrtha.

Thug an tAcht um Athchóiriú, a bhunaigh na Ceantair Bhardasacha agus a dhíscaoil na Comhairlí Baile, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla isteach (LCDC) a bunaíodh mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach ceantar rialtais áitiúil. Foráladh sa reachtaíocht do scor na mBord Forbartha Contae agus do thabhairt isteach an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

AN CHOMHAIRLE

Leagann na naoi gComhairleoir is tríocha tofa ó na Ceantair Bhardasacha síos le chéile an chreatlach don bheartas faoina bhfeidhmíonn Foireann Feidhmiúcháin. Is é Grúpa Beartais Chorporáidigh agus sé Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) a dhéanann beartais a cheapadh agus a aontaíonn orthu. Tá na CBS anna comhdhéanta de chomhaltaí toga agus ionadaithe deonacha/earnála a athbhreithníonn agus a cheapann beartas i réimse iomlán feidhmeanna na Comhairle. Tá cumas feidhmiúcháin ag an bhFoireann Feidhmiúchán atá faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh.

CEANTAIR BHARDASACHA

Tá cúig Cheantar Bhardasacha bunaithe i gContae na Gaillimhe (le seacht dToghlimistéar Áitiúla), agus freastalaíonn comhaltaí tofa ón limistéar sin orthu. Dearadh na Ceantair Bhardasacha chun rialachas, coimhdeacht, agus freagracht dhaonlathach a fheabhsú. Tá sé i gceist freisin go bhfeabhsóidh na socrúithe seo éifeachtúlacht oibríochta agus luach ar airgead, agus struchtúr feidhmiúcháin agus oibríochta amháin ann don chontae trí chéile. Is comhlachtaí cinnteoireachta iad na Ceantair Bhardasacha seachas struchtúir chorporáideacha.

AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH (CPG)

Sa Ghrúpa Beartais Chorporáidigh tá Cathaoirleach na Comhairle Contae, Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseach agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Nascann an CPG obair na CBSanna éagsúla le chéile agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir aontú ar na seasaimh beartas a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ar fad, lena gcur i láthair na Comhairle lomláine. Cuireann an CPG comhairle ar an gComhairle agus cabhraíonn sé léi agus cuireann sé ionchur ar fáil ar chúrsaí ábhartha ginearálta. Tá ról aige freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Tionóladh 10 gcuinniú de chuid an CPG in 2022.

AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH (CBS)

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht ceaptha beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí le leasanna áitiúla agus le hionadaithe pobail. Cuireann CBSna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt i gceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúirthóir Seirbhísí.


Bunaíodh sé Choiste um Beartas Straitéiseach sa Chomhairle ar a bhfuil Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála faoi mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

CBS	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán
Tithíocht	7	4	11
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta	6	4	10
Pleanáil, Comhshaol, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála Pobal	7	4	11
Iompar & Bonneagar	7	4	11
Forbairt Pobail & Cultúir	6	4	10
An tAthru Aeráide agus an Bhithéagsúlacht	6	4	10

An Fhoireann Feidhmiúcháin

Tá an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus mar chuid di tá na Stiúirthóirí Seirbhísí, an Ceann Airgeadais, an Gníomhaire Dlí agus Rúnaí an Chontae.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2022



RIALACHAS

Baineann rialachas le forbairt na struchtúr agus na bpróiseas cuí chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú ionas gur féidir le páirtithe leasmhara a chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díritear le rialachas, ar na ceanglais dhlíthiúla, rialála agus seirbhíse atá ar an gComhairle, na Coistí, na Comhaltaí aonair, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, na baill foirne, agus na páirtithe leasmhara, chomh maith leis na sraitheanna caidreamh atá eatarthu, i dtaca le treocht agus feidhmíocht na Comhairle seo a chinneadh.

Cabhraíonn na sé phrionsabal dea-rialachais agus prionsabail tacaíochta seo a leanas le Comhairle Chontae na Gaillimhe a threorú i dtaca le seirbhís a sholáthar.

BUNPHRIONSABAL 1

Is ionann Dea-Rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí a sholáthraíonn buntáistí inbhuanaithe eacnamaíochta agus sochaíocha agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

Prionsabail Tacaíochta

1. Chun ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú, déanfar cuspóir agus fíis an údaráis a fhorbairt agus iad a chur in iúl go soiléir trí úsáid a bhaint as an bplean corparáideach agus trína chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse seirbhís d'ardchaighdeán.
2. A chinntiú go mbainfidh an t-údarás, lena phlean seachadta seirbhíse, an leas is fearr as a acmhainní le cinntiú go ndéanfar barrfheabhsú ar an mbealach ina mbaintear torthaí amach.

BUNPHRIONSABAL 2

Is ionann dea-rialachas agus comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat ina bhfuil feidhmeanna agus ról sainithe go soiléir.

Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, soiléireacht a bheith ann i dtaca le feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus na ról agus freagrachtaí ar leith atá ag comhaltaí agus oifigigh.
2. Caidreamh oibre cuiditheach agus measúil a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go gcuirfear feidhmeanna an Údaráis i ngníomh ar chaighdeán ard.

BUNPHRIONSABAL 3

Is ionann dea-rialachas agus luachanna seirbhíse poiblí a léiriú agus a chur chun cinn, trí ardchaighdeán iompair a chomhlíonadh.

Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go n-iompraíonn comhaltaí agus oifigigh iad féin, agus ceannaireacht á feidhmiú acu, ar bhealach a léiríonn ardchaighdeán iompair, go háirithe ó thaobh eitice de, agus rialachas éifeachtach.
2. Cultúr a chothú agus meicníochtaí a chinntiú a spreagann daoine chun cloí leis na luachanna eitice agus eagraíochta atá luaite sa phlean corparáideach agus a thugann orthu cloí leo freisin.

BUNPHRIONSABAL 4

Is ionann dea-rialachas agus cinntí a dhéanamh atá trédhearcach agus níos feasaí agus riosca agus feidhmíocht a bhainistiú.

Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach i dtaca leis an bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht d'ardchaighdeán a bheith ar fáil do chinnteoirí.
2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta riosca, airgeadais agus feidhmíochta i bhfeidhm. Rudaí a théann i ngleic le neamhchinnteacht agus risíocht, a chuireann disciplín airgeadais i bhfeidhm, agus a chuireann béim ar leithdháileadh acmhainní straitéiseacha agus ar sholáthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí

BUNPHRIONSABAL 5

Is ionann dea-rialachas agus cumas eagraíochta agus cumas ceannaireachta, cumas na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus chun críocha na heagraíochta.

Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí atá de dhíth orthu ag na comhaltaí agus na hoifigigh chun a róil a chomhlíonadh go héifeachtach.


2. Cumas na ndaoine a bhfuil freagrachtaí rialachais agus ceannaireachta orthu a fhorbairt le cinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach i gcomhréir le ceanglais dea-rialachais.

BUNPHRIONSABAL 6

Is ionann dea-rialachas agus dul i dteagmháil le daoine áitiúla, saoránaigh, agus páirtithe leasmhara eile ar bhealach oscailte agus cuimsitheach chun cuntasacht láidir don phobal a chinntiú.

Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléireacht a chur ar fáil i dtaca le caidrimh chuntasachta agus feidhmeanna cinnteachta eagraíochta, iniúchta agus grinnscrúdaithe.
2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus meicníocht ann chun cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara.



Cuireann Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020- 2024, arna ghlacadh ag Comhaltáí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an creat ar fáil chun cur ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2020 - 2024.

Tacaíonn na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a aithníodh sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid feidhmeanna a chur i gcrích, tús áite a thabhairt dá gníomhartha, agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Comhairle. Beidh na bunluachanna mar bhonn is mar threoir do sholáthar seirbhísí údarás áitiúil thar an tréimhse 2020 - 2024, agus ag an am céanna léiríonn an misean an tábhacht a bhaineann le caighdeán saoil mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt pobail agus eacnamaíochta a threorú agus a neartú agus trí sheirbhísí inbhuanaithe agus éifeachtúla a sholáthar.

Fíorófar ár misean agus ár bhfís trí roinnt cuspóirí gaolmhara a bhaint amach. Chun na cuspóirí seo a chomhlíonadh, cuirfidh an chomhairle raon Straitéisí Tacaíochta i bhfeidhm. Beidh na Straitéisí Tacaíochta seo mar bhonn leis na feidhmeanna atá leagtha amach sna Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla agus i Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach.

**Pobal
Rannpháirtíocht
agus Sóisialta
Cuimsiú**

"An rannpháirtíocht is leithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae."

**Forbairt
Eacnamaíochta
agus
Fiontraíochta**

"Chun forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíoch agus fiontraíochta an chontae a uasmhéadú."

**Acmhainn
Infreastruchtúir**

"Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiciúil agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú."

**Cumas
Eagrúcháin**

"Chun cumas eagrúcháin a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca, agus trinár mBaill Foirne agus Comhaltáí Tofa a fhorbairt."

**Comhshaol &
Oidhreacht a
chosaint**

"Chun ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglúin seo agus leis na glúnta atá le teacht"

**Seirbhís
Ardchaighdeáin
do Chustaiméirí**

"Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanfaimid."

Tá measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos i bPlean Seachadta Seirbhíse 2022 san áireamh freisin ar leathanaigh 309 go 369, agus tá sonraí faoinár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta náisiúnta ar leathanach 307.

Tabhair faoi deara: Féach Buiséad Bliantúil 2023 Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024.

Is féidir an Doiciméad seo a fháil ag: -

<http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/finance/annualbudgets/>

PLEANÁIL & FORBAIRT
INBHUANAITHE &
SEIRBHÍSÍ
CORPARÁIDEACHA

PLEANÁIL

In 2022, lean an tAonad Pleanála ar aghaidh ag cur forbairt chun cinn agus ag tacú le forbairt laistigh den chontae ionas gur féidir lenár saoránaigh maireachtáil i bpobail bheoga, áit a bhfuil meas ar dhifríochtaí cultúrtha is go spreagtar iad, áit ar féidir le gach duine a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, áit a bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

PLEANÁIL CHUN CINN

ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA GAILLIMHE (CDP) 2022-2028

Leanadh leis an bpróiseas reachtúil as ar tháinig glacadh le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028 le linn 2022.

Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí poiblí a fuarthas. Cuireadh Tuarascáil CE faoi bhráid na gComhaltaí i Mí Dheireadh Fómhair 2021. Cuireadh tús le Cruinnithe na Comhairle i mí na Nollag 2021 agus leanadh leo i Mí Eanáir 2022 le gur féidir tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí poiblí a fuarthas i dtaca le Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2022 – 2028 a bhreithniú.

D'aontaigh Comhaltaí ar roinnt Athruithe Ábhartha (Leasuithe) ar Dhréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus bhí siad ar fáil don phobal i Mí Feabhra 2022. Reáchtáladh Cruinnithe na Comhairle idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2022 chun an rud céanna a phlé.

Chríochnaigh agus ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 i Mí na Bealtaine 2022, agus tháinig an Plean i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh 2022.

Leagtar amach i bPlean Forbartha nua an Chontae an straitéis do phleanáil agus forbairt inbhuanaithe i gContae na Gaillimhe amach anseo, suas go dtí 2028 agus ina dhiaidh sin.

TREOIR ÓN AIRE

Fuarthas Dréacht-Treoir ón Aire maidir le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Cuireadh fáilte roimh aighneachtaí agus ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ina ndiaidh. Fuarthas Treoir dheiridh ón Aire ar an 28 Meán Fómhair 2022. Leasaíodh Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe ina dhiaidh sin chun an Treoir ón Aire a léiriú.

ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE 2022-2028

Fuarthas 40 aighneacht san iomlán laistigh de thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí do Dhréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2022-2028.

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i mí Eanáir 2022. Reáchtáladh Cruinnithe Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ar an 09 agus 16 Feabhra 2022 chun na haighneachtaí céanna a bhreithniú.

D'aontaigh na Comhaltaí ar roinnt Athruithe Ábhartha (Leasuithe) ar an Dréacht-LAP agus bhí siad ar fáil don phobal i Mí an Mhárta 2022. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na hAthruithe Ábhartha agus scaipeadh í ar gach Comhalta. Reáchtáladh cruinniú eile i mí na Bealtaine 2022 chun an méid sin a bhreithniú.

Críochnaíodh agus glacadh Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2022-2028 i mí na Bealtaine 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2022.

AN CISTE FORBARTHA UM ATHGHINIÚINT UIRBEACH (URDF)

Leanadh leis an obair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Iarnróid Éireann, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun seachadadh an tionscadail URDF ag an nGarrán, Órán Mór a chur chun cinn, tionscadal a bronnadh i Mí an Mhárta 2021.

Tá trí phríomhghné den tionscadal agus tá sé dírithe ar an stáisiún traenach atá ann cheana féin in Órán Mór i mórcheantar Uirbeach Chontae na Gaillimhe.

1. Uasghráduithe ar Bhonneagar Iarnróid a mbeidh lúb iarnróid 1KM chun dul thar bráid Stáisiúin Órán Mór mar chuid díobh, chomh maith le hardán breise agus bonneagar gaolmhar 12 mhiliún)
2. Dearadh an ionaid áitiúil (féach faoi iamh) agus tailte laisteanas den stáisiún traenach lena n-áirítear dearadh mionsonraithe ar an ionad áitiúil, an carrchlós gaolmhar (atá ann cheana), (sonraí ailtireachta/innealtóireachta struchtúraí) agus plean tírdhreachaithe (d'úsáid phoiblí); (€300,000)
3. Staidéar ar Fhorbairt Dearaidh na dTíopeolaíochtaí chun an Creatphlean Uirbeach a chur chun feidhme (€75,000)

Le linn 2022 i measc na ngníomhartha bhí:

Ullmhaíodh agus aontaíodh an Struchtúr Rialachais le hIarnród Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Ullmhaíodh agus aighníodh Dréachtchás Gnó Pleanála le cur faoi bhráid na Roinne lena athbhreithniú.

Doiciméid Tairisceana a ullmhú chun a) Ionad Áitiúil a Dhearadh; b) Struchtúr Carrchlóis Ilstórach a dhearadh (sonraí innealtóireachta ailtireachta/struchtúraí) agus c) Plean Tírdhreachaithe (d'úsáid phoiblí).

Doiciméid Tairisceana a ullmhú do Staidéar Tíopeolaíochta – Treoirínite don Dearadh agus Doiciméid Tairisceana a ullmhú.

CÁIN AR THALAMH CHRÍOSAITHE CHÓNAITHE (RZLT)

Tugadh Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (RZLT) isteach san Acht Airgeadais 2021 agus san Acht Comhdhlúite Cánach 1997. Tá feidhm ag RZLT do thalamh seirbhísithe críosaithe atá oiriúnach d'fhorbairt chónaithe ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2022. Cuireadh de chúram ar Údarás Áitiúla léarscáil a ullmhú a thaispeánann tailte laistigh dá limistéar feidhme a chomhlíonann na critéir

ábhartha laistigh de raon feidhme RZLT. I gcaitheamh 2022, d'ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Dréacht-Léarscáileanna chun talamh a aithint laistigh den réim feidhme.

Bhí Dréacht-Léarscáileanna Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe ar fáil don phobal ón 1/11/22-01/1/23.

Fuarthas 51 aighneacht le linn na tréimhse aighnithe poiblí.

AN TIONSCNAMH PÍOLÓTACH UM SHONRAÍ SPÁSÚLA PLEANÁLA A GHABHÁIL

Glacadh páirt sa Tionscnamh Píolótach um Shonraí Spásúla Pleanála a Ghabháil leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo na Sonraí Spásúla go léir laistigh den chontae a ghabháil.

AN RANNÓG BAINISTÍOCHTA FORBARTHA

Tá scéim phíolótach na nIarratas Pleanála ar Líne curtha i gcrích ag Comhairle Chontae na Gaillimhe trí úsáid a bhaint as an Tairseach Náisiúnta. Tá breis is 70% d'Iarratais á gcur isteach tríd an Tairseach Náisiúnta agus tá aiseolas an-dearfach faighte againn ó ghníomhairí ábhartha. Forbraíodh an Tairseach ar mhaithe le hAighneachtaí agus modúil Chuid 8 a tháinig i bhfeidhm le linn 2022, agus tá sé fós á leathnú amach go náisiúnta le hÚdaráis Áitiúla eile timpeall na tíre.

- Cuireadh 2,606 Iarratas Pleanála i láthair na hOifige Pleanála in 2022, astu siúd ba ríomhchomhaid 1,337 díobh agus comhaid pháipéir 1,269 díobh.
- Rinneadh 2,036 cinneadh Pleanála in 2022.
- Fuarthas €844,582.92 i dTáilí Pleanála in 2022.
- Cuireadh 77 Iarratas ar Dhearbhu Forbartha Díolmhaithe i láthair na hOifige Pleanála in 2022.

Cruinnithe Réamhpleanála Mórforbairtí/Forbairtí Mórscála Chónaithe/Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha

2022	
Total Major Preplanning Meeting	20
Follow Up Major Preplanning Meetings	2
LRD Meetings	1
SHD Meetings	2
Total	25

BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Is é polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná a chinntiú go gcloífear le Cead Pleanála agus go ndéanfar Forbairt Neamhúdaraithe a chosc i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

Líon na ngearán a fuarthas in 2022	225
------------------------------------	-----

Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh	82
Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh	59
Líon na gcásanna nua a atreoraíodh chuig an Dlí Gníomhaire agus Aturnaetha seachtracha le haghaidh imeachtaí Achoimre	21

RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Comhlíonann an fhoireann Rialaithe Foirgníochta na dualgais seo a leanas i gcomhar le Comhlachtaí Reachtúla eile.

- (a) Fógraí Tosaithe/Fógraí 7 Lá a bhailíochtú agus a chlárú tríd an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta
- (b) Iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteáin agus ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas tríd an tSeirbhís Dóiteáin a phróiseáil
- (c) Comhairle ar chur ar Dhearthóirí / Deimhnitheoirí sannta i dtaca le fadhbanna comhlíontachta leis na Rialacháin Foirgníochta 1997,
- (d) An Deimhniú um Chomhlíonadh a bhailíochtú agus a chlárú i ndiaidh go gcomhlánaítear é
- (e) An Clár Reachtúil a Chothabháil,
- (f) Oibreacha foirgníochta atá ar siúl a imscrúdú i dtaca leis na Rialacháin Foirgníochta 1997 a chomhlíonadh, agus forfheidhmiú a dhéanamh de réir mar is gá.
- (g) A chinntiú go gcloíonn Táirgí Foirgníochta le Rialacháin an AE (Táirgí Foirgníochta) 2013 (I R Uimh. 225 de 2013) i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus um Fhaireachas Margaidh.
- (h) A chinntiú go gcloíonn Deimhnithe um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh le Rialachán an AE (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (IR Uimh. 243 de 2012)

FÓGRAÍ TOSAITHE DO 2022

Uimhir	Stádas ar BCMS
780 líon na.	Stádas 'Iomlán' ag Fógra Tosaithe ar an BCMS: (732 líon na. bhFógraí Tosaithe Bailí agus 8 líon na. bhFógraí Tosaithe Neamhbhailí)

CAOMHNÚ AILTIREACHTA

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag obair chun an reachtaíocht reachtúil a leagadh amach i gCuid IV d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, a fhorálann do chosaint na hoidhreachta ailtireachta, ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Mar chuid de seo, tá comhairle a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí reachtúla, pobail áitiúla, agus d'úinéirí agus áititheoirí foirgneamh a bhfuil fiúntas ailtireachta speisialta acu.

Lean an tAonad Caomhnuithe uirthi in 2022 ag spreagadh feasachta i dtaca le foirgnimh stairiúla, áiteanna agus leis na scileanna agus ábhair thraidisiúnta atá riachtanach le cinntiú go mairfidh siad san am atá romhainn. Cuireadh dea-chleachtas scileanna caomhnaithe agus traidisiúnta chun cinn trí thionscnaimh caomhnaithe éagsúla, agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus grúpaí pobail chun a chinntiú go gcaomhnófaí foirgnimh thraidisiúnta ar díol sainspéise iad.

Glacadh cur chuige comhoibríoch chun comhfhorbairt áite a chur chun cinn i measc pobal áitiúil chun ár mbailte agus sráidbhailte a fheabhsú mar áiteanna chun cónaí iontu, cuairt a thabhairt orthu agus a bheith ag obair iontu.

Seo a leanas na bunghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2022:

- Aithníodh, luacháladh struchtúir, grúpaí struchtúr, áiteanna agus gnéithe eile a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta acu, agus tugadh comhairle fúthu, agus cuireadh comhairle ar úinéirí agus áititheoirí struchtúr stairiúil i dtaca le dea-chleachtas agus i dtaca leis an gcabhair atá ar fáil, cabhair airgeadais san áireamh, chun a leithéid a chaomhnú.
- Comhairliúcháin réamhphleanála agus comhairle tugtha ar chaomhnú ailtireachta laistigh den údarás áitiúil agus ar na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla.
- Struchtúir mheasúnaithe ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála uathu agus comhairle réamhphleanála a chur ar fáil d'úinéirí/áititheoirí. Tuairisc agus comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a thagann saincheisteanna oidhreachta ailtireachta chun cinn.
- Rinne sé monatóireacht ar staid deisiúcháin na struchtúr ar an RPS, agus de réir mar is gá, rinne sé moltaí maidir leis an ngá, más ann dó, go ndéanfadh an t-údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin.
- Rinneadh imscrúdú agus measúnú ar struchtúir lena gcur san áireamh ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta
- Rinneadh measúnuithe Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA), diméin stairiúla san áireamh.
- Coinníodh bunachar sonraí an Chórais Fardail Ailtireachta (AIS) de struchtúir chosanta i gcomhar leis an rannóg Chóras Faisnéise Geografaí (GIS).

- Cuireadh ionchur i gcaibidlí ábhartha den athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae.
- Idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligi.
- Idirchaidreamh le pobail áitiúla agus le comhlachtaí forbartha turasóireachta maidir le Bailte Slachtmhara.
- Teagmháil le ICOMOS Ireland
- Rannpháirtí ar Fhoireann Éire Ildánach.

CISTE NA STRUCHTÚR STAIRIÚIL 2022

Déanann **Ciste na Struchtúr Stairiúil** infheistíocht i bhfoirm caipitil riachtanaigh inár n-oidhreacht thógtha luachmhar agus cabhraíonn sé le húinéirí agus le caomhnóirí na struchtúr chun iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail éagsúla agus don phobal trí chéile.

Seo a leanas príomhaidhmeanna an chiste seo:

- oibreacha caomhnaithe atá ar scála níos mó **a chumasú** ar struchtúir oidhreachta a mheastar a bheith suntasach agus a bhfuil géarghá acu le tacaíocht.
- athghiniúint agus athúsáid maoine oidhreachta **a spreagadh** agus cabhrú le cinntiú go ndéanfar struchtúir chosanta agus/nó sócmhainní suntasacha stairiúla/cultúrtha a chaomhnú
- **Tacú** le hinfeistíocht caipitil phríobháidigh sna tionscadail diansaothair chun struchtúir stairiúla atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach a chaomhnú d'úsáid phoiblí.

Spreagann an Roinn tionscnóirí tionscadal chun gné oiliúna faoi scileanna traidisiúnta a ionchorprú sa tionscadal.

Cuireann Ciste na Struchtúr Stairiúil cistiú caipitil ar fáil d'oibreacha ar struchtúir cháilitheacha lena n-áirítear an liosta seo a leanas:

(i) Struchtúir Chosanta: Struchtúir atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) de chuid gach Údarás Áitiúil.

(ii) Struchtúir atá incháilithe don RPS ach nach bhfuil faomhadh foirmiúil faighte acu go fóill le go gcuirfear san áireamh iad. Ní mór do struchtúir den chineál sin na critéir a chomhlíonadh le go gcuirfidh an tÚdarás Áitiúil san áireamh iad ar an RPS, i.e. ní mór gur díol sainspéise iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla de;

(iii) Struchtúir nó oibreacha atá laistigh de Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACAnna), nó laistigh de shaoráid Séadchomhartha Náisiúnta, áit ina bhfuil imthosca eisceachtúla i bhfeidhm.

Cill Éinde An Spidéal, deisiúcháin ar shaoirseacht agus díon

MAOINIÚ FAOI CHISTE NA STRUCHTÚR STAIRIÚIL 2022

UIMH. THAGARTHA: HSF 22/01 Sruth Dúchasach

STRUCHTÚR: Keane's Thatch, Mearaí, Órán Mór, Co. na Gaillimhe

OIBREACHA: Deisiúcháin ar thosach agus ar chúl na tuí

ÍOCTHA: €7,695.00



UIMH. THAGARTHA: HSF 22/03

STRUCHTÚR: Séipéal Naomh Peadar agus Pól, Baile Mhic an Bhaird, Béal Átha na Sluaighe

OIBREACHA: Deisiúcháin & athchóiriú ar 5 fhuinneog gloine daite.

ÍOCTHA: €35,000.00



Gloine scoilte, luaidhe na fuinneoige lofa, alga ag fás mar gheall ar uisce ag teacht isteach



Cuireadh gloiniú stoirme isteach.

UIMH. THAGARTHA: HSF 22/04

STRUCHTÚR: An Séipéal Nua-Ghotach, Mainistir na Coille Móire, Conamara H91 VR90

OIBREACHA: Gáitéir/fánphíobáin iarainn teilgthe a dheisiú/athrú

ÍOCTHA: €50,000.00



Tour, Workshop

Conservation Tour, The Gothic Church, Kylemore Abbey

Wednesday, October 5, 2022

10:20 16:20



Oiliúint chaomhantais mar chuid d'fhéile Architecture ag an deireadh



SCÉIM INFHEISTÍOCHTA DON OIDHREACTH THÓGTHA 2022

Tá sé mar aidhm ag an **Scéim Infheistíochta don Oidhreacth Thógtha** infheistíocht caipitil phríobháidigh a spreagadh i roinnt tionscadal beagscála, diansaothair, chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le gairmithe, ceardaithe agus saoir chaomhnaithe a fhostú atá oilte agus a bhfuil taithí acu. Ceapadh an scéim chun cabhrú le húinéirí/áititheoirí struchtúr cosanta.

Leithdháileadh €126,400 ar Chontae na Gaillimhe rud a leithdháileadh ina iomláine ar 14 thionscadal, lena n-áirítear díon tuí a chur ar thithe, cinn slinne a dheisiú, saifhuinneoga agus gloine dhaite a dheisiú, ar fud an chontae rud a chur fostaíocht ar fáil do shaoir oilte, agus do chomhairleoirí proifisiúnta a phléann le caomhantas foirgneamh.

Tábla ar mhaoiniú faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacth Thógtha 2022

Uimh Thagartha	Struchtúr	Oibreacha	Íochta
BHIS 22/01	Eaglais Phreispitéireach, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe	Fuinneoga a athchóiriú	€5,378.00
BHIS 22/02	Teach Ceann Tuí, Cathair Ghabhann, Baile Chláir	Deisiúcháin ar dhíon tuí	€5,000.00
BHIS 22/03	Séadchomhartha Uí Cheallaigh, Cill ar Ghualainn, Béal Átha Ghártha.	Deisiúcháin agus athchóiriú ar ráillí	€2,500.00
BHIS 22/04	Teach Cónaithe Ceann Tuí, Lísín an Óráin, Corr an Tulaigh	Deisiúcháin ar dhíon tuí	€5,000.00
BHIS 22/05	An tSean-Bheairic, An Phríomhshráid, Uachtar Ard.	Atógáil Balla 70m	€8,000.00
BHIS 22/07	Teach Clareville, Uachtar Ard	Gáitéir iarainn teilgthe a chur ar ais, simléar a dheisiú	€15,000.00
BHIS 22/09	Teachín ceann tuí, Cnoc Óráin, Órán Mór	Deisiú fuinneog	€5,000.00
BHIS 22/10	Teach an Leasa Bhig, Dún an Uchta, Béal Átha na Sluaighe	Deisiú fuinneog	€7,625.00

BHIS 22/11	Mainistir na Slánaitheorach, An Eiscir, Cill Tulach, Baile Átha an Rí	Doirse agus fuinneoga a dheisiú	€9,250.00
BHIS 22/12	Teach Cónaí Ceann Tuí, Bun an Tobair, Corr an Tulaigh	Díon Tuí a chur ar Theach arís	€5,000.00
BHIS 22/13	Teach na gCreag, na Creaga, Co. na Gaillimhe	Deisiú fuinneog	€2,505.00
BHIS22/14	Sean-Áit Chónaithe na Múinteoirí, An Léim Thoir, Sraith Salach OP	Slinnte dín a athrú	€15,000.00
BHIS 22/15	Beairic an RIC, Sráid Sheirse, An Gort	Deisiú dín	€8,000.00
BHIS 22/19	An Teachín, An Chéibh, Droichead an Chláirín	Deisiúcháin ar dhíon tuí	€7,000.00
BHIS 22/21	Séipéal Bhréanainn, Baile na Coille, Eanach Dhúin	Deisiú fuinneog	€15,000.00
BHIS 22/22	Teach Stabhlainne, Dún an Uchta, Béal Átha na Sluaighe	Ballaí a dheisiú timpeall an úlloird	€2,750.00
BHIS 22/23	Teach Cónaithe, Cluide, Corr an Tulaigh	Deisiú fuinneog	€675.00
BHIS 22/27	Teach na Gléibe, Cathair Cheallaigh, Ard Raithin	Deisiú fuinneog agus ceann dorais	€7,217.00
IOMLÁN			€125,900

Cathair Ghabhann, Baile Chláir, Contae na Gaillimhe



Clareville, Uachtar Ard



Bun an Tobair, Corr an Tulaigh





Teach Stabhlainne, Dún an Uchta





Iar-Eaglais Phreispitéireach Bhéal Átha na Sluaighe



SÓCMHAINNÍ STAIRIÚLA

Oibríonn an grúpa Sócmhainní Stairiúla ar bhealach trasrannach laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun foirgnimh atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil is atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta nó foirgnimh shuntasacha atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta a bhainistiú go straitéiseach. In 2022, chuaigh an Oifig Caomhantais Ailtireachta i dteagmháil leis an bhfoireann athghiniúna i dtaca le hathchóiriú ar sheanteach na cúirte i bPort Omna, Hallaí an Bhaile i mBaile Locha Riach agus i dTuaim agus le hathghiniúint agus athchóiriú ar láir bailte.

FEASACHT A SPREAGADH

Thug Aonad Caomhantais Ailtireachta Chontae na Gaillimhe tacaíocht do **Architecture at the Edge** ceiliúradh deiridh seachtaine ar ailtireacht in Iarthar na hÉireann.

Agus sraith de chainteanna ar líne, turais, ceardlanna agus taispeántais mar chuid di, chuir an fhéile fáilte roimh dhaoine de gach aois ailtireacht thógtha a gcathrach agus a gcontae a fhiosrú. Spreagann Architecture at the Edge díospóireachtaí ar chaighdeán dearaidh uirbigh, pleanáil agus inbhuanaitheacht trí rannpháirtíocht an phobail i sraith imeachtaí éagsúla in 2022.

FOR ITS 6TH EDITION, ARCHITECTURE AT THE EDGE INVITED ARCHITECTS, ARTISTS, ACADEMICS, ACTIVISTS AND OTHERS TO SUBMIT PROJECTS, PRACTICES AND PERSPECTIVES TO CONTRIBUTE TO THE FESTIVAL AIM: TO SHOWCASE ARCHITECTURAL PROJECTS THAT ARE CONCEIVED THROUGH 'ACTS OF REPAIR'.

Le maoiniú ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus **Éire Ildánach**, thug an tAonad Caomhantais tacaíocht do ghrúpa baile agus sráidbhaile beag ICOMOS *Baile* agus do ghrúpa Forbartha Bhoirne Íochtar dul i dteagmháil le húinéirí tithe i lár an bhaile chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i struchtúir a tógadh go traidisiúnta i lár an bhaile stairiúil.



An Gort - áit níos inbhuanaithe le cónaí agus obair ann

In 2022, rinneadh iniúchadh mionsonraithe ar sheanbhairic an RIC i mbaile AN GHOIRT



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Éire Ildánach

Coimisiúnaíodh bróisiúr agus scannán chun an teach ceann tuí deireanach atá fágtha ar Inis Oírr a cheiliúradh, **Seanteach Phetie: An Teach Ceann Tuí Deireanach ar Inis Oírr le Tomás Ó Loingsí** i gcomhar le Cleas agus Comhar Caomhán teoranta Inis Oírr



SRUTH 3		
Tagairt: Líon. Comhairle Chontae na Gaillimhe CMF22-2-1-GA005	Struchtúr: Reilig Naomh Muire Bhaile Átha an Rí	Íoctha: €14,940.20

Naomh Muire, Baile Átha an Rí Plean Bainistíochta Caomhantais d'oibreacha caomhantais ar bhallaí teorann na reilige le hionchur ó ailtire caomhantais, innealtóir, éiceolaí agus seandálaí.



Le linn 2022, lean Oifig Oidhreachta na Comhairle Contae lena cuid oibre chun feasacht, eolas agus tuiscint ar oidhreacht shaibhir agus ar bhithéagsúlacht chontae na Gaillimhe a chur chun cinn.

Oibríonn an Oifig Oidhreachta chun suim, oideachas, eolas agus mórtas in oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Seo a leanas roinnt de na tionscadail ar tugadh fúthu in 2022:

TOBAR BEANNAITHE AN CHEANTAIR

Tá do chúnamb ag teastáil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta i gcomhar le IFA na Gaillimhe.

Táimid ag bailiú eolais faoi toibreacha beannaithe i gCeantair Bhardsacha Thama agus Bhaile Átha an Rí/Órán Mór.

MY LOCAL HOLY WELL

Galway County Council and the Heritage Council in partnership with Galway IFA need your help.

We are collecting information about holy wells in the Municipal Areas of Tuam and Athenry-Oranmore

● An bhfuil aon eolas agatsa faoi aon tobar beannaithe i do cheantarsa?

● An mbíonn lá pátrúin ar siúl gach bliain ag an tobar?

● Cén uair a dtugann daoine cuairt ar an tobar?

● An bhfuil aon seanchas agat faoin tobar?

Seolaigh bhur gcuid scéalta, taithí agus grianghraf ar ríomhphost chuig galwayholywells@gmail.com

● Have you any information about your local holy well?

● Is there an annual pattern day at the well?

● When do people visit the well?

● Do you know any stories about the well?

Please send your stories, experience and photos to galwayholywells@gmail.com

Iníúchadh ar Thoirreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe
Gníomh de chuid Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022

The Audit of the Holy Wells in the County of Galway
An action of Galway County Heritage & Biodiversity Plan 2017-2022

1. Iníúchadh ar na Toibreacha Beannaithe 2022

Cuireadh tús leis an Iníúchadh ar na Toibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe, chun an oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú agus a thiomsú i dtaca leis an gcuid luachmhar seo dár n-oidhreacht dothadhaill. Tá baol ann go gcaillfear faisnéis i dtaobh ár dtoibreacha beannaithe mar gheall go mbaineann an bonn eolais le glúin atá anois sine den chuid is mó, agus go bhfuil brú forbartha ar na toibreacha, imréiteach talún san áireamh.

Tá sé beartaithe an tIníúchadh a dhéanamh ar bhonn céimnithe, mar gheall ar leithne gheografach an Chontae agus ar líon na dtoibreacha a taifeadh (Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna – Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta) agus cinn eile a d'fhéadfadh nár taifeadh. Baineann Taighde Allamuigh úsáid as an gCeantar Bardasach mar aonaid gheografacha.

I gCéim a hAon (2020) díriodh ar mhodheolaíocht dhigiteach bailithe sonraí allamuigh a bhí cuimsitheach agus a sheasfadh an aimsir a fhorbairt chomh maith le bunchar sonraí inchuadaithe chun faisnéis a stóráil agus a scaipeadh agus chun faisnéis bhonnlíne a

bhailiú ar na toibreacha beannaithe taifeadta sa chontae, trí úsáid a bhaint as taighde deisce agus comhairliúchán leis an bpobal.

I gCéim a Dó (2021) díriodh ar na toibreacha beannaithe i gCeantair Bhardasacha Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe. I gCéim 3 (2022) iniúchadh na toibreacha i gCeantar Thuama agus Bhaile Átha Rí/Órán Mór. Go dtí seo, tá iniúchadh déanta ar 132 tobar beannaithe.

2. Leabhair Oibre, Físeáin agus Podchraoltaí Oidhreachta Geolaíochta Dátheangacha don Teastas Sóisearach

Cuireadh tús leis an gcúrsa nua Tíreolaíochta don Teastas Sóisearach in 2018 le measúnuithe rangbhunaithe (CBAnna) ar thíreolaíocht áitiúil. Tá acmhainní ilghnéitheacha d'ardchaighdeán ag teastáil ó mhúinteoirí agus mic léinn chun freastal ar na riachtanais foghlama agus teagaisc. Tá easpa acmhainní oideachais ann i nGaeilge agus rachaidh an meascán seo de leabhar oibre, podchraoltaí agus físeáin dhátheangacha a úsáideann samplaí áitiúla d'fhonn tíreolaíocht agus geolaíocht chasta a mhíniú go mór chun sochar phobal na scoile. Is féidir na hacmhainní seo a bheith mar theimpléad do chontaetha eile le húsáid. D'fhorbair Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal seo i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus is é Comhairle Chontae na Gaillimhe, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta a mhaoinigh é.

3. Tionscadal chun Mapáil Dhigiteach a Dhéanamh ar Reiligí 2022



Sampla den aschur a ghabh Ladrann Mhainistir Bhaile Átha an Rí.

An Oifig Oidhreachta a d'fhorbair an tionscadal seo i gcomhar le Rannóg GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is í aidhm an tionscadail seo ná tacú lenár bpobail nasc a dhéanamh lena stair trí fhoinsí sonraí luachmhara a chur ar fáil mar shonraí foinse oscailte a bheidh saor in aisce le húsáid do chách.

Fuarthas ladrann agus cianrialaitheoir agus tá oiliúint ladrainn críochnaithe ag an Oifigeach GIS. Úsáideadh an ladrann chun suirbhéireacht a dhéanamh ar dhá reilig go dtí seo agus cruthaíodh táirgí íomháineachais óna úsáid i Suirbhéanna Reilige.

Dearadh agus forbraíodh iarratas nua ar Chuardach Reilige agus i láthair na huaire atá sé ag an gcéim tástála inghlacthachta úsáideoirí. Tá trí phríomhghné ag an iarratas a chuirfidh ar chumas an úsáideora phoiblí:

- Adhlactha a chuardach
- Sonraí adhlactha a íoslódáil (Sonraí Oscailte)
- Féachaint ar Staitisticí Adhlactha agus idirghníomhú leo.

Beidh an t-iarratas seo ar fáil trí shuímh idirlín Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Oidhreacht Phobail na Gaillimhe, agus is féidir cód a chur ar fáil chun é a chomhtháthú le suímh idirlín ar mhaith leo.



Tá oiliúint agus tacaíocht á gcur ar fáil do ghrúpaí pobail agus oidhreachta áitiúla i dtaca le conas suirbhéanna a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an aip Suirbhéireachta Reilige shoghluaiste a d'fhorbair an Chomhairle. Tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag rannóg GIS na Comhairle. Críochnaíodh 20 suirbhé reilige aonair (thar ar 5000 uaigh) go dtí seo agus cuirfear iad ar fáil san iarratas ar Chuardach Reilige nuair a sheolfar é. Éascaíodh 15 eile agus tá sé ar siúl faoi láthair.

4. Clár Oibreacha Caipitil Bhallaí Bhaile Átha an Rí 2022



Is codanna ríthábhachtach de dhaingnithe meánaoiseacha Bhaile Átha an Rí an Túr Thiar Theas agus an Ball Theas. Tá an balla múrtha ar cheann de na samplaí is iomláine dá chineál atá ar fáil in Éirinn, ach tá deisriocht measctha ar an gcuid atá fós ar marthain. Deisíodh 500 méadar san iomlán de bhalla an bhaile, Túr an Gheata Thuaidh, an Túr Thiar Thuaidh, an Teach Garda agus an Túr Thoir Theas in ocht gcéim ó 2008. Sa bhaile, tá beagnach 1.5 ciliméadar ann fós den bhalla bunaidh, a bhí 2.5 ciliméadar ar fad tráth den saol. Is Séadchomhartha Náisiúnta é an baile, agus tá sé, in éineacht leis an gcuid eile den bhaile sa Taifead Séadchomharthaí agus ar Áiteanna (uimh. thag. RMP. GA084-001) agus mar gheall air sin tá siad faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 – 2004. Is Déanmhas Cosanta iad ballaí an bhaile agus cabhraíonn siad le méid Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhaile Átha an Rí a theorannú.

In 2022, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le Balla Bhaile Átha an Rí a dheisiú sa bhabhta seo de dheisiúcháin éigeandála ar an mball theas. An Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe a mhaoinigh an obair.

5. Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe

Lean Seandálaí Pobail na Gaillimhe ag spreagadh feasachta, agus ag cur eolais agus tuisciana ar ár n-acmhainn ilghnéitheach seandálaíochta chun cinn i measc daoine aonair agus grúpaí pobail sa chontae agus ag cur dea-chleachtas oidhreachta chun cinn i dtaca le taighde agus oibreacha a dhéanamh a bhaineann le hoidhrecht seandálaíochta.

For-rochtain Phobail

Cuireann Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe feasacht, eolas, agus tuiscint chun cinn ar ár n-acmhainní seandálaíochta. Cuirtear comhairle agus treoir ar fáil do dhaoine aonair, sainchomhairleoirí, agus comhlachtaí rialtais ar bhonn laethúil trí chomhráite teileafóin, ríomhphoist agus tairseacha ar líne. Táirgeadh roinnt físeán gearr atá dírithe ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara agus Pobail chun comhairle a chur orthu i dtaca leis an

tseandálaíocht a chur chun cinn sa phobal trí úsáid a bhaint as teicnící nua-aimseartha inbhuanaithe agus as an idirlíon. Leanfaidh mé orm ag cruthú comhpháirtíochtaí idir daoine, pobail, institiúidí acadúla, CHG, eagraíochtaí neamhrialtais, eagraíochtaí feirmeoireachta agus an t-údarás áitiúil.

Comhdháil Grúpaí Cartlainne, Pobail agus Oidhreachta 2022

Bhí seastán ag Lónra Thionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe, mar chuid de Chartlann Phobail na hÉireann, ag an gComhdháil. Ócáid luachmhar a bhí ann chun teagmháil a dhéanamh le pobail agus iad a chur ar an eolas faoi ról Sheandálaí Pobail Chontae na Gaillimhe. Tionóladh an chomhdháil in OÉ Gaillimh agus is iad Bailiúcháin Speisialta, Leabharlann Hardiman, OÉ Gaillimh, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann a reáchtáil í. D'fhreastail Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Oidhreachta uirthi



B. Doherty, Seandálaí Pobail Chontae na Gaillimhe, Virginia Teehan, POF na Comhairle Oidhreachta agus Martina Malone, Cathaoirleach a Comhairle Oidhreachta ag Comhdháil Grúpaí Cartlainne, Pobail agus Oidhreachta 2022 in OÉ Gaillimh

For-rochtain Iomaí

Tugadh cuireadh do Sheandálaí Pobail na Gaillimhe freastal ar chruinniú ar an gCladach Dubh chun cabhrú le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta eolas a chur ar fáil faoi imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ar Oileáin Iomaí. Arna thabhairt ag Michael McDonagh, Príomhsheandálaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, cuireadh ról an tSeandálaí Pobail in iúl do gach duine a bhí i láthair. Táimid ag obair faoi láthair le grúpa daoine áitiúla chun grúpa oidhreachta a chur ar bun agus chun cabhrú le plean gnímh a chur i bhfeidhm don oileán trí chéile. Is í Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta atá i gceannas ar an ngrúpa stiúrtha seo, le tacaíocht ón Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Mar thoradh air, bhuail an Seandálaí pobail le daoine áitiúla agus sealbhóirí coimín chun na buntáistí a bhaineann le suirbhé/plean bainistíochta Uile-Éireann a mhíniú dóibh agus chun a n-ábhair bhuartha a chur ar aghaidh chuig gach comhlacht rialtas atá bainteach leis. Táthar ag súil go

bhféadfar maoiniú a fháil chun plean bainistíochta uile-oileáin a ullmhú sna blianta beaga atá romhainn.

Grúpa Oidhreachta Chaladh na Muc – Sábháil ár gCillíní

Reáchtáladh oíche faisnéise agus cur i láthair plean bainistíochta do thrí chillín ar an 28 Meán Fómhair, 2022, in Ionad Eachaíochta an Obhair, Caladh na Muc, sna sála ar shuirbhé éiceolaíochta a rinne mac léinn agus “glantachán” a rinne daoine áitiúla a bhí faoi mhaoirseacht seandálaithe. Thug Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe tacaíocht don mhac léinn lena cuid fiosruithe i dtaca le tionchair Sheandálaíochtaí agus in ainneoin gur dhírigh sé ar an ngnáthóg nádúrtha agus ar fhiadhúlra, chuir an cur i láthair i dtábhacht an bealach ina n-oibríonn seandálaithe agus éiceolaithe le chéile agus ina roinneann siad eolas agus taithí lena chéile le linn gach cineál oibreacha ag láithreáin agus ag séadchomharthaí. Bhí freastal maith ar an ócáid seo ó dhaoine áitiúla, mic léinn, agus réimse breá ionadaithe ó ghrúpaí oidhreachta eile.



Cur i láthair Sábháil ár gCillíní ag Ionad Eachaíochta an Obhair, Caladh na Muc, Mí Mheán Fómhair 2022

Tionscadail maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta

D'éirigh le hOidhreachta Mhuine Mheá, Oidhreachta Chill Chúile agus Grúpa Forbartha Pobail Ghlinisce ina n-iarratais ar mhaoiniú a fháil dá bpleananna Bainistíochta Caomhantais agus oibreacha caipitil ag séadchomhartha seandálaíochta ina bpobail. Tá treoir maidir le hiarratais a ullmhú, meastacháin chruinne a fháil ó ghairmithe ábhartha, agus comhairle a chur agus tráchtanna a dhéanamh ar dhréachtphleananna bainistíochta caomhantais agus tuairiscí riachtanach chun an t-ardchaighdeán a bhfuil na húdaráis mhaoinithe ag súil leis a chleachtadh. Tá

sé ríthábhachtach cabhrú le hÓcáidí Sheachtain na hOidhreachta, speisialtóirí a fháil agus comhairle a chur ar chomhairleoirí ar an láthair chun na tionscadail a sholáthar in am.



Seatanna a tógadh roimh an obair agus ina diaidh den bhinn thoir ag Mainistir Bhaile na Cille, Glinsce, Contae na Gaillimhe a fuair maoiniú ón gComhairle Oidhreachta in 2021 & 2022.

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Cuireadh aon Tionscadal Déag ó Ghailimh san iomlán ar aghaidh chun Cistiú na Séadchomharthaí Pobail a fháil. Ag obair leis an Oifigeach Oidhreachta i dtaca leis na hiarratais a riar, na hiarratais a mheas le cuairteanna ar láithreáin, teagmháil le grúpaí pobail, foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, foireann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus gairmithe oidhreachta éagsúla.

Ullmhaíodh cuairteanna ar láithreáin, ráitis mhodha agus iarratais ar dheontais chun tacú le hiarratais Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Chistí na Séadchomharthaí Pobail faoi Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. In ainneoin go raibh an tréimhse ama agus an sceideal an-chúng le haghaidh aighneachtaí, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe sciar suntasach den mhaoiniú.

Buntreoir d'Fhótagraiméadracht 3T

Reáchtáladh Buntreoir d'Fhótagraiméadracht i gColáiste Éinne, Cill Rónáin, Árainn i gcomhar le Comharchumann Forbartha Árann Teo. Ba í aidhm na hócáide ná daoine den mheon céanna laistigh den phobal a thabhairt le chéile chun suim a chothú i dtaca le láithreáin oidhreachta seandálaíochta ar an oileán, nach bhfuil an oiread sin cur amach orthu, a chur chun cinn. Mainistir Chiaráin go háirithe a folmhaíodh sna nóchaidí. Tá Sinéad Ní Ghabhláin ag obair faoi láthair ar a foilseachán faoi na tochailtí. Chuir sí fáilte roimh an bpobal páirt a ghlacadh ann chun a heolas ar láithreáin ghaolmhara a fheabhsú. Thug úinéir talún cuireadh do Sheandálaí Pobail na Gaillimhe cabhrú láithreán ar a thalamh a aithint d'fhonn é a chur chun cinn agus muintir na háite a chur ar an eolas faoi. D'éirigh go hiontach leis an lá mar thug an ócáid daoine den mheon céanna le chéile a bhí ag iarraidh traidisiúin a muintire a roinnt

Féach níos mó <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/introduction-to-photogrammetry>



Buntreoir d'Fhótagraiméadracht 3T, Ócáid Sheachtain Oidhreachta Inis Mór 2022 – Pobail áitiúla agus úinéirí talún a chumasú chun seilbh a ghlacadh ar a n-oidhreacht seandálaíochta féin.

Comhairleacht Seandálaíochta Phraiticiúil

Ag obair le grúpaí pobail, grúpaí oidhreacha, coistí na mbailte slachtmhara, agus grúpaí reilige, cabhraím le heolas a dhéanamh do dhea-chleachtas oidhreachta i dtaca lenár n-oidhreacht seandálaíochta a thairfeadh agus a chur chun cinn. Nuair a bhí sé infheidhme, chabhraigh mé le grúpaí Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta a chur ar an eolas faoi oibreacha a bhí beartaithe agus rinne mé obair mhonatóireachta ag tuairisciú ar na hoibreacha céanna.

Monatóireacht agus Tuairisciú Seandálaíochta

- Glantacháin laistigh de reiligí leanaí ag an bPáirc agus an tObhar, Caladh na Muc
- An fásra i Reilig Chill Chuimín, Uachtar Ard a bhaint, chun cabhrú le ladraínn scannánaíocht agus taifead a dhéanamh ar an reilig roimh Shuirbhé 123.
- Fógraí a thabhairt do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta as réimse leathan tionscnamh – cothabháil reilige, comharthaíocht agus suirbhéireacht reilige.

Cuairteanna ar Láithreáin - Ceisteanna Feirmeoireachta /Grúpa Pobail/ úinéirí talún /daoine aonair Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe 2022

Ceann de na príomhaidhmeanna atá againn ná a bheith ar fáil don phobal. Is féidir le ríomhphost nó glao teileafóin tú a thabhairt chuig aon chúinne den chontae in aon seachtain ar leith. Tá solúbthacht agus tiomantas den riachtanas don phost. Ráthaíonn sé seo do phobail agus do choimeádaithe go bhfuil tacaíocht ar fáil nuair atá gá léi agus iad ag plé leis na castachtaí a bhaineann le haire a thabhairt dár n-oidhreacht seandálaíochta. Sa chuid is mó de chásanna, bíonn cuairteanna leantacha agus/nó tuairisciú riachtanach. Cuimsíonn comhairliúcháin le comhlachtaí rialtais ábhartha Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Bonneagar Iompair Éireann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Teagasc, agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Samplaí de Chuirteanna ar Láithreáin 2022

- Inis Ní leacht cuimhneacháin i reilig a chur suas arís.
- Cuairt ar láithreáin reilige i Mainistir Ó gCormacáin agus Fionnúir i dtaca le mapáil reilige

- Goirtín - Cuairt ar Láithreáin - aimsíodh gnéithe seandálaíochta nár taifeadadh roimhe
- Reilig Chluain Bheirn + 5 Reilig Leanaí (tionscnamh mapála Reilige)
- Árainn – ceist ag úinéir talún faoi láithreán ar a thalamh agus Fótagraiméadracht 3T x 2 chuairt
- Séipéal agus Reilig Chill Chríost; Cuairt ar Láithreán agus cruinniú Zoom ar líne
- Ard-Chros Thuama – Iarratas ar Chistiú na Séadchomharthaí Pobail agus é a Fháil
- Séipéal agus Reilig Naomh Iarla, Tuaim x 2 chuairt Ceist i dtaca le maoiniú agus rannpháirtíocht na Scéime Fostaíochta Pobail chun reilig a chothabháil
- Muine Mheá - Maoiniú ón gComhairle Oidhreachta
- Reilig Chill Chuimín, Uachtar Ard – Mapáil Reilige, monatóireacht ar chothabháil reilige.
- Eaglais na hÉireann Ard Raithin – Ceist i dtaca le maoiniú agus rannpháirtíocht na Scéime Fostaíochta Pobail.
- Na Foraí Maola Thiar, Bearna – Ceist ag úinéir talún i dtaca le séadchomhartha ar thalamh feirme – nár taifeadadh. Teagmháil le Seandálaithe Bhonneagar Iompair Éireann Jerry O’Sullivan agus Martin Jones.
- Séipéal agus Reilig Leacaigh - Pobal ag iarraidh cúnamh i dtaca leis an séipéal a chothabháil
- Cloch Mhíle Ros Cathail – An pobal ag iarraidh go gcuirfí an Chloch Mhíle ar ais arís – Teagmháil le Seandálaí Bhonneagar Iompair Éireann Jerry O’Sullivan de dhíth.
- Coiste Reilig Willmount – Ceist i dtaca le mapáil reilige (Tacaíocht phroifisiúnta 5 Lá agus deonach 15 lá)
- Reilig Chill Chluaine, Béal Átha na Sluaighe – Ceist i dtaca le séipéal agus reilig a chaomhnú (Tacaíocht ó ghrúpa Deonach go dtí seo)
- Séipéal agus Reilig Cill Chuáin – Ceist i dtaca le leacht adhlactha agus fothrach séipéil a chaomhnú
- Reilige Chill Chua – An Cloigtheach ceist faoin eidhneán a bhaint.

6. Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí



Tháinig breis is cúig go leith míle duine go Féile Mheánaoiseach Bhaile Átha an Rí le linn Lá na mBailte Múrtha Dé Domhnaigh an 14 Lúnasa. I measc an lín sin bhí os cionn 70 Úcránach atá ag fanacht san Eiscir in aice láimhe. Bhí raon leathan gníomhaíochtaí ag an bhféile lae, atá ar an bhfód ó 2006, a tharraing aird ar thionchair na Angla-Normannach ar an mbaile meánaoiseach. Is iad na háiteanna inar reáchtáladh an ócáid ná Páirc Phobail Bhaile Átha an Rí, Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, Madden's Forge agus Caisleán Bhaile Átha an Rí.



Chur an fhéile ardán ar fáil do cheirdeanna réigiúnacha chun a gcuid ceardaíochta a léiriú agus chun deis a thabhairt do bhaill den lucht féachana a bheith ag plé leis na gníomhaíochtaí ceirde éagsúla. In éineacht leis seo bhí taispeántais ar éin chreiche, ealaíona, ceardaíocht, deiseanna chun boghdóireacht a thriail, stáisiúin cheardaíochta oiriúnach do pháistí, ceol meánaoiseach, damhsa agus seónna puipéad i measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar fáil.

7. Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach



D'éirigh go hiontach le Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a bhí ar siúl an deireadh seachtaine deireanach de mhí Iúil, agus mheall sé daoine áitiúla, cuairteoirí ó áiteanna éagsúla in Éirinn, an RA, an Astráil agus SAM chomh maith le cuid mhór den phobal Úcránach atá ag cur fúthu i mBaile Locha Riach agus san Eiscir. Bhí raon leathan gníomhaíochtaí ag an bhféile, atá ar an bhfód ó 2011, a tharraing aird ar thionchair na nAngla-Normannach ar an mbaile meánaoiseach. Is iad na háiteanna inar reáchtáladh an ócáid ná Leabharlann Bhaile Locha Riach, Iarsmalann Dheoise Chluain Fearta, An Halla Ólséanta, Faiche an Aonaigh agus Loughrea Hotel and Spa.

Bhí lá teaghlaigh spráúil ina raibh ealaíona, ceardaíocht, bia agus ceol sa Halla Ólséanta ar Satharn an 27ú lá. I measc na gceirdeanna bhí ciseadóireacht, sníomh, ceardaíocht tuí agus coirníneacht, agus bhí taispeántais puipéad ag Custard Pie (Lambert Puppets) rud a chuir na baill is óige den lucht féachana faoi dhraíocht. D'fhill Cumann Ceardaíochta Bhaile Locha Riach, an Flea Circus, taispeántas cócaireachta le Noel Loughnane agus aíonna, agus Cumann Meánaoiseach Thrá Lí ar Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach chomh maith. Reáchtáil Giniúint Ceoil ceardlanna saor in aisce do pháistí, ina measc bhí “Ceol sa Nádúr”, ceardlann faoi amhráin a chumadh, SENergy – seisiún ceoil spráúil tarraingteach agus éagsúil a cuireadh in oiriúint do riachtanais agus suimeanna daoine óga a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. Reáchtáil siad chomh maith “Buntreoir do Dhramh-chnaguirlisíocht” i bhFaiche an Aonaigh, áit inar tugadh an deis do pháistí uirlisí ceoil a dhéanamh as roinnt earraí tí. Sheol an Comh. Michael ‘Moegie’ Maher, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe an ‘Loughrea Heritage Trail Brochure’ agus ‘Loughrea Children’s’ Medieval Activity book’ go hoifigiúil.



Ar an Domhnach an 28 Lúnasa, bhog na gníomhaíochtaí go dtí an Loughrea Hotel and Spa, áit ina raibh comhdháil saor in aisce ar siúl dar teideal ‘Ár Stair Mheánaoiseach a Aimsiú’. Thug an Dr. Kieran O’Conor caint an-léirsteanach ar “Chréifort Mhótacha in Éirinn le linn na Meánaoiseanna” agus thug an Dr. Yvonne McDermott léacht shuimiúil eile faoi na “Proinsiasaigh agus na Doimnicigh in iarthar Éireann le linn na meánaoiseanna deireanacha.” Phléigh an Dr. Nollaig Ó Muraíle “Baile Locha Riach agus an Ceantar Máguaird le linn na Meánaoiseanna” agus phléigh an Moinsíneoir Cathal Geraghty “Maighdean na nGael - Maighdean Muire Győr. An nasc idir Cluain Fearta agus Győr” Bhí an Dr. Ann Buckley ag caint ag an gcomhdháil freisin agus “Ceol Cráifeach ó Éirinn Mheánaoiseach a athaimsiú” faoi chaibidil aici agus labhair an Cft (Ar scor) Kevin McDonald faoi “Taobh leis an loch, Seandálaíocht na Lonnaíochta Locha agus an Tírdhreach Máguaird” Tugadh an leabhrán eagráin theoranta ar a léacht amach don lucht féachana ar an lá. Chun clabhsúr a chur leis an deireadh seachtaine, thóg Turoe & Guests an lucht féachana ar aistear ceoil foghlama le meascán bríomhar d’amhráin agus ceol ó gach aois i dtraidisiún Oirthear na Gaillimhe. Mar bhaill de Turoe, tá Ciarán Cannon, TD, Harry Monson, agus Val Broderick.

8. Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Cuireadh aon Tionscadal Déag ó Ghailimh san iomlán ar aghaidh chun Cistiú na Séadchomharthaí Pobail a fháil. Is éard a bhí i gceist leis an sruth maoinithe seo ná iarratais a riar, na hiarratais a mheas le cuairteanna ar láithreáin, teagmháil le grúpaí pobail, foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, foireann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus gairmithe oidhreachta éagsúla. Is é Seandálaí Pobail na Gaillimhe, an tOifigeach Oidhreachta,

agus Foireann na hOifige Oidhreachta agus foireann ó Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae na Gaillimhe a rinne an obair seo go príomha.

Ullmhaíodh cuairteanna ar láithreáin, ráitis mhodha agus iarratais ar dheontais chun tacú le hiarratais Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Chistí na Séadchomharthaí Pobail faoi Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. In ainneoin go raibh an tréimhse ama agus an sceideal an-chúng le haghaidh aighneachtaí, fuair Chomhairle Chontae na Gaillimhe sciar suntasach den mhaoiniú. Seo a leanas achoimre ar na tionscadail a maoiníodh agus ar na hoibreacha a rinneadh.



San áireamh sa chomharthaíocht ar Chiste na Séadchomharthaí Pobail tá Lógó na Comhairle Oidhreachta, Lógó Thionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe chun aitheantas a thabhairt dó, ní fhéadfaí iad seo a dhéanamh dá uireasa.

Céim 3 Mainistir Ó gCormacáin

D'éirigh le Coiste Reilige Mhainistir Ó gCormacáin arís ina iarratas chun oibreacha caipitil a mhaoiniú. Mar chuid de seo, bhí teagmháil leis an bpobal, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Speisialtóirí Caomhantais agus Seandálaithe. Tá an scéal is deireanaí faoi na hoibreacha uaslódáilte ar Shuíomh Idirlín Sheandálaíochta Pobail na Gaillimhe:

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/new-contributions/abbeygormacan-2>

Cluain Caoin Cairill

I ndiaidh Plean Bainistíochta Caomhantais a ullmhú in 2021, d'éirigh le Comhairle Pobail Ghoirtín Oibreacha Caipitil a mhaoiniú sa Séipéal agus sa reilig. Is é seo Céim 1. Uaslódálfar an scéal is deireanaí faoi na hoibreacha ar Shuíomh Idirlín Sheandálaíochta Pobail na Gaillimhe.

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/cmf21-galway-county/st-kerrills-abbey-cloonkeenkerrill>.

Scoil na mBard, Cill Chluaine, Baile an Mhuilinn

D'éirigh le Grúpa Oidhreachta Bhaile an Mhuilinn arís ina n-iarratas ar mhaoiniú Caipitil Oibreacha ag Túrtheach Chill Chluaine, Baile an Mhuilinn. Tá an suíomh seo faoi úinéireacht phríobháideach agus mar gheall go raibh teagmháil leis an úinéir talún cinntíodh go bhféadfaí oibreacha a dhéanamh chun an túrtheach seo a chaomhnú agus stop a chur le tuilleadh meatha air.

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/archaeology/castles/kilclooney-tower-house-2>

Tionscadal Digitithe Ard-Chros Thuama agus Ardeaglais Mhuire

D'éirigh leis an Old Tuam Society ina iarratas chun Ard-Chros Thuama agus an Áirse Rómhánúil in Ardeaglais Mhuire, Tuaim, a dhigitiú. Leis seo, cumasófar rochtain ar an Ard-Chros agus staidéir níos grinne ar an Áirse Rómhánúil trí shuíomh idirlín an Old Tuam Society. <http://oldtuamsociety.blogspot.com/2022/08/digitising-medieval-monuments-of-tuam.html>.


Plean Bainistíochta Caomhantais Chill ar Ghualainn

D'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe ina hiarratas chun Plean Bainistíochta Caomhantais a mhaoiniú do Shéipéal agus Reilig Chill ar Ghualainn, Béal Átha Ghartha. Cuirfidh sé seo Comhairle Chontae na Gaillimhe, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Bailte Slachtmhara agus Coiste na Reilige ar an eolas faoi dhea-bhainistíocht an tsuímh. Bhí roinnt fadhbanna ann i dtaca le hoibreacha a bhí á ndéanamh ar an suíomh ar bhealach ad-hoc gan bhainistíocht chuí agus gan mhaoirseacht chuí.

Séipéal agus Reilig Dhíseart Ceallaigh

D'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe ina iarratas chun Plean Bainistíochta Caomhantais a mhaoiniú do Shéipéal agus do Reilig Dhíseart Ceallaigh. Cuirfidh sé seo Comhairle Chontae na Gaillimhe, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Bailte Slachtmhara agus an t-airíoch reilige áitiúil ar an eolas faoi dhea-bhainistíocht an tsuímh. Tá an fásra san eaglais thar a bheith fiáin agus tá fadhbanna sábháilteachta ann i dtaca le cuid den tsaoirseacht atá ag titim anuas. Tá oibreacha ar siúl go leanúnach idir na páirtithe leasmhara ar fada i dtaca leis na fadhbanna a bhaineann le héagobhsaíocht agus sábháilteacht.

9. Foilseachán nua seolta Defying Terror: Jeremiah Mee, Glenamaddy and the Listowel Mutiny, 1920



Sheol an Comh. Peter Keaveney, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe an foilseachán dar teideal *Defying Terror: Jeremiah Mee, Glenamaddy and the Listowel Mutiny, 1920* ar Aoine an 6 Bealtaine 2022 ag 6pm in Ionad Oidhreachta Ghleann na Madadh, Baile Leathaird, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe



Is é Staráí Cónaithe Chontae na Gaillimhe, an Dr. Conor McNamara a scríobh an leabhar agus cuireadh amach é chun céad bliain ó tharla Ceannairc Lios Tuathail a chomóradh, ceannairc a raibh duine de bhunadh na Gaillimhe, Jeremiah Mee, i gceannas uirthi, nuair a

d'éirigh sé féin agus a chomrádaithe i mBeairic RIC Lios Tuathail as na póilíní in áit a mbeairic a thabhairt ar láimh chuig Fórsaí na Corónach i mí an Mheithimh 1920. Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe a chuir an foilseachán seo amach mar chuid dá straitéis chuimhneacháin do Dheich mBliana na gCuimhneachán, 2013- 23. Tréimhse ab ea na deich mbliana idir 1913 agus 1923 ina raibh athrú ar scála nach bhfacthas roimh cheana ar an tsochaí in Éirinn, agus tháinig athrú as cuimse ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon. Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tábhacht a bhaineann le ról dearfach agus réamhghníomhach a imirt maidir le ceiliúradh agus gníomhaíochtaí cuimhneacháin a stiúradh thar na deich mbliana a léiríonn agus a fhiosraíonn imeachtaí a bhain le Contae na Gaillimhe.

10. Comhdháil Theacht na mBocht 47 an Bhróin



Reáchtáil Ionad Theach na mBocht i bPort Omna comhdháil dar teideal 47 an Bhróin. Bhí roinnt léachtóirí ardphróifíle ag an gcomhdháil seo agus chomóir sí 175 bliain ó bhí an Gorta Mór ann. Thug Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht di.

11. Tionscnaimh Dheich mBliana na gCuimhneacháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Seo a leanas liosta de thionscnaimh a thug an Oifig Oidhreachta faoi in 2022:

Staráí Cónaithe 2022

Ba í aidhm na cónaitheachta seo ná muintir na Gaillimhe sa bhaile agus thar lear a spreagadh chun cuimhneamh ar ár stair chomhroinnte agus chun machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí a mhúnlaigh sinn. Tá sé mar aidhm aici deis a thabhairt dúinn an-chuid scéalta eile ón tréimhse a aimsiú agus a fhiosrú, a nochtann conas a fhíonn ár saolta isteach ina chéile, agus sinn ag cuimhneamh siar ar na hamanna sin. Aidhm eile na cónaitheachta seo is ea béim láidir a leagan ar rannpháirtíocht i nDeich mBliana na

gCuimhneachán in 2022 a spreagadh agus a chumasú. Ba é an Dr. Conor McNamara an Staráí Cónaithe in 2022.

“Garda Síochána Galway/Gaillimh 1922- 2022” Taispeántas Dátheangach



Rinneadh taispeántas dátheangach dar teideal *Garda Síochána Galway/Gaillimh 1922-2022* agus cuireadh ar taispeáint é i Músaem Cathrach na Gaillimhe.

Thug an taispeántas seo léargas ar bhunú an Gharda Síochána agus conas a d'fhorbair an Garda Síochána a stíl phóilíneachta féin in Éirinn ó bunaíodh an Stát. Le béim ar leith ar Chontae na Gaillimhe agus a Ghaeltacht, léiríonn an taispeántas conas a chabhraigh An Garda Síochána le sochaí shábháilte agus shíochánta a thógáil, agus conas a shnaidhmeann An Garda Síochána caidrimh láidre leis na pobail áitiúla ina maireann agus ina n-oibríonn siad.

Taispeánann sé na ról agus na cóid iompair athraitheacha atá ag An nGarda Síochána le 100 bliain anuas, nach bhfeictear i dtraenáil agus in iompar bhaill an fhórsa amháin, ach ina gcúlraí inscne agus cultúrtha, a n-éide agus a dtrealamh chomh maith.

Thairis sin, tugann an taispeántas ómós do bhaill An Gharda Síochána a rinne tréaniarrachtaí chun a bpobail a choinneáil sábháilte, agus an chuid acu a fuair siad bás chun amhlaidh a dhéanamh. Cuimhnítear ar a gcrógacht i Rolla Onóra agus trí bhoinn Scott a bhronnadh.

Ar an bhFoireann Forbartha Tionscadail, bhí an Ceannfort Damien Flanagan, An Garda Síochána; agus Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe; An Dr. Conor McNamara, Staraí Cónaithe, Comhairle Chontae na Gaillimhe; Eithne Verling, Stiúrthóir Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe; Damien Donnellan, Taispeántais agus Oideachas, Músaem Cathrach na Gaillimhe, Eoin O'Neill, Bailiúcháin, Músaem Cathrach na Gaillimhe, James Reynolds, Caomhantas, Músaem Cathrach na Gaillimhe.

Mhaoinigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán (Maoiniú Údarás Áitiúil Dheich mBliana na gCuimhneachán) An Garda Síochána, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Chathair na Gaillimhe an taispeántas.

Tá an taispeántas ar fáil ar líne ag

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/an-garda-siochana-galway-gaillimh-1922-2022>

Ina theannta seo, léiríodh an taispeántas in ionaid éagsúla ar fud an chontae i rith na bliana.

Leabhar dátheangach: *Stair an Gharda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse*

Cuireadh tús le taighde in 2022 i dtaca le foilseachán dátheangach a chur amach. Pléifear sa leabhar le bunú an Gharda Síochána, agus teacht an Gharda Síochána go Gaillimh ar an 25 Meán Fómhair 1922. Tabharfaidh sé léargas freisin ar chonas a chabhraigh An Garda Síochána le sochaí shábháilte agus shíochánta a thógáil go háirithe i dtaca le Contae na Gaillimhe agus conas a chabhraigh baill den Gharda Síochána le ceantair áitiúla ina maireann agus ina n-oibríonn siad. Tá sé mar aidhm aige freisin an chaoi inar athraigh ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas a thaispeáint. Tá sé i gceist bailchríoch a chur ar an bhfoilseachán seo in 2023.

Leabhar oibre ar *An Garda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse do bhunscoileanna*

Cuireadh tús chomh maith le hobair chun leabhar oibre dátheangach a fhorbairt atá dírithe ar dhaltaí i rang 5 agus rang 6 agus a ionchorprófar i gcuraclam na bunscoile agus díreofar ann ar fheasacht agus eolas ar an saol sna 1920idí in Éirinn agus ar ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas a mhéadú, agus déanfar na gnéithe seo a léirmhíniú freisin. Tá sé beartaithe físeáin agus podchraoladh a leabú sa leabhar oibre, agus cabhróidh sé seo le brí agus anam a chur sa stair sa seomra ranga. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscnamh seo in 2023.

CONAIR OIDHREACTHA NA nDEARTHÁIREACHA LOUGHNANE Téigh agus fiosraigh na Suíomhanna & Cuimhneacháin Stairiúla Chogadh na Saoirse in Éirinn agus Léarscáil Scéalta a Chruthú



Sheol an Comh. Moegie Maher, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Dr. Orla Flynn, Uachtarán Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh an treoirleabhar dátheangach dar teideal “*Conair Oidhreachta na nDeartháireacha Loughnane: Téigh agus fiosraigh na Suíomhanna & Cuimhneacháin Stairiúla Chogadh na Saoirse in Éirinn*”, arbh iad an Dr. Eilish Kavanagh ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus an Dr. Mark McCarthy a scríobh, in OTA Chathair na Gaillimhe ar Luan an 12 Nollaig 2022.

Díríonn an foilseachán seo ar Harry Loughnane agus a dheartháir Pat, a bhí ina óglach de chuid Óglaigh na hÉireann. I ndiaidh a ngabháil le Fórsaí na Breataine ar a bhfeirm i Seaneaglais, Contae na Gaillimhe, ar Aoine an 26 Samhain 1920, chéas na Póilíní Cúnta, aonad paraimíleata de chuid na bpóilíní, iad agus scaoil siad na deartháireacha marbh ina dhiaidh. Dódh a gcoirp ansin agus cuireadh isteach i dturlach iad. Tharraing grianghraif d'iarsmaí na ndeartháireacha i gcónraí oscailte agus iad millte go dona aird mhór idirnáisiúnta orthu agus rinne sé mairtíriú phoblachtacha de na deartháireacha.

Le himeacht ama, d'éirigh suímh stairiúla a bhain le scéal Mhuintir Loughnane ina spásanna móra cuimhne agus oidhreachta iarchoimhlinte. Trí úsáid a bhaint as modhanna stairiúla poiblí agus staidéir oidhreachta, tarraingíonn *Conair Oidhreachta na nDeartháireacha Loughnane* cineálacha éagsúla fianaise intadhaill le chéile i nDeisceart Chontae na Gaillimhe. Cuirtear tuairiscí, grianghraif agus comhordanáidí loingseoireachta

satailíte san áireamh d'aon pointe spéise dhéag atá ar an gconair, chomh maith le léarscáil bhealaigh inscartha atá éasca a leanúint. In éineacht leis an bhfoilseachán, tá leagan Léarscáile Scéalta Arcgis ESRI den chonair oidhreacht ann, ar féidir teacht uirthi ar líne trí Thairseach Léarscáileanna agus Sonraí ar shuíomh idirlín Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe an dá leagan den chonair oidhreacht seo, i gcomhpháirtíocht le Grúpa Taighde Oidhreacht OTA. Is gníomh de chuid *Straitéis Chuimhneachán do Chontae na Gaillimhe 2013-2023 agus Plean Oidhreacht Chontae na Gaillimhe 2017-2023* é an tionscadal seo. Chómhaoinigh Aonad na gCuimhneachán, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (faoi Shnáithe Pobail Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán); Comhairle Chontae na Gaillimhe; OTA na Gaillimhe-Mhaigh EO (faoi RISE: Dearlaic Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht); agus an Chomhairle Um Thaighde in Éirinn (faoi Chlár Scoláireachta Iarchéime Rialtas na hÉireann) é.

Is féidir an Léarscáil Scéalta a fháil tríd an nasc seo a leanas:

<https://storymaps.arcgis.com/stories/5f9f8b8cc7de43349cd59f5f0d993579>

Taispeántas Eibhlín Uí Choisdeailbh (a toghadh chuig chéad seanad Shaorstát Éireann ina comhalta de chuid Chumann na nGaedheal ar an 7 Nollaig 1922)

Bailitheoir amhrán pobail, díograiseoir Gaeilge agus gníomhaí ab ea Eibhlín Uí Choisdeailbh, (Edith Costello) (1870–1962), a rugadh ar an 27 Meitheamh 1870 i Londain. Baisteadh Edith Drury uirthi agus tógadh í ina ball d'Eaglais Shasana.

Cáilíodh í mar mhúinteoir agus ar ina dhiaidh sin, bhí sí ina príomhoide ar Scoil Eaglais Shasana Naomh Micheál, ar Bhóthar Phálás Buckingham i Londain. Chuaigh sí isteach san Irish Literary Society i Londain áit ar chuir sí aithne ar dheirfiúracha Yeats. Thosaigh sí ag bailiú amhrán i nGaeilge ó eisimircigh a bhí ag cur fúthu ansin agus chuaigh sé isteach sa Chraobh Chonradh na Gaeilge i Londain ag a gcéad chruinniú in 1896. Ar feadh sé bliana ina dhiaidh sin, bhí ról gníomhach aici san eagraíocht agus toghadh í don choiste ar an 3 Samhain 1898. Bhí baint aici le heagraíochtaí Gaeilge eile i Londain agus mhúin sí ranganna amhránaíochta.

Thaistil sí go Baile Átha Cliath in 1902 mar thoscaire chuig Ardfeis an Chonartha, agus d'fhan sí in Éirinn ina dhiaidh sin. D'athraigh sí a hainm go hEibhlín agus bhog sí go Tuaim in 1903 chun a bheith ina múinteoir i gClochar na Toirbhirte. Idir 1908 agus 1913, thosaigh sé ag bailiú amhráin phobail ó chainteoirí Gaeilge agus eile i gContae na Gaillimhe agus Maigh Eo agus í i gcomhlúadar a fear céile, Thomas Bodkin Costello agus é ag dul ar chuirteanna leighis sa chontae. Cuireadh ochtó ceann de na hamhráin sin in imleabhar xvi den *Irish Folksong Society Journal* (1918). Rinneadh leasuachtarán ar an Irish Folk Song Society di agus in 1923, d'fhoilsigh sí bailiúchán faoin teideal *Amhráin Mhuighe Seóla*. Ba é seo ceann de na chéad fhoilseacháin a rinneadh d'amhráin Ghaeilge ina raibh an téacs agus an nodaireacht cheoil chomh maith le haistriúcháin agus nótaí le fáil.

Le linn Chogadh na Saoirse, sheas sí do Shinn Féin sna toghcháin áitiúla in 1920 agus ba í an chéad bhean a bhí ina comhairleoir ceantair do Ghaillimh Thuaidh. Rinneadh coimisinéir baile Thuama di agus ina dhiaidh sin toghadh í ina cathaoirleach Deirtear nár chaill sí cruinniú riamh fiú le linn ruathair na nDúchrónach. Rinneadh ruathar ar a teach

féin mar ba mhinic a chuir sí Óglaigh a bhí ar a dteitheadh i bhfolach ann. Chomh maith leis sin, toghadh í do bhord Bardacht Thuama i 1921 agus bhí sí ina breitheamh i gcúirteanna eadrána Shinn Féin idir 1921 agus 1922.

Toghadh í mar chomhalta Chumann na nGaedheal don chéad Seanad Éireann ar an 7 Nollaig 1922. D'fhan sí ina seanadóir go dtí gur chaill sí i dtoghchán 1934.

Bean a thug tacaíocht don chonradh ab ea í, agus in 1923 chuaigh sí isteach i gCumann na Saoirse, eagraíocht ban a bunaíodh an Márta roimhe chun cabhrú leis an stát nua a chur ar bun.

D'fhorbair an Old Tuam Society an taispeántas seo agus seolfar é in 2023.

Tionscnaimh Dheich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Chontae na Gaillimhe Mórthionscadal Sonrach Comórtha Céad Bliain faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán Aleen Isabel Cust 1868 - 1937

12. An chéad tréidlia mná in Éirinn, sa Bhreatain agus san Eoraip



Rinneadh an Aleen Cust Memorial Society, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus iad ag obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, Teagasc, agus roinnt meánscoileanna agus grúpaí pobail sna trí chontae comóradh agus iarracht cuimhneamh ar an mbean chróga thiomanta Ghaelach seo, a sháraigh gach dúshlán chun a bheith ar an gcéad tréidlia mná in Éirinn, sa Bhreatain agus go deimhin, san Eoraip.



Maidir le hAleen Cust


Bean cheannródaíoch as Tiobraid Árann ab ea Aleen Cust a chuir tús lena cuid staidéar i dtréidliacht sa New Veterinary College i nDún Éideann. Cáilíodh í in 1900 ach níor tugadh cead di tréidlia a thabhairt uirthi féin mar gur éiligh an Royal College of Veterinary Surgeons (RCVS) nach raibh sé de chumhacht acu glacadh le mná. I ndiaidh 20 bliain a chaitheamh ag troid, bronnadh a cáilíocht ar Aleen Cust sa deireadh i Mí na Nollag 1922.

An chonair chun na tréidliachta agus a post i gComhairle Chontae na Gaillimhe

Thug a caomhnóir tacaíocht dá cinneadh a bheith ina tréidlia in ainneoin nach raibh a máthair sásta. Chláraigh sí le New Veterinary College, Dún Éideann. Mac léinn den chéad scoth a bhí inti, agus sháraigh sí gach duine eile ina rang sa chéad bhliain. Chuir sí a cuid oiliúna i gcrích in 1900 ach mar gheall ar a hinscne, cuireadh cosc uirthi an teideal 'tréidlia' a úsáid.

Bhí teistiméireachtaí den scoth a Aleen, agus nuair a chuala William Byrne, tréidlia mór le rá in Áth Liag, Co. Ros Comáin faoina cás, thairg sé post di ag obair mar chúntóir aige.

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe í mar chigire tréidliachta in 1905 faoi na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe, ceapachán ar dhiúltaigh an RCVS dó mar gheall nach raibh aitheantas gairmiúil faighte aici. Fógraíodh an post arís, agus nuair a roghnaíodh Cust arís don phost in 1906, thángthas ar chomhaontú faoinar chomhlíon sí dualgais an phoist faoin teideal leasaithe “cigire”.



An Chéad Chogadh Domhanda: Oibrí Deonach ar an bhFronta Thiar

In 1915, ghlac sí cead neamhláithreachta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus thiomáin sí a gluaisteán féin go Abbeville na Fraince chun cóir leighis agus aire a thabhairt do chapaill, ar bhonn deonach, ar an bhFronta Thiar. D'oibrigh sí mar bhaictéareolaí le haonad vacsaíne ainmhithe agus thug sí aire do go leor capall.

Aitheantas faoi Dheireadh

I ndiaidh gur ritheadh an tAcht um Dhícháiliú Gnéis (Díchur) in 1919, ní raibh sé dlíthiúil mná a eisiáimh ó ghairmithe agus chiallaigh sé sin go raibh iachall ar an RCVS anois breathnú ar bhallaíocht Aleen. Bronnadh a dioplóma uirthi faoi dheireadh i mí na Nollag 1922, 22 bliain i ndiaidh di a scrúduithe deiridh a dhéanamh.

Comhdháil Chuimhneacháin Aleen Cust ag an gCreagán an 11 go dtí an 12 Lúnasa



Reáchtáladh an ócáid seo thar dhá lá i gColáiste Talmhaíochta an Chreagáin atá anois mar chuid den Ollscoil is úire, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Is í Maria Walsh FPE a d'oscail an chomhdháil le caint ghéarchúiseach ar ilghnéitheacht agus ionchuimsiú rud a d'ullmhaigh an lucht féachana don chéad Chathaoirleach ar Leas agus Eiticí Ainmhithe in UCD, Siobhán Mullen. Chuir Siobhán siamsaíocht ar a lucht féachana, ina raibh tréidlianna ó raon leathan réimsí lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, na hÚdaráis Áitiúla, agus cleachtóirí ó gach cuid den tír, le cur i láthair idirghníomhach ar fheasacht agus abhcóideacht. Aíonna onóracha ab iad Uachtaráin Chomhairle Tréidliachta na hÉireann, agus an Royal College of Veterinary Surgeons (RCVS), Melissa Donald, in éineacht le Joe Collins, Uachtarán Veterinary Ireland. Lean Meta Osborne ón teaghlach cáiliúil Osborne an méid seo leis an gceist an bhfuil capaill shláintiúla sásta? Chuir an Dr. Temple Grandin a bhfuil cáil nach beag uirthi, speisialtóir iompair ainmhithe agus urlabhraí ar néara-éagsúlacht (uathachas), tús leis an iarnóin. Labhair Temple go paiseanta ag rá go gcaithfidimid breathnú ar rudaí ar bhealach difriúil agus rudaí a fheiceáil ar bhealach a fheiceann neacha eile, go háirithe an bealach ina bhfeiceann na hainmhithe timpeall orainn sinn agus ina bhfreagraíonn siad dúinn nuair atáimid ina láthair. Labhair an Dr Grandin faoin gcodarsnacht idir daoine a smaoiníonn i mbriathra agus daoine a smaoiníonn i bpictiúir agus conas a bhí sé riachtanach an dá ghrúpa a chomhtháthú le chéile chun teacht ar an gcruthaitheacht a chuirfeadh duine ar an ngealach. Tháinig Mary Fanning sna sála le cur i láthair a bhí lán le gáire faoin gcaoi ina ndearna sí an clár teilifíse íocónach Nationwide faoi scéal Aleen Cust. Comóradh céad bliain ó glacadh le hAleen san RCVS, fiche bliain i ndiaidh di an Coláiste Tréidliachta a fhágáil i nDún Éideann agus teacht go hÁth Liag in 1900 chun obair le duine iontach eile, William Augustine Byrne MRCVS, is ea an Chomhdháil seo. Ina ról mar cheannródaithe a bhreathnaíonn ar rudaí ar bhealach difriúil, d'eagraigh Kepak Áth Liag, agus a mbean cheannródaíoch féin, Lorna Kennedy, taisteal Temple Grandin, agus thug siad aire mhaith di le linn a cuairte ar Éirinn.



Bhí béim ar stair agus oidhreacht ar an dara lá den chomhdháil le staraithe áitiúla an Dr. Des Murnane ó Thiobraid Árann ag labhairt faoi chúlra Aleen Cust i dThiobraid Árann agus Albert Siggins ó Ros Comáin faoi *“Leigheasanna, tinnis agus deochanna leighis ar fheirmeacha fadó”*. Thug an tréidlia Brendan Gardiner ón gCreagán, atá anois ar scor, caint fhíoreolasach faoin iarracht chun uaigh Aleen a aimsiú in Iamáice. Labhair an Dr. Laura Kelly ó Ollscoil Strathclyde faoi *“taithí ban Éireannacha ar ghairm an leighis go deireanach sa naoú haois agus go luath san fhichiú haois”* agus thug an Dr. Martina Moloney, Cathaoirleach na Comhairle Oidhreachta cur i láthair ar *“Scéalta nár insíodh a cheiliúradh” a raibh ábhar mór machnaimh ann.*

Labhair an Dr. Rita Gately, Oifigeach Tréidliachta an Chontae a oibríonn le Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi *“Sheirbhís Tréidliachta Chontae na Gaillimhe. 1905 agus 2022”*. Bhí Aleen Cust ar dhaoine de na tréidlianna ba luaithe — agus an chéad bhean — a d'oibrigh laistigh den Chomhairle.

Phléigh an tréidlia Elizabeth Clayton, An Roinn Talmhaíochta, atá de bhunadh Áth Liag, *“An tUasal William A Byrne (Willie), MRCVS – Próifil”* (cáilithe i Londain in 1890, d'éag in 1910); agus thug Mary Burke, staraí agus scríbhneoir leis an *Tuam Herald* caint an-suimiúil ar an *“The d’Arcy Diary: A short Sojourn on Lough Mask with Aleen Cust and friends”*. Rinne an Dr. Carmel Connolly modhnóireacht ar an bplé oscailte deiridh, a raibh lón machnaimh ann, ar shaol agus obair Aleen Cust a chuimhneamh agus a chomóradh.

I measc na n-aíonna mór le rá a bhí ann don dara lá den chomhdháil bhí Virginia Teehan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Oidhreachta, an Dr. Sinéad McCoolle, Roinn na Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus an Dr. Orla Flynn, an chéad uachtarán ar an ollscoil is úire in Éirinn, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh; an Comh. Eileen Mannion, Leas-Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe; an Comh. Laurence Fallon, Leas-

Chathaoirleach Chomhairle Contae Ros Comáin agus an Comh. Roger Kennedy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann.



Bhí roinnt taispeántas, léirithe iontach agus innealra agus uirlisí seanré ar taispeáint rud a chuir go mór leis an gcomhdháil.

Taispeántas

Sa taispeántas seo bhí roinnt preabmheirgí a phléigh le gnéithe éagsúla de shaol Aleen, agus conas mar a bhí Éire agus Tiobraid Árann, Ros Comáin agus Gaillimh go háirithe in 1922. Seoladh é mar chuid d'Aonach Capall 300 Bhéal Átha na Sluaighe.

Leabhar Oibre do Pháistí Bunscoile

Déanfar an leabhar oibre dátheangach seo a ionchorprú i gcuraclam na bunscoile agus dírionn sé ar fheasacht, eolas agus tuiscint ar an saol sna 1920idí in Éirinn, an Bhreatain, an domhan trí chéile, obair, saol na mban, An Chéad Chogadh Domhanda, an saol sa teach mór agus an tírdhreach polaitiúil in Éirinn sna 1920idí a mhéadú. Is duine lárnach í Aleen sa leabhar oibre, agus breathnaíonn sé ar a tógáil, an uailmhian a bhí aici a bheith ina tréidlia agus a cuid oibre i réimse leasa ainmhithe agus a cuid oibre ar an ar an bhFronda Thiar. Léiríonn sé conas mar a sháraigh sé an oiread sin constaicí chun an cheird a chleachtadh ar thiomnaigh sí a saol di. Cabhróidh sé le foghlaim thraschuraclaim mar go mbeidh scoláirí ag léamh faoi ábhair leathana, sé sin le rá gnéithe de stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cabhróidh sé leo a stór focal a mhéadú agus is féidir na

podchraoltaí agus na físeáin a leabú sa leabhar oibre agus cabhróidh sé le brí agus anam a chur sa stair sa seomra ranga. Seolfar agus dáilfear an leabhar seo in 2023.


Podchraoltaí agus Físeáin

Forbraíodh físeán gairid agus roinnt podchraoltaí a rinne iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de shaol Aleen, is a léirigh na háiteanna a bhí ceangailte lena saol, agus seoladh é mar chuid d'Aonach Capall 300 Bhéal Átha na Sluaighe.

13. Aonach Capall 300 Bhéal Átha na Sluaighe Lá Oidhreachta Bhéal Átha na Sluaighe 2022



Reáchtáladh comóradh 300 bliain ar Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe in 2022. D'oibrigh Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe i gcomhar leis an Oifigeach Oidhreachta, Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe agus Coiste Aonach agus Fhéile Bhéal Átha na Sluaighe chun lá Imeachtaí Oidhreachta a chomhordú. Mar chuid de seo, seoladh Léarscáileanna Bailte Fearainn agus Fuaime Bhéal Átha na Sluaighe, Scannán agus Podchraoltaí Aleen Cust agus Scéalta an Aonaigh.



14. Seoladh an fhoilseacháin ‘Ag léamh do thírdhreacha áitiúil – Bunscileanna Iniúchta Oidhreachta’




Mar chuid de cheiliúradh Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe, sheol an Comh. Peter Keaveney, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe an foilseachán ‘*Ag léamh do thírdhreacha áitiúil – Bunscileanna Iniúchta Oidhreachta*’. Seoladh é ar Déardaoin an 19 Bealtaine 2022, i Seomra Cruinnithe Chlubtheach CLG Dhún Mór Mhic Éil, i nDún Mór Co. na Gaillimhe agus réachtáil Grúpa Oidhreachta Dhún Mór é. Tá an foilseachán dátheangach seo bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó chúrsaí oiliúna pobalbhunaithe agus ó iniúchta oidhreachta a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Oifig Oidhreachta agus an t-údar, Zena Hctor, thar roinnt blianta ar fud Chontae na Gaillimhe. Cuireann sé sraith straitéisí chuimsitheach atá éasca a úsáid ar fáil a chabhróidh le daoine gnéithe oidhreachta taifeadta a gceantar áitiúil a aimsiú, a fhiosrú agus a thaifeadadh. Agus é maisithe le grianghraif agus léarscáileanna ildaite, cuireann an leabhar leideanna úsáideacha agus foinsí faisnéis ar fáil chun taighde a dhéanamh ar ghnéithe oidhreachta tógtha agus cultúrtha thírdhreach Chontae na Gaillimhe agus chun planáil a dhéanamh don taighde sin.

Arna dhéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le maoiniú tacaíochta ón gComhairle Oidhreachta, tá cóipeanna de ar fáil trí Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe.



15. Seoladh na Tuarascála maidir le Suirbhé ar Scréachóga Reilige



Rinne Cairde Éanlaith Éireann i gcomhar le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe suirbhé ar Scréachóga Reilige sa chontae, agus léiríonn torthaí an tsuirbhé seo go bhfuil cúrsaí ag dul i bhfeabhas don éan íocónach feirme seo, mar gur taifeadadh go raibh Scréachóga Reilige ag fillleadh ar chodanna den tír nach raibh siad le fáil iontu le blianta fada.

Léiríonn suirbhéanna go raibh Scréachóga Reilige forleathan in Oirthear an Chontae sna 1960idí deireanacha, ach 40 bliain ina dhiaidh sin bhí líon na n-éan tite go mór agus a raon in Oirthear na Gaillimhe laghdaithe go suntasach agus iad thar a bheith gann ar an taobh thiar de Loch Coirib.

Mar sin féin, is tuar dóchais é suirbhé a rinne Cairde Éanlaith Éireann le déanaí i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le tacaíocht ó Chiste Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, agus an chéad fhianaise a léiríonn go bhfuil cúrsaí ag athrú chun feabhais do Scréachóga Reilige in oirthear na Gaillimhe.

Fuair an suirbhé ar Scréachóga Reilige cabhair ó fheirmeoirí agus ón bpobal i gcoitinne a thuiriscigh eolas ar Scréachóga Reilige ar fud an Chontae, agus mar chuid den suirbhé, rinneadh seiceáil chórasach ar raon leathan fothrach arb iad na cineálacha áiteanna ina neadaíonn Scréachóga Reilige den chuid is mó. San áireamh leis seo, bhí fothraigh arb eol roimhe go raibh Scréachóg Reilige ina gcónaí iontu le tríocha bliain anuas. Tugann sé seo léiriú iontaofa ar threochtaí na Scréachóg Reilige agus a ndáileadh ar fud an chontae. Bhí na torthaí dearfach, mar taifeadadh na Scréachóga Reilige ar fud an chuid is mó d'Oirthear an Chontae, ach mar sin féin, tá siad fós gann san iarthar. Ina ainneoin sin, is ionann sin agus méadú suntasach ar an raon pórúcháin a aithníodh go raibh ag Scréachóga Reilige deich mbliana ó shin, rud a thugann le fios go bhféadfadh go bhfuil líon na Scréachóg Reilige ag teacht ar ais go mall i ndiaidh tréimhse inar tháinig meath suntasach air.

16. Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Pailneoirí do gach Ceantar Bardasach

BIODIVERSITY & POLLINATOR ACTION PLANS

Calling all Heritage Groups, Tidy Towns, Community Groups, Organisations and Schools!!!

Galway County Council is currently drafting Biodiversity & Pollinator Action Plans for County Galway Municipal Districts and would like your input. If your group or organisation have recently prepared any of the following for your area, please let us know.

- Biodiversity Action Plans
- Pollinator Plans
- Registered your Action for Pollinators on www.pollinator.ie
- Natural Heritage Audits
- Heritage Plans
- Habitat Mapping
- Tree Surveys
- Bat or other Mammal Surveys
- Participated in monitoring schemes such as Butterfly Monitoring Scheme or Bumblebee Monitoring Scheme

By getting in touch, your contributions will help towards the creation of Biodiversity & Pollinator Actions for County Galway and 4's Municipal Districts. These actions will help protect and enhance our county and it's natural heritage. We encourage you to send in any relevant information from the above list to: info@biodiversity.ie by Friday 20th May 2022.

An initiative of Galway County Council and part funded by National Biodiversity Action Plan and supported by the Local Authority Waters Programme and The Heritage Council.

PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA BITHÉAGSÚLACHTA & PAILNEOIRÍ

Fógra do Ghrúpaí Oidhreachta, Chomairte na mBaile Slachtmhara, Ghrúpaí Pobail, Eagraíochtaí agus Scoileanna!!!

Tá Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta & Pailneoirí le haghaidh Cheantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe á ndráchtú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ba mhaith leis do thuairimí a chloisteáil. Más rud é go bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas uilímháthe nó déanta ag do ghrúpa nó d'eagraíocht le haghaidh do cheantair le déanaí, cuir ar an eolas againn.

- Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta
- Pleananna Pailneoirí
- Do Ghníomhaíocht le haghaidh Pailneoirí
- leictailín D'oidhreachta Náisiúnta
- Pleananna Oidhreachta
- Mápasáil Ghníthéig
- Suirbhéanna ar Chraobh
- Suirbhéanna ar an talóg nó ar mhíonmáthú áite
- Part glactha i scéimneanna monatóireachta ainmhithe Scéim Monatóireachta an Phléascáin nó Scéim Monatóireachta na Bumbheige

Agus teagmháil á dhéanamh againn sin, cuideadh do thuairimí le cruthú Pleananna Bithéagsúlachta & Pailneoirí le haghaidh Chontae na Gaillimhe agus a Cheantair Bardasach. Cuideadh na gníomhaíochtaí seo le haghaidh gortas agus a cuimhreacha nádúrta a chosaint agus a fheabhsú. Iarrannáil ort aon eolas ábhartha atá agat an t-ádh a thabairt a sheoladh: info@biodiversity.ie Chung faoin Aoine 20ú Bealtaine 2022.

Táirgeadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do Ghriúpaí Oidhreachta agus a leanas le haghaidh fothrach agus a tacaíocht ó Chiste Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus a tacaíocht ó Chiste Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus a tacaíocht ó Chiste Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus a tacaíocht ó Chiste Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta.

D'iarr Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ionchuir ó Ghrúpaí Oidhreachta, Coistí Bailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail, Eagraíochtaí agus Scoileanna i dtaca le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Pailneoirí a dhráchtú do Cheantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe. Reáchtáladh cruinnithe ar an láthair i mBaile Liam ar an 19 Bealtaine 2022 agus sa Spidéal ar an 23 Bealtaine 2022 agus bhí deis ag daoine chomh maith a dtuairimí a chur in iúl do Chomhairle Chontae na Gaillimhe trí phost nó trí ríomhphost. Iarradh faisnéis ó rannóga éagsúla na Comhairle, lena n-áirítear na hoifigí ceantair, na Rannóga Comhshaoil agus Tithíochta, chomh maith le páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí ábhartha eile. Forbraíodh na cúig phlean in 2022 agus déanfar iad a aistriú go Gaeilge in 2023 agus a fhoilsiú agus a sheoladh in 2023.

17. Suirbhé ar éin ghoir i Limistéar faoi Chosaint Speisialta Choimpléasc Portach Chonamara

Is í príomhaidhm an tionscadail seo ná chun suirbhé a dhéanamh ar éin ghoir i Limistéar faoi Chosaint Speisialta Choimpléasc Portach Chonamara, le déanamh amach an raibh speicis éin i láthair nó go fairsing ansin agus conas a d'athraigh comhdhéanamh na speicis ar fud an Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus i dtaca le ceantair a mbaintear móin iontu agus le ceantair nach raibh fianaise iontu go ndearnadh suaitheadh orthu. Baineadh feidhm as suirbhé traschreasa línigh, a d'úsáid 22 traschrios a bhí 35km ar fad san iomlán is a ndearnadh suirbhé orthu faoi dhó idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2022. Roghnaíodh na traschriosanna líneacha chun an SPA agus gach ceann de na trí phologán ar leith laistigh de a chur san áireamh, agus chun ceantair a chur san áireamh ina raibh fianaise le feiceáil go raibh móin á baint iontu agus ceantair nach raibh fianaise le feiceáil go raibh móin á baint iontu. Rinneadh taifid theagmhasacha ar speicis éan freisin agus iad faoi bhealach idir traschriosanna nó le linn don suirbhé tiomanta ar Mheirliúin a dhéanamh laistigh den SPA. Taifeadh 28 speiceas san iomlán, agus san áireamh leis sin faoi sé Éan atá ar Liosta Dearg 'Birds of Conservation Concern in Ireland' (an Crotach, an Fheadóg Bhuí, an Pocaire Gaoithe, an Riabhóg Mhóna, an Chearc Fhraoigh, an Naoscach) agus 11 speiceas atá ar an Liosta Ómra (an Faioleán Bán, an Gobadán Coiteann, an Meirliún, an Eala Bhalbh, an Fheadóg Chladaigh, an Fhuiseog, an Fháinleog, an Phraslacha, an Clochrán, an Ceolaire Sailí). Taifeadh 0.03 speiceas in aghaidh gach heicteáir agus 0.20 éan in aghaidh gach heicteáir ar an suirbhé traschreasa línigh in CBS Phortach Chonamara. Ba iad na speicis ba choitianta a taifeadh ar an suirbhé traschreasa línigh de réir uimhreacha agus lín éan in aghaidh gach heicteáir ná an Fhuiseog (0.28 in aghaidh gach heicteáir), an Riabhóg Mhóna (0.24 in aghaidh gach heicteáir) agus an Fheadóg Bhuí (0.02). Rinneadh tomhais ar dhlús pórúcháin le ciansampláil don Riabhóg Mhóna, ar taifeadh go raibh dlús pórúcháin de 58.3 in aghaidh gach km² acu in SPA Choimpléasc Portach Chonamara. Taifeadh an uimhir chéanna speiceas nó níos mó sa phologán thiar (0.06) agus sa phologán thoir (0.05) nár mar a taifeadh sa phologán láir (0.02). Bhí an líon céanna éan in aghaidh gach heicteáir sna polagáin thiar (0.62) agus thoir (0.66) i gcomparáid leis an bpolagán láir (0.47). Bhí an dlús pórúcháin ag an Riabhóg Mhóna mar an gcéanna sna polagáin thiar agus thoir (63.9 Riabhóg Mhóna in aghaidh km²) agus níos ísle sa phologán láir (47.4 in aghaidh km²). Taifeadh an líon céanna speiceas sna ceantair inar baineadh móin agus sna ceantair nach raibh aon fhianaise iontu go raibh móin á baint (0.03) ach bhí líon níos airde d'éin a bhí ar Liosta Dearg 'Birds of Conservation Concern in Ireland' sa dara ceann (n = 4) i gcomparáid le ceantair ina raibh fianaise go raibh móin á baint (n = 2). Bhí níos mó éan in aghaidh an heicteáir i gceantair nach raibh aon mhóin á baint iontu (0.84 éan in aghaidh ha) i gcomparáid le ceantair ina raibh móin á baint (0.27 éan in aghaidh ha). Rinneadh suirbhé tiomanta ar an Meirliún in SPA Choimpléasc Portach Chonamara agus an ceantar máguaird freisin. Rinneadh seiceáil ar gach loch le hoileáin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do Mheirliúin Ghoir (rinne measúnú ar bhreis is 100 loch le

hoileáin) le féachaint an raibh Meirliún lonnaithe orthu trí chuairt a thabhairt ar na hoileáin chun cuardach do neadacha nó trí úsáid a bhaint as ladrann agus braiteoir teirmeach (faoi cheadúnas an NPWS). Taifeadh Sé phéire Meirliúin Goir san SPA nó díreach in aice leis. Cuireann an fhaisnéis seo bunlíne de chomhdhéanamh agus de chluichreáin na speiceas éin in SPA Choimpléasc Portach Chonamara, a bailíodh trí mhodhanna caighdeánaithe agus in-athdhéanta a úsáid agus ar féidir a úsáid chun athruithe ar na speicis éin in SPA Choimpléasc Portach Chonamara amach anseo a thomhas. Ba chóir an fhaisnéis seo a úsáid freisin chun eolas a dhéanamh do bhainistíocht an SPA, lena n-áirítear oibreacha athshlánaithe sa todhcháí agus a éifeachtaí is atá na bearta sin d'éin ghoir a thomhas. Ina theannta sin, úsáidfear an fhaisnéis seo chun béim a chur ar thábhacht SPA Choimpléasc Portach Chonamara chomh maith le bratphortaigh níos ginearálta i nGaillimh Thiar do speicis éin a dtugtar tosaíocht dóibh, amhail an Crotach, an Fheadóg Bhuí agus an Naoscach. Cuireadh na sonraí go léir a bailíodh ar fáil do NPWS (Aonad na nÉan agus maor NPWS), NBDC agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus úsáidfear iad mar chuid d'fhoilseachán.

18. Ag Obair leis an Dúlra

Reáchtáladh sraith de cheardlanna i Leitir Fraic agus Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe idir Mí an Meitheamh - Mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba í aidhm na gceardlann ná bithéagsúlacht a fheabhsú trí fheasacht an phobail a spreagadh faoi thionchair luibhicídí agus lotnaidicídí sa timpeallacht talún agus uisceach.

Forbraíodh is tugadh cúig cheardlann chun an aidhm seo a bhaint amach:

“Fiaile nó bláth fiáin” Leitir Fraic (Kay Synott, Living Gardens): Caint léirithe ar mheas a thabhairt do bhláthanna fiáine agus taispeántas praiticiúil ar phlandaí a aithint agus ar ghortghlanadh nádúrtha ina dhiaidh.



“Potaí do Phailneoirí” Leitir Fraic (Kay Synott, Living Gardens): Ceardlann phraiticiúil phobail ar phlandáil i gcoimeádáin inbhuanaithe ar mhaithe le pailneoirí

“Tionchar creimiricídí ar bhithéagsúlacht” ar líne (John Lusby, Cairde Éanlaith Éireann): Feasacht a ardú ar na contúirtí a bhaineann le creimiricídí a úsáid agus dea-chleachtas srianta creimirí a chur chun cinn.

“Cruthaigh plean pailneora do do spás oscailte”. Béal Átha na Sluaighe (Janet Laffey, Green Sod Ireland agus Kay Synott, Living Gardens): Caint léirithe ar phailneoirí agus bláthanna fiáine le ceardlann phraiticiúil ar chonas plean pailneora a chruthú ina dhiaidh.

“Aire do spásanna gorma” Leitir Fraic (Conor Ruane, LAWPRO): Caint léirithe agus taispeántas ar na tionchair a imríonn luibhicídí agus lotnaidicídí ar cháilíocht uisce agus tionscadail ar féidir leo do dhobharlach a fheabhsú.

I measc na rannpháirtithe sna ceardlanna bhí baill foirne ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin agus ó Pháirc Náisiúnta Chonamara. D'fhreastail baill ó ghrúpaí Bailte Slachtmhara éagsúla, slatiascairí, feirmeoirí, daoine príobháideacha, rannpháirtithe áitiúla scéimeanna fostaíochta pobail, agus baill ó Rehab/an Líonra Náisiúnta Foghlama chomh maith.

Bhí freastal íseal ar an gceardlann ar líne i dtaobh creimiricídí. Amach anseo, nuair a bheidh tionscnaimh ag dul i ngleic leis an topaic seo, reáchtálfar iad mar chuid de cheardlanna ar an láthair, le béim níos leithne ar chúrsaí fiadhúlra, rud a mheallfadh níos mó daoine agus a chuirfeadh borradh faoi líon na rannpháirtithe. Tabharfaidh sé seo níos mó tionchair don teachtaireacht maidir le creimiricídí a úsáid go freagrach.

Sna sála ar na ceardlanna, foilsíodh i bhformáid stiallach, treoir phraiticiúil dhátheangach ar bhláthanna fiáine a aithint agus a shrianadh agus ar a luach ó thaobh fiadhúlra de a mheas. Scaipeadh é seo ar rannpháirtithe na ceardlainne, ar bhaill Chomhairle Chontae na Gaillimhe lena mbaineann, ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara, agus ar ghrúpa comhshaoil ar fud an chontae.

Le raon leathan daoine a oiliúint trí na ceardlanna seo, cinnteofar gur fearr a thuigfeadh in eagraíochtaí agus i suímh éagsúla ar fud an chontae an tionchar atá ag luibhicídí agus lotnaidicídí ar bhithéagsúlacht. Cuirfidh sé seo in éineacht leis an Stiall Fiaile nó Bláth Fiáin oidhreacht ar fáil don tionscadal Ag Obair leis an Dúlra.

19. Srianadh Gunnaire

Tá an tionscadal seo dírithe ar Speicis Choimhthíocha Ionracha Plandaí (IAPS) i gceantar an Chlocháin i gConamara. An bhliain seo caite, úsáideadh cistí ó Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil chun suirbhéireacht a dhéanamh ar an gceantar seo féachaint an raibh IAPS ann agus cá raibh sé le fáil. Trí úsáid a bhaint as na tacair sonraí agus na léarscáileanna seo, roghnaíodh suímh bhainistíochta do speicis, áiteanna a ndéanfar cóireáil shonrach orthu. Le linn na seachtaine ón 12 go dtí an 16 Meán Fómhair 2022, roghnaíodh cúig IAPS mar sprioc d'oibreacha srianta. Cuireadh cóireáil ar Ghunnaire (*Gunnera tinctoria*), Glúineach Bhiorach (*Reynoutria japonica*), Glúineach Bhohéimeach (*Reynoutria x bohemica*) agus Glúineach Spíceach (*Koenigia polystachya*) le forchur luibhicíde duilleach (Roundup Pro Biactive ag ráta calabraithe de 5L/ha) i gceantar an Chlocháin. Baineadh Lus na Pléisce (*Impatiens glandulifera*) de láimh feadh Abhainn Ghlinne agus ceantair imeallacha eile inmhíolaithe. Tá gach speiceas luaite a Reachtáocht Náisiúnta (I.R. 477/2011), agus tá Gunnaire, Lus na Pléisce agus Glúineach Spíceach luaite i

Reachtaíocht Idirnáisiúnta (AE 1143/2014). Rinne baill foirne a raibh na cáilíochtaí cuí acu agus trealamh cosanta pearsanta cuí orthu an obair i gcomhréir le treoirlínte bainistíochta dea-chleachtais do gach speiceas, agus le treoirlínte dhéantóirí na luibhicíde do Ghunnaire/Glúineacha. Leanann baill foirne INVAS Biosecurity Nós Imeachta Caighdeánach Oibriúcháin freisin, roimh gach cuairt ar an suíomh, lena linn agus ina ndiaidh. Tabharfar cuairt ar shuímh do gach speiceas i Mí an Mheithimh 2023 chun éifeachtúlacht na cóireála a mheas. Bhí roinnt ceantar inmhiolaithe lonnaithe ar thalamh phríobháideach agus mar thoradh, níorbh fhéidir iad a bhainistiú faoi shainchumas an údaráis áitiúil. Mar sin féin, rud atá le foghlaim uaidh don todhchaí ná b'fhéidir gur fiú dul i dteagmháil le húinéirí talún áitiúla chun cabhrú leis na cleachtais bhainistíochta atá á gcur chun feidhme ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a fheabhsú. Táthar ag súil go bhfeicfear leibhéal srianta den scoth do gach speiceas i mí an Mheithimh 2023. Mar sin féin, faoi mar atá fíor i gcás gach tionscadail bainistíochta IPAS, beidh bainistíocht leanúnach ag teastáil le cinntiú go n-éireoidh leis na hoibreacha seo san fhadtárma.

20. Iniúchadh ar Bhogaigh i nGaillimh Thoir Thuaidh

Tá sé amuigh ar Chontae na Gaillimhe go bhfuil raon leathan bogach ann, a chothaíonn iliomad speiceas ainmhithe agus plandaí a bhfuiltear buartha fúthu ó thaobh caomhantais de. Mar gheall ar an topagrafaíocht, geolaíocht, hidreolaíocht, aeráid agus ithreacha atá ann, a bhfuil an-éagsúlacht iontu, i measc na mbogach atá i nGaillimh Thoir Thuaidh, tá portaigh (portaigh ardaithe agus bratphortaigh ardtailte chomh maith le lagphortaigh), turlaigh, lochanna, eanaigh, riasca, aibhneacha agus tuilemhánna a ghabhann leo, fuaráin, agus gnáthóga coillearnaí fliche.

Mhaoinigh an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Iniúchadh ar Bhogaigh i nGaillimh Thoir Thuaidh 2021. Mar chuid den iniúchadh seo, rinneadh léarscáiliú ar theorainneacha na suíomh do na 442 príomhbhogach a aithníodh le linn an iniúchta, bogaigh atá laistigh de líonra suíomh tiomnaithe NPWS agus lasmuigh de san áireamh.

Clúdaíonn na 442 láithreán seo achar 29,439ha nó 17% den limistéar staidéir. As na 442 suíomh bogaigh a aithníodh, tá 66 suíomh lonnaithe i limistéir atá tiomnaithe do chaomhnú an dúlra, agus tá an 376 eile lasmuigh de na limistéir thiomnaithe sin. Is dócha go mbeidh sciar mór de na láithreáin neamhthiomnaithe seo, nach ndearnadh suirbhé éiceolaíochta ar an gcuid is mó díobh, ag cothú gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht acu ó thaobh caomhantais de.

De réir iniúchadh 2021, ceaptar nach ndearnadh suirbhé bogaigh mionsonraithe ar 327 de na limistéir bhogaigh i nGaillimh Thoir Thuaidh, rud a thugann le fios gur chóir go mbeadh suirbhé bogaigh spriocdhírith mar mhórtosaíocht chun léargas níos fearr a fháil ar an acmhainn bogaigh agus chun a chinntiú go dtugtar cosaint chuí do na suímh is tábhachtaí. Moltar i dtuarascáil 2021 ar na suímh ar chóir tús áite a thabhairt dóibh, go mbeadh na suímh nach ndearnadh suirbhé mionsonraithe orthu roimhe seo agus ar shuímh ar dócha go mbeadh gnáthóga bogaigh iontu a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo ó thaobh caomhantais de.

Mar sin in 2022, beartaíodh suirbhé allamuigh a dhéanamh ar bhogaigh roghnaithe i gContae na Gaillimhe Thoir Thuaidh agus moltaí mionsonraithe a dhéanamh i dtaca le bainistíocht gnáthóg agus bithéagsúlachta. Mar gheall ar mhéid an limistéir agus ar leithne agus éagsúlacht na ngnáthóg bogaigh, beartaíodh díriú ar bhogaigh ar díol suime féideartha éiceolaíochta iad is nach ndearnadh suirbhé orthu cheana, is atá lasmuigh de limistéir atá tiomnaithe do chaomhnú an dúlra. San iomlán, rinneadh suirbhé ar 12 suíomh, agus tá an tuarascáil deiridh á hathbheithniú faoi láthair.



21. Cúrsaí Garraíodóireachta Inbhuanaithe i dTuaim agus ar an gClochán

Comhairle Chontae na Gaillimhe: Thairg Oifig Ceantair agus Oifig Oidhreacht Thuama agus Lónra Rannpháirtíochta Poiblí na Gaillimhe Cúrsa Garraíodóireachta Inbhuanaithe SAOR IN AISCE a ceapadh chun go mbeadh gach duine ag cur feabhas ar a gcuid gairdíní agus ceantar pobail ar mhaithe le bithéagsúlacht, le deireadh a chur le ceimiceáin urchóideacha, agus le foghlaim faoi phlandaí atá frithsheasmhach in aghaidh triomach.

Reáchtáladh na ceardlanna in aon lá amháin ó 10 am go 4 pm ar Aoine an 8 Iúil ar an gClochán agus Sathairn an 9 Iúil i bhFearann an Pháláis, Tuaim.

Chuaigh Coiste Bailte Slachtmhara an Chlocháin agus Thuama i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun na himeachtaí a eagrú agus a chur chun cinn.

Bhí spéis ar leith sna cúrsaí seo ag Grúpaí Bailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail agus daoine atá ag iarraidh a gcuid plandála a fheabhsú chun sochair don bithéagsúlacht agus chun gnáthóga a chruthú.

Bhí na cúrsaí seo praiticiúil. Le linn an chúrsa, fuair na rannpháirtithe an deis chun foghlaim faoi phailneoirí in Éirinn agus conas iad a chosaint, conas tochailt gan dochar a dhéanamh dá ndroim,

conas gearrthóga a thógáil, síolta a chur agus crainn a bharradh. Cuireadh nótaí amach do gach duine i ndiaidh an tseisiúin agus tugadh go leor ama dóibh le haghaidh ceisteanna agus freagraí.

D'fhreastail os cionn 40 duine ar na cúrsaí.

22. Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta

Bús na Gaillimhe!

Rinneadh Ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe ón 16 go dtí an 23 Bealtaine 2022.

Is éard atá i gceist le Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta ná daoine a nascadh le chéile leis an dúlra agus iad a spreagadh chun tuilleadh a fhoghlaim a fheiceáil agus a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta.

Baineann sé freisin le tábhacht na bithéagsúlachta a chur in iúl do dhaoine agus iad a spreagadh chun a gcion féin a dhéanamh chun í a chosaint chomh maith le taitneamh a bhaint aisti. Mar sin, réachtáladh roinnt imeachtaí pobail le linn na seachtaine, na cinn seo a leanas san áireamh: **“Conas Plean Bithéagsúlachta agus Pailneora a Chruthú”** i Halla Paróiste Bhaile Liam. Bhí an cheardlann seo ar oscailt do gach duine agus oiriúnach do ghrúpaí pobail, grúpaí Bailte Slachtmhara, scoileanna agus sráidbhailte a raibh suim acu i bPlean Bithéagsúlachta agus Pailneora a chruthú ina gceantar. Taispeánadh do rannpháirtithe an bealach is fearr chun dul i mbun plean a chruthú ar bhealach éasca céim ar chéim.

23. Tá na Báid Mhóra ag Teacht

Eagraíodh an ócáid seo i gcomhar le Cumann na mBád Oidhreachta agus Uiscebhealaí Éireann i mBéal Átha na Sluaghe

THE BIG BOATS ARE COMING!

BALLINASLOE HARBOUR
28th May – 6th June
2022

Week long event from Sat 28th May to Monday 6th June at Ballinasloe Marina on the River Suck Waterway.

Celebrating 21st anniversary of the Heritage Boats Association with barges dating back to 1847. All welcome to come view the barges and explore the past. With the Heritage Boat Association (HBA) and WAI River Suck branch with Waterways Ireland and Galway County Council.

ALL WEEK 28th May – 6th June
All week in the marina, the boats will have information boards displaying their histories.

WEDNESDAY 1st JUNE
• 7am – Historical/Heritage tour of Ballinasloe, guided by local historian Sean Tully.
• Walking Tour for an hour and a half on history of the Grand Canal, and River Suck – our waterways in Ballinasloe. Meeting point at the Heron Sculpture in the harbour 7am sharp.

MONDAY 6th JUNE
Heritage festival, featuring a minicourse, departing the harbour and along the River Suck through Monday Lock and out towards the Shannon.

SATURDAY 26th MAY
3pm – Beer barrel delivery by barge linking back to the Grand Canal from Dublin to Ballinasloe, reception with Heritage Boat Association in Ballinasloe Marina with Cathaoirleach of Ballinasloe Municipal District Clár Dermot Connolly.

SUNDAY 29th MAY
All day – continued arrival of the Heritage fleet.

SATURDAY 4th JUNE
Culture and Heritage Celebration in association with Waterways Ireland and Galway County Council...
• 1pm – 5pm Join us for the Cruinnéid event, a family friendly event showcasing Ireland's cultural heritage, arts and crafts, butter making, Físa Cúirt, a talk on the famous Galway Hooker sailing boats.
• Have a look at the historic Ballinader engine, the power plant that replaced horses on the Grand Canal Starge Flock.
• Music and craic in the harbour all afternoon with:
• 2pm Ballinasloe Town Band
• 3pm Bobby Kilkenny & Friends – Trad session
• 5.30pm in the marquee, join Dr Christy Cunniffe for a historic talk on the Ballinasloe Grand Canal branch from Fasnogga Lock to Ballinasloe
• 6.00pm in the Marquee, join Conor Nolan from the Heritage Boat Association for a talk about the HBA and a tour of our information boards.

heritageboatassociation.ie | facebook.com/heritageboats | @heritageboats

Supported by Galway County Council and Waterways Ireland

HBA | Dúibhéilte Chloinne na Cúilleáine Galway County Council | Waterways Ireland

24. Féile na gCloch, Inis Oírr



D'fhreastail breis is 100 duine ar Fhéile na gCloch ar Inis Oírr i Mí Mheán Fómhair 2022, tháinig rannpháirtithe ó gach cearn d'Éirinn, SAM, an Ostair, an Ríocht Aontaithe agus an Chóiré. Mar chuid d'fhéile na bliana seo bhí ceardlanna ar bhallaí cloiche a thógáil, snoíodóireacht chloiche, litreoireacht chloiche, taispeántais ar aol te, agus roinnt cainteanna ar ghnéithe éagsúla de bhallaí cloiche.

25. Speicis Ionracha

Tá córas curtha ar bun ag grúpa oibre um Speicis Ionracha de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun sonraí faoi speicis ionracha a chuireann baill den phobal agus baill foirne ar fáil i dtaca le speicis ionracha ar thalamh na Comhairle a thaifeadh. Cuireadh bearta srianta do Ghunnaire agus don Ghlúineach Bhiorach i bhfeidhm i roinnt áiteanna faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus rinneadh iniúchadh ar speicis ionracha i gConamara Thuaidh.

26. ICAN — Suíomh Gréasáin Oidhreachta Pobail

Lean an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirt le Músaem Shaol an Chontae, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an suíomh gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oidhreachta ar fáil do na grúpaí i rith na bliana.

Taighde ar Bhailte Fearainn

Ag obair le hOidhreacht Pobail na Gaillimhe, GRD, Fóram Chonamara, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Átha an Rí, CDS Chorr na Móna, chun taighde ar stair na mbailte fearainn a thaifeadadh agus a dhoiciméadú. Féach an méid seo a leanas le haghaidh tuilleadh faisnéise:

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/townlands-of-county-galway>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/joyce-country-places>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/galway-east-townland-research>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/connemara-roots-nw-connemara-heritage>

Deontais ón Scéim Tacaíochta Pobail: Oidhreacht

An Scéim Deontais Oidhreachta a chur i bhfeidhm mar chuid de Dheontais Scéim Tacaíochta Pobail Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Féilire an Mhíle Órga

Cuireadh *Féilire an Mhíle Órga* amach i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe 2022 agus dáileadh é ar fud an chontae.

Tionscadal Éire Ildánach, An Oifig Oidhreachta: Tionscadal Gheataí Gaibhnithe na Gaillimhe


Maidir leis an Tionscadal

In ainneoin go ndéantar dearmad air go minic, is gné fhíorluachmhar d'oidhreacht chultúrtha thírdhreach na tuaithe i gContae na Gaillimhe an geata páirce iarainn bhualte a gaibhníodh go dúchasach. Den chuid is mó, ghaibhnítí na geataí páirce seo i gceárta an ghabha áitiúil.

Tá siad praiticiúil agus feidhmiúil agus ag an am céanna is léiriú ealaíonta iad ar an ngabha a rinne iad. Le linn an fhichiú haois, d'éirigh geataí páirce iarainn teilgthe le fráma feadánach cruach, chomh maith le geataí olltáirgthe eile, níos coitianta, ach ag an am céanna chuaigh na geataí iarainn bhualte gaibhnithe i léig faoi mar a chuaigh ceárta an ghabha. Chomh maith leis seo, mar gheall ar athruithe a tháinig ar chleachtais feirmeoireachta, tréigeadh an-chuid de na geataí seo i bhfálta agus i bpáirceanna ar fud an chontae, mar go raibh na seangheataí páirce iarainn bhualte gaibhnithe róbheag chun ligean d'innealra mór nua dul isteach sna páirceanna. Mar sin féin, don té a bhfuil súil ghrinn aige, tá an-chuid de na geataí páirce iarainn bhualte sárthógtha seo fós le fáil timpeall an chontae.

De réir ICMOS “Tá tábhacht leis an oidhreacht thógtha dhúchasach; is é an léiriú is bunúsaí é ar chultúr an phobail, ar a chaidreamh lena thalamh, agus ag an am céanna, is léiriú é ar an éagsúlacht chultúrtha atá ar domhan.”

Mar sin, is í aidhm an tionscadail seo ná an saibhreas geataí páirce iarainn bhualite atá le fáil i gcónaí na Gaillimhe a aithint agus a thaifeadh, agus feasacht agus eolas a mhéadú mar gheall orthu. Féachfaidh sé freisin le hainmneacha na ngaibhne áitiúla agus a gcuid ceartaí a aithint.



Tionscadal Gheataí Gaibhnithe na Gaillimhe 2022

Sa chéim seo den tionscadal, d'oibrigh Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht le Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus le Coláiste an Phaidrín Naofa, an Creagán. Taifeadh breis is 200 geata a gaibhníodh go háitiúil, agus ina theannta seo, tógadh grianghraif de na ceartaí áitiúla a bhí fágtha agus rinneadh agallaimh, podchraoltaí agus taifeadtaí le baill den phobal áitiúil, lena n-áirítear feirmeoirí, gaibhne, sliochtaigh na ngaibhne agus daoine eile a bhfuil eolas acu ar obair an ghabha agus ar gheataí gaibhnithe an cheantair.

Maoiniú

Mhaoinigh Éire Ildánach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal seo le ranníocaíochtaí deonacha ó Ghrúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus ó Choláiste an Phaidrín Naofa, an Creagán

Féach <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galway-forged-gates-project>

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cuireann na Seirbhísí Corparáideacha barr feabhais iontaofa agus comhsheasmhach ar fáil ó thaobh seirbhísí riaracháin de, do na Comhaltaí Tofa, an Chomhairle Iomlánach, Bainistíocht Shinsearach, agus don phobal i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an Aonad íomhá Chorporáideach dhearfach den Chomhairle a fhorbairt go leanúnach, trí sheirbhísí tacaíochta proifisiúnta éifeachtúla a chur ar fáil i bhfoirm Rúnaíocht Chorporáideach don Chomhairle agus dá fostruchtúr chomh maith le réimse

leathan seirbhísí lena n-áirítear Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, an Ghaeilge a Chur chun Cinn, Beartais Áineasa agus Chonláiste, Seirbhísí Custaiméara, Corrthrádail, Beartais Chorporáideacha, an Líonra Oifigí Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísíú, Cartlanna agus Taifid a Bhainistiú, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh agus Dlí.

Cuirtear dul chun cinn agus gnóthachtálacha an Aonaid do 2022 ar fáil thíos de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá sa Phlean Corparáideach 2020 - 2024.

PLEANÁIL & TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Tháinig Comhairle Iomlánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina bhfuil 39 comhalta, le chéile le haghaidh aon chruinniú dhéag mhíosúla in 2022, chun a bhfeidhmeanna Forchoimeáda a chur i gcrích agus chun ábhair chultúrtha, eacnamaíochta agus shóisialta atá riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae a phlé, i gcomhréir leis na Tosaíochtaí Straitéiseacha atá sa Phlean Corparáideach.

Chun cloí le srianta Covid-19 a bhí i bhfeidhm ag an am, reáchtáladh na Cruinnithe Iomlánacha do mhí Eanáir, mí Feabhra, Mí an Mhárta agus mí Aibreáin go cianda trí Microsoft Teams.

Tionóladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle Iomlánaí ar an 17 Meitheamh 2022 i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae. Toghadh an Comh. Michael “Moegie” Maher in áit an Chomhairleora Peter Keaveney mar Chathaoirleach. Ainmníodh an Comh. Eileen Mannion chun teacht in áit an Chomhairleora Jim Cuddy mar Leas-Chathaoirleach.



An Cathaoirleach an Comh. Michael “Moegie” Maher agus an Leas-Cathaoirleach an Comh. Eileen Mannion



Comhairleoirí Chontae na Gaillimhe ón gCruinniú Bliantúil ar an 17 Meitheamh 2022

Thionóil an Chomhairle a Cruinniú Buiséid Reachtúil Bliantúil ar an 28 Samhain 2022 i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae chun an Buiséad Ioncaim 2023 agus an Clár Caipitil Trí Bliana a bhreithniú agus a ghlacadh

Cruinnithe Míósúla na Comhairle	Cruinnithe
Gnáthchruinnithe Míósúla	11
Cruinnithe Speisialta – Plean Forbartha an Chontae	1
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1

FÁILTITHE CATHARTHA 2022

Ar an 22 Iúil 2022 reáchtáladh Fáiltiú Cathartha in Áras an Chontae chun ómós a léiriú d'Fhoireann Pheil na mBan Chill Choirín Chluain Beirn i ndiaidh gur thug siad Craobh Shinsir Peile na gClubanna leo don bhliain 2021





Ar an 24 Deireadh Fómhair 2022 reáchtáladh Fáiltiú Cathartha in Áras an Chontae chun ómós a léiriú don Dr. Ronan Glynn mar aitheantas ar an tseirbhís dhearscnaithe a rinne sé mar Leas-Phríomhoifigeach Leighis agus mar Phríomhoifigh Leighis Gníomhach 2018 - 2022, do Sheaimpíní Chraobh Chamógaíochta na hÉireann 2021, an Ghailimh agus do Ghrúpa Chomhaltas Leacaigh mar aitheantas ar a éachtaí iontacha sa cheol







An Comh. Alastair McKinstry, an Cathaoirleach Peter Keaveney, An tAire Eamon Ryan T.D. agus an tUasal. Jim Cullen, CE.



An tUasal Jim Cullen, CE, Bean Uasal Eileen Ruane, DOS, An tAire Eamon Ryan T.D. agus Bean Uasal Tina Ryan, Comhordaitheoir um Athrú Aeráide

CUAIRT AMBASADÓIR NA SíNE AR CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE – 28 SAMHAIN 2022



An Cathaoirleach an Comh. Moegie Maher, H.E. He Xiangdong, Ambasadóir na Síne chun na hÉireann, Bean Uasal Xia Lining agus Jim Cullen, Príomhfheidhmeannach

LÁ CUIMHNEACHÁIN RINN MHÍL

I mí an Mhárta 2022, reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe Searmanas Cuimhneacháin plandála crann i bPáirc Rinn Mhíl



ARDÚ BHRATACH NA HÚCRÁINE



BÁL AN MHÉARA 2022

Reáchtáil an Comh. Peter Keaveney Bál Méara Carthanachta ar Shatharn an 11 Meitheamh 2022 in Óstán an Ard Rí, Tuaim. Tugadh fáiltais ó Bhál an Mhéara d'Fhondúireacht Ospís na Gaillimhe. Bailíodh breis is €31,000 don charthanacht agus bhí 300 duine i láthair ar an oíche.





GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is iad Seirbhísí Tacaíochta a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach.

Grúpa Beartais Chorparáidigh	Cruinnithe
Grúpa Beartais Chorparáidigh	10

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Tá creat reachtach chun Comhchoistí Póilíneachta a bhunú leagtha amach in Alt 36 (2) den Acht an Gharda Síochána 2005:

“Is é feidhm an chomhchoiste póilíneachta fónamh mar fhóram le haghaidh comhchomhairliúcháin, pléití agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíníú limistéar riaracháin an údaráis áitiúil”

Foráiltear le hAlt 37(1) freisin:

“Le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird ag údarás áitiúil ar an tábhacht a ghabhann le bearta a dhéanamh chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá limistéar freagrachta.”

Feidhmíonn comhchoistí póilíneachta faoi threoirleánte leasaithe ar eisigh an tÚdarás Póilíneachta iad in 2022 i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Dlí agus Cirt, an Aire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus Coimisinéir na nGardaí.

Reáchtáladh cruinnithe comhchoistí póilíneachta ar na dátaí seo a leanas le linn 2022:

- An 7 Feabhra 2022
- An 9 Bealtaine 2022
- An 12 Meán Fómhair 2022
- An 14 Samhain 2022 – ár gCruinniú Poiblí Bliantúil

CUAIRT Ó CHOIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA

D'fhreastail Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris ar ár gcruinniú i Mí Mheán Fómhair i ndiaidh cuireadh a fháil ón gcoiste, chun an tSamhail Oibríúcháin Póilíneachta nua agus ábhair eile a phlé. Chuir an Coiste fáilte mhór roimhe. Rinne sé cur síos mion ar an dul chun cinn a rinneadh ar fud na tíre le linn a chuid ama sa ról, agus leag sé amach na pleananna atá i bhfeidhm don todhcháí agus cad atá i gceist acu a bhaint amach amach anseo.



Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, sa phictiúr le comhaltaí Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae

CRUINIÚ POIBLÍ BLIANTÚIL

Tionóladh ár gcruinniú Poiblí Bliantúil i Mí na Samhna sa Claregalway Hotel i mBaile Chláir. Bhí breis is 50 duine i láthair an oíche sin, agus bhí an-phlé comhrá ann le linn an chruinnithe.

Ba é seo an chéad chruinniú dár nArd-Cheannfort nua, Gerard Roche.



Baill den phobal a d'fhreastail ar ár gCruinniú Comhchoiste Póilíneachta Bliantúil sa Claregalway Hotel ar an 14 Samhain 2022

Le hobair leanúnach an dá fhochoiste, tugadh deis don Chomhchoiste Póilíneachta Bliantúil roinnt mórthionscnamh a chur chun cinn mar atá leagtha amach ina Phlean Oibre Bliantúil do 2022.

BALLRAÍOCHT AN CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Léirítear sa tábla seo a leanas na huimhreacha a bhaineann le gach catagóir bhallraíochta do Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

Comhaltaí Tofa na nÚdarás Áitiúil	Comhaltaí den Oireachtas	Oifigigh na nÚdarás Áitiúil	An Garda Síochána	Pobail/Ionadaithe Deonacha
15	3	2	8	7

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí a chur le chéile do Chontae na Gaillimhe (Cathair na Gaillimhe as an áireamh). Foilsíodh Clár na dToghthóirí do 2022 ar an 1 Feabhra 2021. B'ionann líon iomlán na dToghthóirí ar Chlár na dToghthóirí 2022 agus 139,496.

Shínigh an tUachtarán an tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022 ar an 25 Iúil 2022. Chuir an tAcht bonn reachtach faoi raon athchóirithe suntasacha toghcháin:

- Coimisiún toghcháin neamhspleách a chur ar bun – An Coimisiún Toghcháin
- Nuachóiriú a dhéanamh ar ár bpróiseas cláraithe toghcháin chur níos mó rochtana agus sláine níos fearr a chur ar fáil
- Fógraíocht pholaitiúil ar líne a rialáil chun trédhearcacht a chur ar fáil le linn feachtas toghcháin agus chun a chinntiú go bhfuil ár dtoghcháin díonta ó thionchair folaigh ar an gcaoi ina vótálaimid
- Sláine ár bpróiseas toghcháin a chosaint rud a chinnteoidh go rialófar faisnéis faoi phróisis toghcháin agus faisnéis toghcháin ar líne chun cosaint a sholáthar i gcoinne iompraíochta ionramhálaí nó bréagaí le linn feachtais toghchánaíochta
- Ár gcóras rialála a neartú i dtaca le síntiúis agus cuntais pholaitiúla, lena n-áirítear cumhachtaí nua imscrúdaithe agus forfheidhmithe a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
- Leasaithe ar an dlí toghcháin a fhorálann go réachtálfar vótáil ar na hoileáin ar an lá céanna leis an gcuid eile den tír; agus
- Leasuithe chun vótáil a éascú nuair atá srianta de chineál Covid-19 i bhfeidhm.

Ón 13 Deireadh Fómhair 2022, tháinig an creat reachtach i bhfeidhm chun ár bpróiseas cláraithe toghcháin a nuachóiriú, lena n-áirítear aistriú go dtí clárú atrátha nó leanúnach, agus chun an próiseas cláraithe a chaighdeánú agus a shimpliú. Déanfar gach iarratas chuig an údarás cláraithe ar an gcéad ásc agus ní bhreithneoidh Cláraitheoirí an Chontae ach ar achomhairc.

Leagtar amach ann bunús soiléir i dtaca le sonraí a roinnt agus UPSPanna a úsáid sa phróiseas, agus áirítear ann roinnt forálacha nua mar shampla tacaíocht a thabhairt do dhaoine gan seoladh clárú, agus clárú anaithnid do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainmneacha ar an gclár.

Saoráidí solúbtha atá ar fáil anois do dhaoine le deacrachtaí fisiceacha a leathnú amach do thoghthóirí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Déantar foráil ann freisin chun cead a thabhairt do dhaoine in aois 16- agus 17- réamhchlárú agus deireadh a chur leis an gclár atheagraithe.

SAORÁIL FAISNÉISE/ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL

SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 125 iarraidh le linn 2022 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Cinneadh	Uimhir*
Iarrataí a Bronnadh	45
Iarrataí a Bronnadh go páirteach	24

Iarrataí a Diúltaíodh	39
Iarrataí a Aistríodh	3
Iarrataí a Tarraingíodh siar	3
Tarraingthe siar agus láimhseáilte lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	4

*Rinneadh 3 chás a thabhairt ar aghaidh ó 2021 agus ó dheireadh na bliana 2022, tugadh 10 gcás ar aghaidh go dtí 2023

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS MAIDIR LEIS AN GCOMHSHAOL

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 30 iarraidh san iomlán le linn 2022 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007-2018.

Cinneadh	Uimhir*
Iarrataí a Bronnadh	10
Iarrataí a Bronnadh go páirteach	10
Iarrataí a Diúltaíodh	9
Iarrataí a Aistríodh	0
Iarrataí a Tarraingíodh siar	1
Iarrataí a Tarraingíodh Siar agus a láimhseáladh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise	0
Breithníodh é a dhiúltú	1

*Rinneadh 2 chás a thabhairt ar aghaidh ó 2021 agus ó dheireadh na bliana 2022, tugadh 1 chás ar aghaidh go dtí 2023

RIALACHÁIN COSANTA SONRAÍ

Le linn di a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ceanglaítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méideanna suntasacha “Sonraí Pearsanta” a phróiseáil de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá meas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chearta príobháideachta na ndaoine a bpróiseálaimid a gcuid sonraí pearsanta, agus táimid feasach ar ár n-oibleagáidí faoin Dlí um Chosaint Sonraí.

I dtaobh na sonraí pearsanta a d'fhéadfadh go gceanglófaí ar dhaoine aonair a chur ar fáil dúinn, geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe:

- go bhfaighfear iad ar bhealach dleathach, cóir agus trédhearcach
- go bhfaighfear iad chun críocha sonraithe, follasacha, agus dlisteanacha amháin
- go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid atá riachtanach chun na críche sin dá bhfuarthas iad
- go ndéanfar iad a thaifeadadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go gcoinneofar cothrom le haimsir iad nuair is gá
- nach gcoinneofar iad ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch sin dá bhfuarthas iad.
- go gcoinneofar iad i bhfoirm lena gceadaítear an t-ábhar sonraí a aithint

- go bpróiseálfar iad ar bhealach a chinntíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, cosaint ar phróiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach san áireamh.

Tá Córas Bainistithe Cosanta Sonraí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fud na heagraíochta chun cabhrú leis an gComhairle dlí RSGC agus dlí um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh go leanúnach.

OILIÚINT FOIRNE 2022

Cuireadh oiliúint agus ionductú foirne i dtaca le Cosaint Sonraí & Cibearshlándáil ar fáil ar líne. Cuireadh Oiliúint Feasachta Foirne ar an láthair ar fáil freisin do gach ball foirne agus foilsíodh Nuachtlitir Foirne gach ráithe chun feasacht i dtaca le Cosaint a chur chun cinn.

IARRATAÍ ROCHTANA D'ÁBHAIR SONRAÍ 2022

Fuarthas 17 iarraidh d'Ábhair Sonraí agus freagraíodh dóibh.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle mar chuid den Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ar ríomhphost ag: dpo@galwaycoco.ie nó ar an bhfón ag: (091) 509319.

BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ

- Chuir Rannóg na Saoráidí tús le hoibreacha coigilte fuinnimh agus le hoibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar na fuinneoga velfac i Halla an Chontae trí gach earra iarainn agus gach séala a athrú.
- Suiteáladh ceithre phointe luchtála nua sa charrchlós uachtair i Halla an Chontae agus d'athraigh ár mbeirt airíoch a bhfeithiclí il-leantóirí díosail go cinn leictreacha.
- Cuireadh na hoibreacha um shábháilteacht dóiteáin agus na hoibreacha éifeachtúlachta fuinnimh i gcrích ar Oifig agus Leabharlann an Chlocháin.
- Lean Rannóg na Saoráidí uirthi ag cur seirbhísí bainistíochta saoráidí agus seirbhísí airíochais ar fáil do líonra oifigí agus leabharlann na Comhairle, astu sin tá 26 acu faoi úinéireacht dhíreach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Faoi láthair tá 38 cineál conarthaí cothabhála coisctheacha pleanáilte i bhfeidhm as a dtagann breis agus 1,500 iniúchadh éagsúil ar fud an líonra foirgneamh seo.
- Lean Aonad na Saoráidí air ag dul i mbun próiseas soláthair do réimse conarthaí a bhaineann le bainistíocht saoráidí chun a chinntiú go bhfaighfear luach ar airgead agus go bhfanfaidh caighdeán na seirbhísí mar an gcéanna.
- Rinne Aonad na Saoráidí an córas rialaithe rochtana dorais a shuiteáil agus a chomhtháthú i bhfoirgneamh Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe d'fhonn córas láraithe riaracháin a chruthú.
- Chabhraigh aonad na Saoráidí le rannóg na leabharlainne chun an chéad My Open Library atá ag feidhmiú a fháil ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.

- Rinne Aonad na Saoráidí obair chun rochtain a fheabhsú ar an mbealach isteach ar chúl Halla an Chontae.

BAINISTÍOCHT FUINNIMH AGUS TIONSCNAIMH LAGHDAITHE FUINNIMH

- Lean faireachán agus bainistiú éifeachtúlachta fuinnimh de bheith ina bpríomhfhócas ag an aonad saoráidí.
- Rinne sé deimhniú reachtúil leictreachais ar fhoirgnimh na Comhairle
- Lean Halla an Chontae uirthi ag feabhsú a Rátála Fuinneamh Foirgneamh (BER) oibríochtúil.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA

- Lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha de bheith ag seachadadh a chuid riachtanas faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí amhail tástáil PAT, tástáil legionella, tástáil thréimhsiúil ar fhearais leictreacha, measúnuithe VDU do gach Oifig agus Leabharlann, clár tástála agus cothabhála aláraim dóiteáin agus solais éigeandála, cigireacht reachtúil agus cothabháil ardaitheoirí paisinéirí, córais rochtana dín agus córas téimh gáis.
- Leanadh le Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn rialta i gcomhréir le cur chun feidhme Phlean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle.
- Rinneadh cothabháil tírdhreachaithe ar Pháirc Rinn Mhíl agus leanadh leis an obair i gcomhar leis an Scéim Fostaíochta Pobail áitiúil. Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar limistéir na suíochán poiblí agus na saoráidí bailithe dramhaíola.
- Is é an tAonad Áiseanna i gcomhar leis an rannóg Acmhainní Daonna, atá freagrach as Maor Dóiteáin a oiliúint.

SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL/SEIRBHÍS CRÓINÉARA

MAOIR PHOBAIL

Seirbhís faoi éide de chuid an Údaráis Áitiúil is ea na Maoir Phobail agus tá roinnt ról éagsúil acu ar fud raon feidhmeanna an Údaráis Áitiúil, lena n-áirítear:

- Forfheidhmiú - cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais mhadraí agus corrrhrádáil.
- Monatóireacht - eastáit tithíochta, áiseanna poiblí amhail ionaid athchúrsála, ionaid fág anseo, páirceanna, trána agus clóis súgartha.



- Cúnamh – do thurasóirí, do sheandaoine, do scoileanna, do phobail chomharsanachta, don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí stáit eile.
- Rinneadh suirbhéanna ar thruailliú bruscair/Laithreáin Thréigthe, agus lean Maoir Phobail ag déanamh cigireachtaí rialta ar chlóis súgartha, páirceanna, eastáit an Údaráis Áitiúil, Láithreáin Stad, Céibheanna, Baoithe Tarrthála agus Bainc Buidéal le linn 2022 agus lean siad orthu ag cabhrú le Glantacháin Phobail le linn na bliana.
- Rinneadh 1147 cigireacht faoi reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Aeir, Bainistíocht Dramhaíola agus Truailliú Uisce.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 231 suirbhé maidir le truailliú bruscair de réir tháscairí na Seirbhíse Náisiúnta.
- Lean na maoir phobail ar aghaidh le Forfheidhmiú Comhshaoil, lena n-áirítear fíneálacha bruscair a eisiúint agus fógraí faoi na hAchtanna um Bainistíú Dramhaíola agus Truailliú Uisce. Eisíodh 67 fíneáil bhruscair san iomlán in 2022.
- Lean Maoir Phobail ag cuidiú le hoibriú pá agus taispeáint páirceála agus cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta tráchta i roinnt bailte ar fud an Chontae.
- Iarrann an Roinn Tithíochta seirbhísí na Maor Pobail i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall 1996.
- Lean feachtais chigireachta ceadúnaithe madraí ar aghaidh freisin i rith na bliana.
- Chabhraigh na Maoir Phobail faoi Acht na mBóithre 1993 le feithiclí tréigthe a thógáil den bhóthar le linn na bliana.

AN TSEIRBHÍS CRÓINÉARA

Lean an Chomhairle uirthi ag cur tacaíocht riaracháin ar fáil chun gach íocaíocht táillí do Sheirbhís Cróinéara an Chontae agus na Cathracha a phróiseáil. Is í an Chomhairle a íocann costas iomlán na Seirbhíse Cróinéara trína buiséad ioncaim, gan aon mheicníocht le haghaidh forchúitimh.

INIÚCHADH INMHEÁNACH/SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH DLÍ

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is é cuspóir an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ná chun tuairim oibiachtúil agus neamhspleách a sholáthar don Choiste Iniúchta agus do Bhainistíocht ar rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach agus a éifeachtaí is atá siad i dtaca le cuspóirí aontaithe Chomhairle Chontae na

Gaillimhe a bhaint amach. Tá ról neamhspleách agus comhairleach aige chomh maith chun cabhrú le bainisteoirí líne rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha a fheabhsú.

Dréachtaíodh an Plean Iniúchta Inmheánaigh 2022 arb é clár oibre bliantúil an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh, i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, Foireann Feidhmiúcháin, Coiste Iniúchta agus Ceann an Aonaid Iniúchta. Bhí 5 réimse sa phlean le haghaidh scrúdú iniúchta faoi mar atá liostaithe thíos.

Tagairt	Teideal
IA22/01	Mionseiceálacha* Thuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí
IA22/02	Scéim Suíocháin agus Oiriúintí Lasmuigh don Earnáil Turasóireachta agus Fáilteachais
IA22/03	An Clár um an Ionchuimsiú Sóisialta agus an Gníomhachtú Pobail – 2020 & 2021 Athbhreithniú Fíorúcháin
IA22/04	Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála 2021
IA22/05	Oibreacha Caipitil Tógáil na Fána Buí, Tuaim M7-2-300

***Iniúchtaí Reachtúla**

OBAIR INIÚCHTA INMHEÁNAIGH A RINNEADH IN 2022

Tá torthaí an iniúchta maidir le gach athbhreithniú, in éineacht lenár moltaí gníomhaíochta agus freagraí na bainistíochta leagtha amach inár dtuarascálacha mionsonraithe.


Rinne an tIniúchadh Inmheánach cúig athbhreithniú iniúchta le linn 2022, críochnaíodh ceithre cinn acu seo roimh dheireadh na bliana, tá ceann amháin fós idir lámha agus cuireadh ceann amháin ar athló.

Réimse Iniúchta Iniúchtaí - Tuarascálacha Deiridh	Leibhéal Cinnteachta	Moltaí				Glactha
		Ard	Meánach	Íseal	Iomlán	
Cód Caiteachais Phoiblí	Substaintiúil	-	-	-	-	
Scéim Suíocháin & Oiriúintí Lasmuigh	Substaintiúil		1	2	3	3
SICAP	Substaintiúil	-	1	1	-	2
Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha	Meánach	2	2	2	6	6
Obar idir lámha	Stádas amháin an 31/12/2022					
Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála 2021	Idir Lámha – Tástáil iniúchta ar bun					
Oibreacha Caipitil Tógáil na Fána Buí, Tuaim N7-2-300	Curtha ar athló – mar gheall ar acmhainní gan ar bheith ar fáil, athbhreithniú le tosú i mí Eanáir 2023					

Chomh maith leis na hathbhreithnithe iniúchta a luadh thuas, déantar seiceálacha ar chomhlíontacht, má tá acmhainní ar fáil, ar roinnt réimsí seirbhíse laistigh den Chomhairle ar bhonn thréimhsiúil.

Moltaí a chur i bhfeidhm

Sa tábla seo a leanas, tá stádas gníomhaíochtaí iniúchta aontaithe ar fáil. Tá ceithre mholadh 'idir lámha' ó Iniúchadh a críochnaíodh go déanach in 2022 agus tá athbhreithniú le déanamh air in 2023.



AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Comhlíonann an Coiste Iniúchta ról tábhachtach sa chreat rialachais trí chabhair a thabhairt don Chomhairle chun monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht rialuithe inmheánaigh, bainistíocht riosca, tuairisciú airgeadais, agus na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh/sheachtraigh.

Tionóladh 4. chruinniú Coiste Iniúchóireachta in 2022 agus bhí rannpháirtíocht láidir ann ó gach comhalta Coiste ag gach cruinniú.

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta	Dátaí na gCruinnithe			
	22/06/2022	06/09/2022	15/11/2022	13/12/2022
An tUasal Des Mahon, an Cathaoirleach	✓	✓	✓	✓
An tUasal Seamus Duffy	✓	✓	✓	✓
Bean Uasal Sarah Roarty	✓		✓	✓
An Comh. James Charity		✓	✓	✓
An Comh. Liam Carroll	✓	✓	✓	✓

Le linn 2022, chomhlíon an Coiste Iniúcháireachta a dhualgas maidir le dhá thuarascáil reachtúla a ullmhú don Chomhairle faoi mar atá leagtha amach thíos:

De bhun Alt 15 de Rialacháin Údaráis Áitiúil (Rialacháin an Choiste Iniúcháireachta 2014) cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2021 an Choiste ar ghníomhaíocht faoi bhráid na Comhairle ag an gcuinniú iomlánach a tionóladh ar an 23 Bealtaine 2022. [Miontuairisc 3972](#)

De bhun Alt 60 d'Acht um Rialtas Áitiúil 2014, d'ullmhaigh an Coiste Iniúcháireachta tuarascáil reachtúil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil Iniúcháir an Rialtais Áitiúil 2021 a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ag an gcuinniú iomlánach a tionóladh ar an 19 Nollaig 2022. [Miontuairisc 4078](#)

AN TSEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH DLÍ

Lean Roinn na nGníomhairí Dlí uirthi ag cur na ngnáthsheirbhísí dlí agus comhairleacha ar fáil do gach réimse cláir agus do Stiúrthóireachtaí le linn 2022.

Áiríodh leis na seirbhísí seo maoine a fháil agus a dhíol (réimse cleachtais a bhí fós ag fillleadh ar ghnáthleibhéil i ndiaidh thionchair Phaindéim Covid 19), stiúradh dlíthíochta le go mbeadh forfheidhmiú ionchúisimh na Cúirte Dúiche mar chuid de, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt, Athbhreithniú Breithiúnach san áireamh, gach ceann díobh anois fillte ar ghnáthleibhéil agus le forbairtí laistigh de Sheirbhísí Cúirte, táthar in ann éisteachtaí ar an láthair agus ar líne a chur ar fáil. Réimsí suntasacha oibre eile do Roinn na nGníomhairí Dlí ab ea fálacha talún a chur i gcrích, CPOanna ar bhealaí idiruirbeacha agus scéimeanna leathnaithe bóithre. Is ualach suntasach oibre é Forfheidhmiú Cóid freisin don roinn, ina bhfuil ionchúisimh phleanála agus comhshaoil i gceist i ndlínsí cúirte éagsúla.

Leantar leis an gCóras Bainistithe Cásanna a nuashonrú ar bhonn leanúnach, rud a éascaíonn úsáid teimpléad chun sreafaí oibre a chruthú d'fhonn seirbhísí dlí a sholáthar go héifeachtúil agus go cost-éifeachtúil. Tá uasoiliúint déanta ar roinnt ball foirne chun cabhrú le bainistíocht laethúil an chórais, rud atá ríthábhachtach d'fheidhmiú an aonaid.

Tá obair ar bun faoi láthair, i gcomhar le réimsí agus aonaid eile laistigh den eagraíocht, chun Clár Tailte na comhairle a chothabháil agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh air. Mar chuid de seo, beidh comhoibriú lenár gcomhpháirtithe in TF, Airgeadas agus Tithíocht go háirithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh an Chláir le linn 2022, agus tá an fhreagracht tugtha do roinnt ball foirne tailte a aithint agus chun iarratais “Céadchlárúcháin” a chur i gcrích san Údarás Clárúcháin Maoine.

Chuir Roinn na nGníomhairí Dlí seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha breise ar fáil d'Fheidhmeannas na Comhairle agus baill foirne eagraíochtúla laistigh de na sainréimsí Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise, lena n-áirítear Comhairle agus Tuairim shonrach a fháil ó Chomhairle Dlí, de réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí.

OIBRIÚ MARGAÍ. CEADÚNAIS CHORRTHRÁDÁLA & SCANNÁIN

Téann bliain an Cheadúnais Corrrthrádála ón 1 Aibreán go dtí an 31 Márta. Eisítear ceadúnais gach bliain i ndiaidh íocaíocht a fháil i gcás roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae i gcomhréir le Fodhlíthe Corrrthrádála.

Is iad seo a leanas láithreacha na mbailte agus na sráidbhailte:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Dún Mór
- An Gort
- Áth Cinn
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Tuaim
- Port Omna

BÁNNA CORRTHRÁDÁLA

Ceadúnais Bhliantúla	
Réimse	Líon na gCeadúnas a eisíodh 2022
Baile Átha an Rí	5
Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Mhuire)	5
An Clochán	8
Dún Mór	1
An Gort	9
Áth Cinn	1
Baile Locha Riach	2
An Creagán	4
Port Omna	3
Tuaim	8

Ceadúnais Imeachta Speisialta	
Réimse	Líon na gCeadúnas a eisíodh 2022
Tuaim	1
Béal Átha na Sluaighe	2
An Baile Gearr	17
An Clochán	3
An Mám	7
An Dún Mór	28

Ceadanna do Dhíoltóirí Uachtar Reoite ag Tránna/Páirc Ainmnithe	
Réimse	Líon na gCeadúnas a eisíodh 2022
Trácht, Cinn Mhara	1
Trá na bhForbacha	1
Trá an Dóilín	1
Cloch na Rón	1

CEADÚNAIS SCANNÁIN

Le linn 2022, fuair seirbhísí corparáideacha 25 iarraidh ó chomhlachtaí léirithe scannán chun maoine poiblí a úsáid chun scannánaíocht a dhéanamh orthu. Bhí roinnt de na hiarrataí ar feadh lae, ach leathnódh cuid acu amach go dtí cúpla lá.

ÁINEAS, CONLÁISTE, PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE


Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag infheistiú in áiseanna súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais phoiblí a chur ar fáil do roinnt áiteanna súgartha a bhainistítear ag an bpobal mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, comh maith le cothabháil dhíreach a dhéanamh ar chlóis súgartha inár bpríomhbhailte. I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh roimhe seo faoi Pholasaí Súgartha na Comhairle, cuireadh cúnamh ar fáil do chlóis súgartha trí chistiú díreach agus trí sholáthar árachais. Go dtí seo, forbraíodh 77 clós súgartha sa Chontae, faoin bpolasaí seo a sholáthraíonn ceann de na gréasáin is fairsinge de chlós súgartha in aon Chontae atá ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí i ngach príomhionad lonnaithe agus i bpríomhionaid turasóireachta.



Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta a dhearbhú go ndéanfar athchóirithe agus deisiúcháin ar Chlós Súgartha Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe agus ar Chlós Súgartha Phort Omna i ndiaidh gur éirigh linn maoiniú a fháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.



Suiteáil Trealamh Nua ag Clós Súgartha Phort Omna



Suiteáil Trealamh Nua ag Clós Súgartha Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta a dhearbhú go leanfar le Suiteáil na gClár Cumarsáide i gClós Súgartha Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe agus i gClós Súgartha Phort Omna. Tugann na Cláir Chumarsáide tacaíocht do gach páiste, páistí le hUathachas go háirithe, chun teanga a amharcléiriú agus a thuiscint, agus soláthraíonn siad spota sóisialta do gach úsáideoir chun bailiú agus idirghníomhú le chéile. Tá na cláir chumarsáide dátheangach (Gaeilge agus Béarla)

Bhí an aip chigireachta ar líne fós ag obair go maith in 2022 mar go gcabhraíonn sé le Maoir Phobail cigireachtaí a dhéanamh lena bhfóin chliste agus tuairiscí a chur isteach go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú rud a chuireann taifead ar fáil de na cigireachtaí seachtainiúla atá de dhíth ar mhaithe le cothabháil agus árachas

PÁIRC RINN MHÍL

Tá Páirc Rinn Mhíl ar cheann de na páirceanna is mó sa Chontae, le líonra siúlóidí, clós súgartha, agus giomnásiam amuigh faoin aer. Tá Páirc Rinn Mhíl á bainistiú ag Comhairle

Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is suíomh ainmnithe é ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin'. Tá sé in úsáid go forleathan ag cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí, agus eagraíochtaí áitiúla ar nós Grúpaí Gasógaíochta.

D'fhostaigh an Chomhairle Airíoch séasúrach ó mhí an Mhárta go mí Dheireadh Fómhair 2022. Leanadh leis an lamháltas chun sólaistí éadroma a dhíol ag Páirc Rinn Mhíl ó Mhí an Mhárta go Mí Mheán Fómhair.



Suíocháin do phicnicí i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór

RAON LÚTHCHLEASA DHÚN LEO, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Conláiste luachmhar do phobal Bhéal Átha na Sluaighe agus Oirthear na Gaillimhe is ea Raon Lúthchleasa Dhún Leo atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tacaíocht a fuarthas ó chlár TUS i dtaca le seirbhísí a sholáthar don tsaoráid. Tacaíonn na seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear faoin Scéim le feidhmiú na saoráide ar bhonn laethúil agus cinntíonn sé gur féidir na saoráidí a chur ar fáil le go mbainfidh an pobal agus clubanna áitiúla taitneamh agus tairbhe astu.

IONAD CUAIRTEOIRÍ CHATH EACHROMA

I mí an Mheithimh 2022, athosclaíodh Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma i ndiaidh dó a bheith dúnta ó 2019 mar gheall ar shrianta Covid-19. Athosclaíodh an t-ionad ó mhí an Mheithimh go Mí Lúnasa agus tháinig breis is 1,000 cuairteoir go dtí an t-ionad do bhiaiste an tsamhraidh, roinnt turas scoile ón réigiún agus ó chontaetha ina aice lámhe san áireamh.

Bhí oíche sheolta ann ar Chéadaoin an 15 Meitheamh 2022 agus d'oscail an Cathaoirleach an Comh. Peter Keaveney an t-ionad le slua mór ann idir mhuintir na háite, Comhairleoirí, aíonna a tugadh cuireadh dóibh ón tionscal turasóireachta agus ón tionscal áitiúil gnó.



An Cathaoirleach an Comh. Peter Keaveney, Laura Sharkey, Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha, agus Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, an Comh. Dermot Connolly



Baineadh úsáid as Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma le haghaidh scannánaíochta le cainéal Discovery + i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus an láithreoir Vogue Williams ag scannánú san Ionad ar feadh 2 lá.



Laura Sharkey, Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha, Vogue Williams, Láithreoir Teilifíse, Abbie McGowan, Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe agus Michael Riddell, Cath Eachroma 1691

SEACHTAIN NA HOIDHREACHTA

Ar Shatharn an 20 Lúnasa 2022, reáchtáil an grúpa Chath Eachroma 1691 imeachta mór-éilimh Siúl Thart is Labhair Faoi ag Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta.

D'fhreastail breis is 100 duine air chun éisteacht le scéalta faoin gcath agus chun páirt a ghlacadh i siúlóid timpeall na láithreach catha.



SRAITH LÉACHTAÍ SAMHRAIDH MARTIN JOYCE 2022

Reáchtáladh 8 léacht lóin ar an Aoine i gcaitheamh bhiaiste an tsamhraidh 2022 in Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma inar tugadh cuireadh do réimse breá léachtóirí labhairt faoi raon leathan topaicí. Bhí freastal maith ar gach léacht agus sólaistí ar fáil do gach duine.

Dátaí 2022	Cainteoir	Teideal na Léachta
24 Meitheamh	Joe Joyce	“An fealltóir é Henry Luttrell i ndáiríre?”
08 Iúil	Michael Riddell agus Abbie McGowan	“Béaloideas Chath Eachroma”.
15-Iúil	Daniel Curley	Eachroim Uí Mhaine sna meánaoiseanna deireannacha, caint léirithe
22 Iúil	Joe Kelly	“Muintir Uí Cheallaigh” - Réamhrá
05-Lún	George Geraghty	“Borradh agus Meath Theach na Stíobhartach”
12-Lún	An Dr. Pádraig Lenihan	“Lánléargas ar Eachroim le Jan Wyck nó Dirck Maes: Nóiméad Ama?”
19-Lún	Joe Loughnane	Frithcheilg na Connaught Rangers san India, mí an Mheithimh 1920 agus roinnt rannpháirtíochta áitiúla
26-Lún	Ronan Killeen	Tobair Bhríde in Oirthear na Gaillimhe sa 19ú hAois



An Comh. Evelyn Francis Parsons agus Joe Joyce Sraith Léachtaí Samhraidh Martin Joyce 2022



CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE

Tosaíocht Straitéiseach: Chun leas an chontae, a phobail agus a mhuintire a fheabhsú, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, ionchuimsiú sóisialta a uasmhéadú agus tacú le saoránacht ghníomhach.

CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE

D'oibrigh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe go dian le linn 2022 chun seirbhís fheabhsaithe, ionchuimsithe agus thacúil a sholáthar do phobail i suímh uirbeacha agus tuaithe araon. Is acmhainn thábhachtach do pháistí, daoine fásta agus teaghlaigh i gcathair agus contae na Gaillimhe fós iad seirbhísí Leabharlainne. Le linn 2022, chuir an leabharlann sraith shaincheaptha seirbhísí, clár, ceardlann, léachtaí agus tionscadal ar fáil a d'uasmhéadaigh ionchuimsiú, a chuir litearthacht chun cinn agus a spreag saoránacht ghníomhach.

Chun na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach, cuireann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe raon leathan de sheirbhísí ar fáil trína líonra fairsing. Tá siad seo liostaithe anseo chun forbheathnú seirbhíse a thabhairt.

- 29 Leabharlann Craoibhe
- Seirbhís leabharlainne taistil
- Seirbhís scoileanna do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna
- Roinn Cartlainne
- Seirbhís Staire Áitiúla
- Seirbhís Closleabhar do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu
- Seirbhísí agus cláir chéadfacha
- Ardán Leabharlainne Fíorúla a chuireann seirbhísí ar fáil 24/7 lena n-áirítear na cinn seo a leanas
 - Ríomhleabhair agus ríomhchlosleabhair
 - Síntiúis Ríomhirisí
 - Úrscéalta grafacha agus greannáin
 - Cúrsaí ar líne a chlúdaíonn réimse leathan ábhar, topaicí agus tacar scileanna
 - Tacaíochtaí litearthachta do leanaí a bhfuil rochtain acu ar ardáin tacaíochta foghlama ar nós Nessy learning, TTRS.
 - Acmhainní ilteangacha a ligeann do leanaí suas le 300+ teanga a fhoghlaim, a léamh agus taithe a fháil orthu trí shuíomh gréasáin LOTE.
 - Medici TV – a sholáthraíonn rochtain shaor in aisce ar líne ar raidhse acmhainní ceoil, léachtaí agus máistir-ranganna
 - Rochtain ar nuachtáin Idirnáisiúnta

B'ionann ballraíocht ghníomhach Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus 33,497 duine

In 2022, eisíodh 592,604 mír (ní áirítear san fhigiúr seo Ríomhleabhair agus Ríomhchlosleabhair) agus tugadh breis is 360,000 cuairteanna ar ár leabharlanna

Gníomhaíochtaí táscaha in 2022:

- Bhí leabharlanna fós ar cheann de na spásanna poiblí ba mhó ar tugadh cuairt orthu i gContae na Gaillimhe. Is ionaid chathartha agus chultúrtha fhadbhunaithe iad ár leabharlanna ina gcuid pobal, conláiste saor in aisce atá ar fáil do chách.
- Bhí an pobal an-dearfach faoin tseirbhís Dáileacháin Náisiúnta mar gheall gur cuireadh teidil as cló, rochtain ar fhicsean agus neamhfhicsean nua agus téacsleabhair chúrsa ar fáil. Tá méadú ag teacht ar úsáid na seirbhísí i gcónaí, i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar líon na gcuariteoirí i ndiaidh na paindéime.
- Rinneadh uasghrádú ar rochtain idirlín sna leabharlanna craoibhe ar fud na cathrach agus an chontae. Rinneadh seirbhísí WIFI a leathnú agus a uasghrádú i roinnt leabharlanna freisin.
- Tá buntáistí móra ag baint le hacmhainní ar líne a chur chun cinn agus feacht a spreagadh mar gheall orthu, agus ár bpobail ilghnéitheacha ag fáil tacaíochta anois le teangacha, cúrsaí agus ardáin foghlama éagsúla. Chabhraigh baill foirne le hoiliúint i scileanna digiteacha, agus chabhraigh siad go mór le hardú leanúnach ar úsáid.
- Baineadh mórthosaíochtaí ár bplean gnó amach mar chuid de na hiarratais mhaoinithe a rinneadh ar Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus ar éiríodh leo. Dhírigh na cláir sin ar thacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ar an imeall, eisiata go sóisialta, agus atá faoi mhíbhuntáiste inár bpobail. Fuarthas maoiniú chomh maith chun cothromas digiteach a chur ar fáil, agus chun ceannach ceadúnas agus aipeanna litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha a éascú.
- Osclaíodh Seomra Céadfach nua i Leabharlann an Taoibh Thiar le líon ball foirne tiomnaithe i gceannas uirthi. Cuireadh feabhas ar leathnú amach na seirbhísí Céadfacha trí ábhair chéadfacha a sholáthar do gach leabharlann sa líonra. Scaipeadh bileoga eolais freisin a dearadh chun béim a chur ar an raon seirbhísí céadfacha gaolmhara atá sa chathair agus sa chontae. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann i bhFeacht ar Uathachas.
- Seoladh an chéad MOL (My Open Library) i nGaillimh i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe i mí na Samhna 2022.
- Tá an chéad Chlár Náisiúnta Aitheantais Leabharlainne Aoisbháuil fós a leathnú amach i seirbhís Leabharlainne Poiblí na Gaillimhe. Bronnadh an Chairt Aoisbháuil ar chúig phointe seirbhíse leabharlainne, agus tá ceithre leabharlannaí is fiche ag dul i dtreo na céime deireanaí sula mbronnfar an Chairt Aoisbháuil ar a leabharlanna.
- Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge arís in 2022 le taispeántais bhreátha d'ábhair Ghaeilge atá ar fáil i ngach craobh leabharlainne do dhaoine fásta agus do pháistí. Tá Seirbhís Leabharlainne Poiblí na Gaillimhe tiomanta chun céatadán dá chiste leabhar a leithdháileadh i dtreo ábhair Ghaeilge a cheannach. Scaipeadh leaganacha Gaeilge de chluichí boird mór-ráchairte, amhail Scrabble agus Monopoly, ar ár leabharlanna freisin.
- Cuireadh tacaíochtaí Úcránacha i bhfeidhm dóibh siúd a raibh orthu imeacht as a mbaile mar gheall ar an gcogadh atá ar siúl. Rinneadh athbhreithniú agus cúchóiriú ar phróiseas ballraíochta na leabharlainne le gur féidir rochtain láithreach a fháil ar ár n-acmhainní. Ceannaíodh agus dáileadh stoc, agus leasaíodh ar n-árdáin acmhainní ar líne chun ábhar a thairiscint san Úcráinis. Chinntigh ár dtionscnaimh for-rochtana go mbeadh gach oibrí tacaíochta ar an eolas faoin rochtain saor in aisce ar WIFI agus rochtain phoiblí PC atá ag ár leabharlanna lena n-úsáid ag an bpobal. Reáchtáil ár leabharlanna imeachtaí lánpháirtíochta pobail ar nós 'Fan agus Déan súgradh' agus maidineacha caifé.

TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA:

Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Glacann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe páirt sa Tionscnamh Náisiúnta Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, a bhfuil sé mar aidhm aige go mbeadh aitheantas ar leabharlanna poiblí mar fhoirse luachmhar do phobail i dtaobh faisnéise sláinte. I gClár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, pléitear le sé phríomhréimse - Óige Shláintiúil, Bia Sláintiúil agus Maireachtáil Ghníomhach, Folláine agus Meabhairshláinte, Aosú Dearfach, Alcól agus Tobac.

Cuireann an Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann feabhas ar an bhfaisnéis sláinte reatha atá i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, trí bhailiúchán cuimsitheach leabhar nua, ríomhleabhar, ríomhchlosleabhar, ríomhírisí agus cúrsaí ar líne ar shláinte agus folláine a chur ar fáil. Chun cur le stoc leabhar agus acmhainní ar líne Éire Shláintiúil, tá sraith de chainteanna, ceardlanna ar líne agus sa chraobh, ina bhfuil béim ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus litearthacht i dtaobh cúrsaí sláinte.

In 2022, mar chuid den chlár Éire Shláintiúil i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, bhí 21 caint agus ceardlanna ar thopaicí éagsúla, ó chothú sláintiúil, aclaíocht a dhéanamh agus fanacht gníomhach, meanapás a thuiscint, tuismitheoireacht ag páistí imníocha, sláinte chodlata, traochadh a chosc agus conas téarnamh uaidh, folláine oibre agus ailléirgí a bhainistiú. Bhí rogha de chainteanna Gaeilge ar thopaicí sláinte éagsúla ar siúl i Leabharlann na Ceathrún Rua agus roinneadh iad ar mheáin shóisialta agus ar chainéal Youtube Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe.

Ceart chun Léitheoireachta

Is clár náisiúnta é *Ceart chun Léitheoireachta* chun litearthacht agus forbairt léitheoireachta a chur chun cinn do dhaoine de gach aois. Seoladh é mar chuid de *Dheiseanna do Chách: An leabharlann phoiblí mar chatalaíoch le haghaidh forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha.2013-2017* (Straitéis na Leabharlann Poiblí), tá ceithre chlár náisiúnta mar chuid de a dearadh chun léitheoireacht agus litearthacht páistí a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na ceithre chlár:

- Earrach i Scéalaíocht
- Réaltaí an tSamhraidh
- Féile Leabhar na bPáistí
- Am Teaghlaigh i do Leabharlann

Le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine, reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe 15 cheardlann scéalaíochta agus ceirde ar líne agus sa chraobh chun **Scéalaíocht san Earrach** a cheiliúradh agus ghlac 166 duine páirt iontu.

Reáchtáladh eachtra léitheoireachta **Réalta an tSamhraidh** ar fud an chontae agus chláraigh 3,184 páiste chun páirt a ghlacadh ann. D'eagraigh ár Leabharlanna céad is a ceithre déag imeacht ar fud an tsamhraidh agus bhí breis is 1,300 páiste rannpháirteach sna himeachtaí seo. San áireamh leo seo, bhí cuairteanna ó údair, ceardlanna potaireachta, rince, pailneoirí agus sorcais, eispéiris 3T agus ceardlanna ceardaíochta a phléigh raon leathan rudaí ó oragámaí go conas do chuircín féin a dhéanamh.



D'éirigh go seoigh le **Am Teaghlaigh i do Leabharlann** agus réachtáladh 37 imeacht ag amanna a bhí oiriúnach do theaghlaigh agus 527 duine ag glacadh páirt iontu. Déanann an tseirbhís leabharlainne cathaoirleacht ar Líonra Cheart chun Léitheoireachta, ina bhfuil ionadaithe ó ghníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na forbartha agus na tacaíochta litearthachta. Tagann an Líonra le chéile faoi dhó gach bliain.

Féile Leabhar do Pháistí 'Book It!' is Féile Leabhar do Pháistí é seo a bhíonn ar siúl gach mí Dheireadh Fómhair ar fud Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe agus Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe. Ceiliúradh is ea an fhéile seo ar leabhair agus ar léitheoireacht agus is deis é chun bualadh le húdair nua nó leis na húdair is ansa leat, páirt a ghlacadh i gceardlanna éagsúla agus taitneamh a bhaint as an bpróiseas léitheoireachta.

Lenár gcuid oibre sa tseirbhís leabharlainne, tuigimid an tionchar a bhí ag na blianta beaga anuas ar mheabhairshláinte ár ndaoine óga. Ba é ár dtéama do 2022 ná 'Bí Deas le d'Intinn' agus bhí sé mar aidhm ag ár n-imeachtaí aireachas, dearfacht agus féinmhuinín a chur chun cinn i measc daoine óga. Ghlac páistí agus déagóirí páirt i gceardlanna aireachais agus folláine le cabhair ó údair, maisitheoirí, cleachtóirí i rith na míosa.



Is comhfhiontar nua é tionscnamh **Mála Leabhar Beag na Leabharlainne** idir leabharlanna, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Dháil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe breis is 1,200 Mála Leabhar Beaga Leabharlainne ar 300 Ionad Luathfhoghlama i gContae na Gaillimhe.

25 FEABHRA 2022: LÁ LÉANN ÉIRE

Thug an lá náisiúnta chun léitheoireacht a cheiliúradh an deis do leabharlanna ar fud na cathrach agus an chontae ócáidí agus cláir a reáchtáil chun léitheoireacht i ngach formáid a spreagadh.

Seoladh conairí scéalaíochta lasmuigh chun léitheoireacht agus bithéagsúlacht a thaispeáint. Thug Comhaltaí Tofa, scríbhneoirí agus filí tacaíocht dár n-imeachtaí agus ghlac siad páirt i bhfeachtais léitheoireachta éagsúla.



ÉIRE ILDÁNACH

LÉAMH MÓR NA GAILLIMHE 2022: SIÚL SIAR LE FOCAIL



Clár bliantúil imeachtaí is ea Léamh Mór na Gaillimhe a bhíonn á eagrú ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le linn mhí na Samhna. Is é an cuspóir atá aige ná ár n-oidhreacht litríochta, stair, agus ár gcultúr uathúil a chur chun cinn, agus meas a chothú ar a éagsúlacht agus ar a shaibhreas.

Léamh Mór na Gaillimhe 2022: Turas liteartha trí Chonamara Theas ab ea Wandering West with Words, a chuaigh siar an bóthar chun coiscéimeanna údar taistil éagsúil a leanúint, agus a d'aimsigh an focal labhartha, an fhilíocht, an prós agus an t-amhrán a dhéanann scríbhneoirí ón Iarthar, amhail Máirtín Ó Cadhain, Joe Steve Ó Neachtain, Caitlín Maude agus go leor eile.

Reáchtáladh sraith d'imeachtaí ar an láthair i Leabharlann an Spidéil agus Leabharlann na Ceathrún Rua le linn mhí na Samhna 2022, chun béim a leagan agus iniúchadh a dhéanamh ar shaolta agus ar shaothair scríbhneoirí agus ealaíontóirí ó Chonamara Theas.

Beidh an Clár faisnéise taistil a thaispeánann turas an scríbhneora ar chósta an Iarthair agus a leagann béim ar áilleacht an tírdhreacha; na háiteanna inar scríobhadh na focail, inar canadh na hamhráin, inar labhraíodh an fhilíocht agus na láithreáin stairiúla agus seandálaíochta a fiosraíodh ar fáil ar chainéal YouTube na Leabharlann i mí Aibreáin 2023.




DEICH MBLIANA NA GCUIMHNEACHÁN

Sheol Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, mar chuid de Chlár Dheich mBliaana na gCuimhneachán de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe dhá thionscadal ' *Ealaíontóirí agus Gníomhaithe: 1922 Mná i dTírdhreach Cultúrtha Athraitheach* agus *1921: Dialóg trí Fhilíocht agus Ceol* Díríonn na tionscadail seo ar thaithí laethúil na ngnáthdhaoine a bhí ag maireachtáil in amanna neamhghnácha.

Ealaíontóirí & Gníomhaithe: Leagann **1922 Mná i dTírdhreach Cultúrtha Athraitheach** béim ar ról na mban mar ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha go luath san fhichiú haois trí shaothair ó na mná a d'athraigh as éadan an ealaíon in Éirinn a thaispeáint, píosaí ealaíne baile san áireamh ar nós fíodóireachta, bróidnéireachta agus éadaí.

Bhí sraith cainteanna, ceardlann agus ceithre choimisiún mar chuid den tionscadal.




Is é '**Behind the Scenes**' an teideal atá ar choimisiún ceardaíochta le Jean Moran. Tá sé seo ar cheann de cheithre Choimisiún éagsúla ó Ealaíontóirí agus Gníomhaithe


Seasann an fhíodóireacht láimhe seo don iliomad ban a ndearnadh dearmad orthu in aimsir Chogadh na Saoirse agus na hAthbheochana Cultúrtha in Éirinn, in ainneoin gur mór agus gur suntasach an obair agus na hiarrachtaí a rinne siad.

1921: DIALÓG TRÍ FHILÍOCHT AGUS CEOL

Comhshaothar ab ea an tionscadal seo *1921: Dialóg trí Fhilíocht agus Ceol* a seoladh in 2022, idir cúigear filí agus ceoltóirí a coimisiúnaíodh chun filíocht agus saothair cheoil nua a chumadh faoi théama 1921. Meallann a meascán d'fhocail agus ceol ár n-aird ó pholaitíocht chrua na ré chun go ndéanfaimis machnamh ar Éirinn ó thaobh sochaí, cultúir agus cruthaitheachta de.



Táimid go mór faoi chomaoin ag gach duine cruthaitheach a d'oibrigh ar an dá thionscadal seo.



IONAD EUROPE DIRECT:

Soláthraíonn Europe Direct Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ábhair eolais, freagraíonn sé ceistanna agus réachtálann sé ócáidí atá bunaithe ar thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí Eorpacha. Bainistíonn Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe Pointe Faisnéise Eorpach i Leabharlann na Ceathrún Rua chun fáil ar ábhair i nGaeilge a chinntiú.

I measc ghníomhaíochtaí 2022 bhí:

- Ceardlanna deisithe rothar a chur ar fáil do ranganna na hIdirbhliana, mic léinn Ollscoil na Gaillimhe, agus do Bhothán Mhná Bhaile Átha an Rí.
- Cheannaigh Europe Direct 5 Phacáiste Coigilte Fuinnimh Baile ar féidir iad a thógáil ar iasacht ó Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe.
- Eagraíodh cuairt ar Scoil Chuimsitheach Chiaráin ó Maria Walsh FPE a bhuail le buaiteoir náisiúnta reatha Chomórtas Soapbox Europe Direct agus le Leabharlannaí an Chontae agus comhairleoirí áitiúla. Chuir teaghlaigh ón Úcráin, ar cuireadh fáilte rompu go dtí an ceantar díreach roimhe, aithne ar an Leabharlann agus ar thacaíochtaí Europe Direct don phobal. Bhí an chuairt le feiceáil ar TG4 agus RnaG.

- Cuireadh fáilte roimh 100 mac léinn ón 'All Aboard Train' – tionscnamh chun Europe Direct agus Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe a thaispeáint.

My Open Library MOL

Bhí áthas ar Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe i mí na Samhna a bheith ar an gcéad leabharlann i nGaillimh a osclaíodh mar 'My Open Library'.

Seirbhís is ea My Open Library a thairgeann uaireanta oscailte breisithe do bhaill den leabharlann ar bhonn féinseirbhíse lasmuigh de na gnáthuaireanta oscailte, ó 8am go 10pm, seacht lá in aghaidh na seachtaine.



Ní mór do bhaill den leabharlann a bheith 16 bliana nó níos sine chun leas a bhaint as an tseirbhís. Ní bhíonn aon bhall foirne i láthair nuair atá seirbhís My Open Library i bhfeidhm.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe infheistíocht ón Roinn Forbairt Tuaithe agus Pobail chun leathnú amach thionscnamh My Open Library a éascú.



Dúirt an Comh. Michael (Moegie) Maher, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

"Cuirimid fáilte roimh an tionscnamh seo a chuirfidh go mór leis na seirbhísí eile a sholáthraíonn Leabharlanna dár bpobail áitiúla."

COMHDHÁIL LEABHARLANNA POIBLÍ LAI



Reáchtáil leabharlanna Poiblí na Gaillimhe Comhdháil Leabharlanna Poiblí LAI (Cumann Leabharlann na hÉireann) ón 8-10 Samhain 2022.



Is é an téama a bhí ag an gcomhdháil thaitneamhach rathúil seo ná ‘Níl sé éasca a bheith glas: Leabharlanna, SDGanna agus athrú aeráide’, téama a bhí thar a bheith oiriúnach agus ábhartha, i bhfianaise go raibh ceannairí domhanda i mbun plé ar raon ceisteanna a bhí ríthábhachtach i dtaca le dul i ngleic leis an éigeandáil aeráide ag COP27 an tseachtain chéanna.

D'fhreastail os cionn 160 toscaire ó gach cearn den tír uirthi

IMEACHTAÍ DO DHAOINE FÁSTA:

- Reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe imeachtaí chun Oíche Chultúir a cheiliúradh i mí Mheán Fómhair
- Chuir Leabharlann Phoiblí an Taoibh Thiar, i gcomhar le comhpháirtithe pobail Féile Ealaíon an Taoibh Thiar ar siúl
- Comhoibríodh agus tacaíodh le féilte áitiúla, Cúirt, Féile Ealaíon Shorelines i bPort Omna, Féile Ealaíon an Chlocháin, agus Conair Ealaíne Oirthear na Gaillimhe san áireamh
- Ceiliúradh Féile na Bealtaine i Mí na Bealtaine i roinnt leabharlann
- Nuair a cuireadh deireadh le srianta na paidéime, reáchtáladh taispeántais ealaíon, seoltaí leabhar agus léitheoireachtaí
- Tugadh ranganna litearthachta digití mar chuid dár dtionscnamh Aoisbháúil.
- Chun tacú le Seachtain na hOidhreachta, reáchtáil Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe tacaíocht do Sheachtain na hOidhreachta le dhá ócáid a thaispeáin Oidhreacht CLG an chontae agus ina raibh taispeántas de bhreacha reisiminte ón 17ú haois.
- Caint ar na héadálacha seandálaíochta a aimsíodh le linn “Tochailt Mhór” Bhéal Átha na Sluaighe
- Imeachtaí snáthbhuamála sa chontae chun tionchar pobail a chruthú agus chun áthas a chur ar dhaoine áitiúla

MOLTAÍ DO 2023

- Leanfar le hobair chun seirbhísí leabharlainne i nGaillimhe a choinneáil agus a fheabhsú i gcomhréir le Clár Forbartha Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe (Eatramhach) 2022-2023, le beann againn fós ar shrianta buiséid
- Leanfar fós le cláir náisiúnta, lena n-áirítear, Ceart chun Léitheoireachta, Éire Shláintiúil ag do Leabharlann a leathnú amach ar fud líonra na gcraobhacha leabharlainne, trí leas a bhaint as sruthanna maoinithe, agus an aidhm atá leis ná a chinntiú go mbeidh raon seirbhísí ann i leabharlanna craoibhe uirbeacha agus tuaithe araon
- Beartaithe leabharlann MOL eile a oscailt ar an gClochán
- Leanfar le hiarrachtaí chun úsáid teicneolaíochta a fheabhsú, cuirfear le teicneolaíochtaí féinseirbhíse agus cuirfidh acmhainní ar líne chun cinn
- Leanfar le huathoibriú ar leabharlanna craoibhe beaga, faoi réir leibhéal foirne agus maoiniú
- Tosaíocht a bheidh ann na seirbhísí a sholáthraítear sa leabharlann taistil a mhéadú
- Rinne Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe iarratas chun scéim phíolótach a chur i bhfeidhm do Phacáiste Eolaíochta Saoránach, agus d'éirigh leo mar Údarás Áitiúil as deich. Is tionscnamh é an Clár Píolótach Pacáiste Eolaíochta Saoránach, a sheol an Chomhairle Oidhreachta, a chuirfidh ar chumas an phobail faisnéis a bhailiú faoi bhithéagsúlacht ina gceantar áitiúil.
- Leanfaidh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe orthu ag déanamh forbartha ar ár n-imeachtaí agus cláir for-rochtana, ina bpléifear le daoine aonair agus pobail, ina mbainfear leas as deiseanna maoinithe náisiúnta, agus ag an am céanna ina bhfeidhmeofar laistigh de shrianta maoinithe áitiúla.

CARTLANN & BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Tá cuimhne chomhchoiteann mhuintir na Gaillimhe rithábhachtach chun aitheantas cultúrtha a chaomhnú, chun an bhearna á dúnadh idir t-am atá caite agus an lá atá inniu ann agus chun an todhchaí a mhúnlú. Is cuid thábhachtach den chuimhne sin an oidhreacht dhoiciméadach atá le fáil i gCartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is léiríonn sé éagsúlacht na ndaoine, na staire agus chultúr an chontae. Féachann an Chartlann ar bhonn leanúnach leis an gcuimhne sin a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur ar fáil. Gabhann sé air féin rochtain bona fide a thabhairt d'úsáideoirí ar na hábhair chartlainne i gcomhréir leis na ceanglais chaomhnaithe agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil. Cuireann an Rannóg comhairle bheartais ar fáil freisin don Chomhairle maidir le cúram agus bainistiú a cuid taifead.

AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta d'fheabhas a chur ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh na ndualgas cuí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar aon le cur i bhfeidhm na Scéime Teanga. Tá an Chomhairle ag iarraidh tacú leis an nGaeilge agus í a chur chun cinn ar fud an Chontae. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2022:

TACAÍOCHT POBAIL

Áiríodh an Ghaeilge go sonrath mar chatagóir sna Scéimeanna Tacaíochta Pobail in 2022. Leithdháileadh deontais ar scála beag de €5,000.00 do thograí ag Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail chun tacú le cur chun cinn agus úsáid mhéadaithe na Gaeilge.

CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú le cur chun cinn na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Ghradam Ghlór na nGael, a bronnadh ar Chraobh Mhaigh Cuilinn, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe, i mí an Mhárta 2022.

Tá an seoladh ríomhphoist gaeilge@cocogaillimh.ie á chur chun cinn i gcónaí do chustaiméirí mar chuid de sheachadadh feabhsaithe seirbhíse.

Bhí ranganna Gaeilge (bunleibhéal agus meánleibhéal) ar fáil d'fhoireann an údaráis áitiúil agus bhí ranganna ar fáil freisin do Chomhairleoirí a léirigh spéis iontu.

Táthar fós ag cur eolas agus comhairliúchán ar fáil d'fhoireann Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear an dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, de réir ár scéime teanga.

Lean trealamh aistriúcháin chomhuaineach soghluaiste de bheith ar fáil do chruinnithe de chuid na Comhairle nó do chruinnithe eile ag a raibh gá le haistriúchán.

Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais: Mar gheall ar éiginnteacht na srianta Covid ag tús na bliana ní raibh aon tarraingt do scoláireachtaí ach bhí iarrthóirí rathúla ón gcrannchur in 2020 in ann socrúchán a fháil. Níor ghlac ach 4 leis na háiteanna scoláireachta.

OIFIG AN CHOIMISINÉARA TEANGA

Lean an Chomhairle uirthi ag comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga, agus í ag déileáil le ceisteanna a d'ardaigh an pobal maidir le seirbhísí agus reachtaíocht Ghaeilge.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá an seoladh ríomhphoist, customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie fós ina lárphointe rochtana ar fhaisnéis do bhaill foirne agus do Chustaiméirí araon. Iarrtar ar bhaill foirne eolas a chur isteach maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc. ionas go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ar an eolas faoi na himeachtaí atá ar siúl ar fud na Comhairle agus go mbeidh siad níos eolaí chun ceisteanna a láimhseáil. Is féidir leis an bpobal i gcoitinne ríomhphoist a chur chuig na seoltaí seo le ceisteanna ginearálta, admháitear go bhfuarthas na ríomhphoist seo agus cuirtear iad faoi bhráid na rannóg ábhartha de réir mar is gá.

Leanann Seirbhísí Custaiméara de bheith ag cothabháil an chórais chun foirmeacha iarratais nua a athsheoladh agus foirmeacha reatha a thabhairt cothrom le dáta nuair a iarrtar sin. Tá 287 foirm agus meabhrán againn san iomlán inár gcóras cláráithe/códaithe, atá ar fáil ar ár suíomh idirlín. Tá cártaí córais rochtana dorais agus siogairlí don charrchlós fós á n-eisiúint agus déanann Seirbhísí do Chustaiméirí bainistíocht orthu.

Bíonn réamhchóipeanna d'fhógraí poiblí roimh fhógraí sna nuachtáin éagsúla le feiceáil ar na meáin shóisialta agus seoltar iad chuig Feisirí Tofa ina bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha san áireamh.

DEASC SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ & IONAD CUMARSÁIDE

Táthar ag leanúint leis an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí a oibriú chun láimhseáil éifeachtúil atreoraithe/cuardaigh a chur ar fáil do chustaiméirí agus iad ag dul isteach in Áras an Chontae. Tá an tseirbhís teileafóin fós á feidhmiú ón Ionad Cumarsáide Seirbhísí Custaiméirí ar an dara hurlár d'Áras an Chontae.

Sanntar baill foirne Seirbhísí Corparáideacha atá lonnaithe i Seirbhísí do Chustaiméirí chun tacú le Polasaí Guthán Póca na heagraíochta agus riarachán laethúil an chuntais.

CUMARSÁID & MEÁIN SHÓISIALTA

D'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe a leantóirí ar Facebook a mhéadú faoi 12.93% go 15,187 agus a leantóirí ar Twitter a mhéadú faoi 3% go 16,298 ó 2021 go 2022. Ar an iomlán, is mná iad 68% dár leantóirí i gcomparáid le 32% ar fir iad, is iad daoine in aois 35 – 44 bliain an déimeagrafach is mó agus iad 25% dár leantóirí. Cuireadh cuntas Instagram ar bun i mí an Mheithimh 2022 chun cumarsáide a dhéanamh le déimeagrafach atá níos leithne agus níos óige. Mheall sé 301 leantóir roimh dheireadh 2022.

Rinneadh na Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Feachtais Fógraíochta agus Feachtais Chur Chun Cinn eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird ar leith ar úsáid na Meán Sóisialta le linn imeachtaí drochaimsire. Tá méadú tagtha ar líon na n-imeachtaí a phostáil thar ceann na foirne le fócas ar Oibreacha Bóthair, ar Shubstaintí Uisce agus ar aon imeachtaí eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae.

Ghlac an fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí páirt i bhfeachtas twitter náisiúnta 'Lá do Chomhairle' a chomhordaigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ar an 1 Iúil 2022.

Lá #DoChomhairle Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Galway County Council @GalwayCoCo · Jul 1, 2022



Some of our lifeguards braving the weather and patrolling the beaches today. #YourCouncilDay




Galway County Council @GalwayCoCo · Jul 1, 2022



Clifden/Roundstone CE Scheme installed a stainless steel handrail on the steps leading down to Gurteen Bay Beach #YourCouncilDay

Chuir Scéim Fostaíochta Pobail An Chlocháin/Cloch na Rón ráille láimhe cruach dosmálta ag na céimeanna ag dul síos chuig Trá Phort na Feadóige





Galway County Council @GalwayCoCo · Jul 1, 2022



Galway County Council Tourism Officer, Ruth Mulhern, presenting to a meeting of local Tourism experts [#YourCouncilDay](#)

Ruth Mulhern, Oifigeach Turasóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh cur i láthair do shaineolaithe turasóireachta áitiúla ar an 21 Meitheamh



TITHÍOCHT, FORBAIRT EACNAMÁÍOCHTA TUAITHE AGUS POBAIL

TITHÍOCHT

Spríoc Straitéiseach

Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiciúil agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú.

Déanann Stiúrthóireacht um Thithíocht agus Stiúrthóireacht um Fhreagairt Úcránach Chomhairle Chontae na Gaillimhe gach iarracht seirbhís a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil cúnamh de dhíth orthu i réimse soláthair tithíochta sóisialta, réimse rialála caighdeán san earnáil phríobháideach agus réimse na bainistíochta eastát. Déanann an t-aonad tithíochta a chuid gníomhaíochtaí laistigh de chreataí rialachais earnáil na n-údarás áitiúil.

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe thart ar 2,900 teach sóisialta ar fáil. Ag deireadh 2022, laghdaíodh an ráta folúntais ó 7.2% go 4.2% i ndiaidh gur athchóirigh an fhoireann cothabhála líon suntasach aonad folamh le hiarfheistithe fuinnimh, agus i ndiaidh na hiarrachta dírithe ón bhfoireann Leithdháilte tionóntaí a ainmniú do thithe/árasáin.

Bhain an clár Tógála Caipitil na spriocanna amach a leag an tAire Tithíochta síos agus cuireadh 231 aonad ar fáil ar fud Chomhlachtaí Tithíochta Sóisialta agus Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

TITHÍOCHT DO CHÁCH

Is é 'Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn' plean tithíochta an rialtais go dtí 2030.

Is plean ilbhliantúil é, ar fiú na billiúin euro, a chuirfidh feabhas ar chóras tithíochta na hÉireann, agus a chuirfidh cónaithe de gach cineál ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu.

Is é cuspóir foriomlán an rialtais go mbeadh rochtain ag gach saoránach sa Stát ar chónaithe ar ardchaighdeán:

- chun iad a cheannach nó a thógáil ar cíos ar phraghas inacmhainne
- atá tógtha ar chaighdeán ard agus lonnaithe san áit cheart
- a thairgeann ardchaighdeán beatha

Is í fíis an rialtais don chóras tithíochta san fhadtéarma ná soláthar seasta tithíochta a bhaint amach sna háiteanna cearta, agus inbhuanaitheacht eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil mar ghnéithe lárnacha sa chóras.

Meastar go mbeidh sé ag teastáil go gcuirfear 33,000 teach nua sa mheán ar fáil in Éirinn gach bliain ó 2021 go 2030.

Tá ceithre chonair ag an mbeartas seo chun tithíocht do chách a bhaint amach:

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- deireadh a chur le heaspa dídine, soláthar tithe a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta
- soláthar tithe nua a mhéadú
- dul i ngleic le tithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as stoc reatha

Sna conairí, beidh gníomhartha a chuirfidh ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus eile i bhfeidhm. Gheobhaidh na conairí seo tacaíocht ó ghníomhartha chun cabhrú le córas tithíochta inbhuanaithe a chur ar bun.

I dTithíocht do Chách, tá 213 gníomh a chuirfidh raon roghanna tithíochta ar fáil do dhaoine aonair, do lánúineacha agus do theaghlaigh.

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe 190 teach nua leis an stoc tithíochta sóisialta gníomhaí trí na cláir thógála agus cheannaigh in 2022. San uimhir sin bhí an méid seo a leanas:

- 186 tógáil
- 4 cheannach

GNÍOMHAÍOCHT CHUID V

Críochnaíodh is ceannaíodh 43 aonad faoi Chomhaontuithe Chuid V in 2022 sna háiteanna seo a leanas ar fud Chontae na Gaillimhe:

Údarás Áitiúil:

- An Saileachán, Baile Átha an Rí (5 aonad)
- Coill Clocha, Órán Mór (7 n-aonad)
- Céide Gharraí Glasa, Baile Átha an Rí (5 aonad)
- Coill Ard/Bun na Coille, Maigh Cuilinn (5 aonad)
- Gairdín Cúil, Baile Locha Riach (aonad amháin)
- Cora na Carraige, Tuaim (aonad amháin)
- An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, (12 aonad)

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta:

- Gort na Fuinse, Áth Cinn (7 n-aonad)

Tá 9 gComhaontú Chuid V eile i bhfeidhm le 40 Aonad Chuid V san iomlán sna háiteanna seo a leanas:

- Cnoc Aoil, Dún Leo, Béal Átha na Sluaighe
- An Saileachán, Baile Átha an Rí
- Bun na Coille, Maigh Cuilinn
- Lorrogate, Baile Átha an Rí
- Cnoc Óráin, Órán Mór
- Cill Gharbh, Béal Átha na Sluaighe
- An Maolán, Bearna
- Rivercrest, Tuaim
- Vicars Coral, Tuaim

Eisíodh 26 “Litir Thuisceana” réamhphleanála in 2022, agus d’fhéadfadh 95 aonad san iomlán teacht uaidh, ag brath ar phleanáil.

Faoin Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021, mhéadaigh soláthar Chuid V i Meán Fómhair 2021 ó 10% go 20% faoi chritéir áirithe atá san áireamh san Acht. Bhí an soláthar 20% i gceist le ceathrú cuid de gach “Litir Thuisceana” a cuireadh ar fáil in 2022, agus má fhaomhtar iad, feicfeadh méadú suntasach ar sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne tríd an bpróiseas seo sna blianta atá romhainn.

GNÍOMHAÍOCHT TÓGÁLA TITHÍOCHTA

An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, (58 aonad): Cuireadh tús le tógáil ar an láithreán athfhorbraíochta seo i lár 2021, a bhí tréigthe ó 2007, agus críochnaíodh céim 1 (14 aonad) agus 2 (13 aonad) in 2022. Mar chuid den fhorbairt seo tá meascán de thithe 2 leaba agus 3 leaba, bungalónna, tithe sraithe, agus aonaid leathscóite. Tá na bungalónna 2 leaba curtha in oiriúint do dhaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu.



Garraí Glasa, Baile Átha an Rí (7 nAonad): Mar chuid d’fhorbairt níos mó ina bhfuil 46 aonad, ceannaíodh 7 n-aonad dhá leaba agus cuireadh ar fáil iad in 2022 laistigh den fhorbairt seo. Cruthaíodh na haonaid seo le Foirmeánacht Coincréite Inslithe (ICF) agus seo an chéad uair do Chomhairle Chontae na Gaillimhe aonaid a cheannach/a thógáil leis an modh seo. Meastar go mbeidh rátáil fuinnimh foirgnimh “nach mór neodrach” acu mar thoradh.



Clár Tuaithe Aonair (6 Aonad): Mar chuid den chlár tuaithe aonair athfhorbraíodh 9 n-aonad i dtús. Mar sin féin, mar gheall ar shrianta féidearthachta agus srianta forbartha eile ní dheachaigh ach 6 aonad ón láithreán seo ar aghaidh go dtí céim na tógála. I mí an Mheithimh 2022, síníodh conarthaí chun aonaid chónaithe nua a scartáil agus a thógáil agus cuireadh tús le hoibreacha ar gach suíomh, lena soláthar in 2023.



Fána Bhuí, Tuaim (48 aonad): Cuireadh tús le hoibreacha ar an scéim seo i dtreo dheireadh 2020, agus níorbh fhéidir é a chur i gcrích in am toisc an suíomh a bheith dúnta mar gheall ar Covid in 2020 agus 2021. Críochnaíodh é ina iomláine in 2022.



Cuairt an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an bhFána Bhuí, Tuaim, Mí Iúil 2022 – grianghraf ó Aidan Cunningham.

Garraí Ghuaire, An Cartrún, Cinn Mhara (10 n-aonad): Leanadh le hoibreacha tógála in 2022 le haghaidh forbartha tithíochta 10 n-aonad ina bhfuil aonaid 2 leaba i meascán de thithe aon urláir, dormánaigh agus tithe dhá urlár. Bhí an fhorbairt críochnaithe den chuid is mó roimh dheireadh 2022.



Grianghraf ó Gharraí Guaire agus é á thógáil i mí Mheán Fómhair 2022

Páirc na Darach, Bhéal Átha Mó (8 n-aonad): Fuarthas faomhadh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i Ráithe 3 2023 chun leanúint ar aghaidh ag lorg tairiscintí chun 8 n-aonad tithíochta a thógáil i sráidbhaile Bhéal Átha Mó, Gaillimh, má éiríonn leo cead pleanála Chuid 8 a fháil. Tá pacáiste tairisceana á fhorbairt d'fhonn fógraíocht a dhéanamh i dtaca le ríomhthairiscintí i Ráithe 1 2023.

GNÍOMHAÍOCHT DEARTHÁ & PLEANÁLA

Caisleán Raithin, Ard Raithin (10 n-aonad): Ullmhaíodh cead Pleanála Chuid 8 i dtreo dheireadh 2022 chun forbairt 10 n-aonad tithíochta a chur ar fáil mar shíneadh ar eastát Chaisleán Raithin in Ard Raithin, ar na 10 n-aonad tá: 6 aonad dhá urlár dhá leaba, 3 aonad aon urlár dhá leaba, agus aonad dhá urlár 3 leaba. Tá aghaidh ag na haonaid go léir ar an iardheisceart agus tá dhá aghaidh acu, le rochtain dhíreach ar an spás oscailte príobháideach ón bpríomhspás comhludair. Tabharfar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh os comhair chomhaltaí tofa Cheantar Bardasach Loch Riach le haghaidh vótála i Ráithe 3 2022.




Tuiscint an ealaíontóra ar fhorbairt 10 n-aonad ag Caisleán Raithin, Ard Raithin

Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn (24 aonad): Bhí iarratas ar chead pleanála Chuid 8 le haghaidh 31 aonad ar an suíomh seo nár éirigh leis in 2021. Cuireadh tús le hathdhearadh ar an scéim, a raibh laghdú ar an líon tithe agus saoráidí pobail breise mar chuid de, in 2022. Meastar go gcuirfear iarratas pleanála leasaithe isteach in 2023. Is iad na tuairiscí scagthástála comhshaoil atá le déanamh a shocróidh cén chonair phleanála a thógfear.

Cluain na Gaoithe, Baile Chláir (88 aonad): Ceapadh an Fhoireann Deartha in 2021 chun scéim inacmhainne sóisialta tionachta measctha: a chur ar fáil ag an suíomh seo. Leanadh le dearadh, tuairiscí speisialtóirí agus imscrúduithe láithreáin in 2022, agus tá líníochtaí á bhforbairt do chéim na pleanála faoi láthair. Meastar go rachaidh an tionscadal trí chonair phleanála Chuid X, agus tá sé le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in R2, 2023.

Cois Móna, Baile Locha Riach (75 aonad): Ceapadh Foireann Deartha in 2021 chun scéim tithíochta a sholáthar do thithe sóisialta agus inacmhainne araon. Leanadh le tuairiscí speisialtóirí agus imscrúduithe láithreáin in 2022, agus tá líníochtaí á bhforbairt do chéim na pleanála faoi láthair. Is iad na tuairiscí scagthástála comhshaoil atá le críochnú a shocróidh cén chonair phleanála a thógtar. Ag an gcéim seo, meastar go rachaidh an tionscadal trí chonair phleanála Chuid 8, agus tá sé le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in R2, 2023.

Eastát Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe (8 n-aonad): Ceapadh Foireann Deartha i Ráithe 3 2022 chun forbairt tithíochta líonaigh 8 n-aonad a dheardh ag eastát reatha Naomh Iósaf i mBéal Átha na Sluaighe. Tugadh faoi thuairiscí agus suirbhéanna speisialtóirí in 2022 agus tá pacáiste pleanála le cur i gcrích faoi R2 2023.




Suíomh na forbartha líonaigh ag eastát Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe (sliocht as Léarscáil OSi)

Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe (13 aonad): Ceapadh Foireann Deartha faoi stiúir Ailtire Caomhantais do scéim tithíochta athghiniúna do lár baile ar Chnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe. Ar na foirgnimh atá ann anois, tá sraith de 7 dteach a bhfuil a n-aghaidh acu ar Chnoc Leo, foirgneamh 3 urlár cosanta le coirnéal seaimféir, agus teach 3 urlár in aice leis agus foirgneamh lasmuigh i gclós ar chúl. Fuarthas suirbhéanna agus tuarascálacha speisialaithe lena n-áirítear suirbhéireacht agus samhaltú ar na foirgnimh atá ann cheana féin. Forbraíodh tograí deartha i gcomhairle le hOifigeach Caomhantais Chomhairle Chontae na Gaillimhe, leis an Rannóg Pleanála agus le hÚinéir Talún in aice láimhe. Tá dearadh deiridh le cur i gcrích agus pacáiste pleanála á fhorbairt le cur ar fáil i Ráithe 2 2023.



Radharc sráide atá ann cheana – Sráid Dhún Leo/Cnoc Dhún Leo



Samhlacha 3-T d'ingearchlónna tosaigh agus cúil na bhfoirgneamh atá ann cheana

TITHÍOCHT INACMHAINNE

Mar chuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028, rinneadh Measúnú ar Éileamh/Riachtanais Tithíochta a d'aithin an gá atá le dul i ngleic leis an srian inacmhainneachta i gContae na Gaillimhe. Ina dhiaidh sin, sannadh spriocanna tithíochta inacmhainne faoi chlár tithíochta an rialtais láir, Tithíocht do Chách, do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2022.

Tugadh faoi athbhreithniú ar scéim phiolótach tithíochta inacmhainne a rinne Comhairle Contae Fhine Gall agus Chorcaí agus mar a aibhsítear thuas, tá Cluain na Gaoithe, Baile Chláir agus Cosmona Baile Locha Riach á dhearadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le bheith ina bhforbairtí measctha tionachta, ag seachadadh tithíocht shóisialta agus inacmhainne araon.

I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhógair an tAonad Tithíochta léiriú spéise do chomhaontuithe ardcheannaigh do thithíocht shóisialta agus inacmhainne araon. Mar chuid den phróiseas soláthair seo, fuarthas ceithre léiriú spéise maidir le tithíocht inacmhainne a sholáthar agus tá 2 acu sin ag an Roinn Tithíochta le faomhadh maoinithe faoi láthair.

CEANNACHÁIN TÍ

Cheannaigh an Chomhairle 4 réadmhaoin faoin gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta in 2022.

ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (ÍCT)

Is tacaíocht tithíochta sóisialta é an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) atá i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí na Samhna 2015. Tá ÍCT ar fáil d'aon duine a bhfuil riachtanas tithíochta sóisialta deimhnithe acu. Ciallaíonn tabhairt isteach ÍCT gur féidir le húdaráis tithíochta cúnaimh tithíochta a sholáthar do i bhfad níos mó teaghlach a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu, lena n-áirítear go leor faighteoirí forlíonta cíosa fadtéarmacha.

Déanfaidh ÍCT soláthar d'aistriú freagrachta as daoine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údaráis tithíochta agus soláthraíonn sé cur chuige nua maidir le freagairt do theaghlaigh a bhfuil riachtanas sóisialta acu.

Murab ionann agus faighteoirí Forlíonadh Cíosa, áfach, is féidir le faighteoirí ÍCT oibriú go lánaimseartha agus a dtacaíocht ÍCT a choinneáil - rud a bhainfidh bacainn ar fhostaíocht. Gheobhaidh faighteoirí ÍCT a gcóiríocht féin sa mhargadh cíosa príobháideach agus rachaidh siad i gcomhaontú tionóntachta le tiarna talún na maoinne.

Is iad na teaghlaigh atá i dteideal ÍCT ná:

- Aon teaghlach a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta
- Aon fhaighteoirí Forlíonadh Cíosa reatha a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta.

Chun cabhrú le teaghlaigh gan dídean a thuilleadh cóiríochta éigeandála a fhágáil, tá an tSeirbhís Aimsitheoir Áite do Dhaoine gan Dídean ar fáil i gComhairle Chontae na Gaillimhe freisin. Is tacaíocht spriocdhírthe é do theaghlaigh gan dídean a bhfuil sé deacair acu tionóntachtaí ÍCT a fháil. Soláthraíonn sé tacaíochtaí breise airgeadais agus gaolmhara do thionóntaí agus tiarnaí talún.

Thacaigh an Chomhairle le 180 teaghlach breise chun freastal ar a riachtanas tithíochta trí bhithin na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta in 2022 a chuir ar chumas daoine aonair oibriú agus neamhspleáchas a bheith acu freisin maidir le suíomh agus cineál na cóiríochta a roghnú, ag brath ar a rogha féin. Tá 1,464 tionóntacht ÍCT i seilbh Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

TAIFEAD NA DTEAGHLACH CÁILITHE (LIOSTA FEITHIMH TITHÍOCHTA)

Chríochnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar riachtanas tithíochta in 2022. Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar iarratais 200 teaghlach, nár athbhreithníodh ó rinneadh an Achoimre ar Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta roimhe seo in 2020, chun a fháil amach an raibh siad fós cáilithe le haghaidh tacaíochtaí tithíochta

sóisialta. Críochnaíodh an measúnú ar riachtanas tithíochta faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Soláthar Cóiríochta Tithíochta ina limistéar feidhme do dhaoine a dteastaíonn cóiríocht uathu ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus a bhfuil, i dtuairim na Comhairle Contae, de dhíth orthu agus nach bhfuil in ann í a sholáthar as a gcuid acmhainní féin.
2. Páirceanna carabhán cónaithe a sholáthar do bhaill an Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae do dhaoine ar dócha go mbeidh gá acu le láithreáin ón gComhairle Contae agus a bhfuil gá acu lena leithéid de shuímh agus nach bhfuil in ann iad a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.

Tá iarratais ó dhaoine atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu cáilithe don tacaíocht sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Ioncam
2. Stádas Cónaitheachta
3. Fáil ar chóiríocht
4. Riaráistí Cíosa.

As líon iomlán na n-iarratasóirí ar thithíocht a fuarthas le linn 2022, léiríonn an tábla seo a leanas a stádas.

Applications 2022		Status <input type="button" value="v"/>		Under	
REASON FOR TERMINATING	<input type="button" value="v"/>	Closed	Open	Consideration	Total
		10	457	162	629
AHB Accommodated		81			81
Applicant deceased		4			4
Failure to reply to Further Information request		48			48
HAP Accommodated		1			1
Incomplete Application		3			3
Ineligible – Income		3			3
LA Accommodated		35			35
Leasing Accommodated		2			2
No contact received from Applicant		1			1
Not Qualified		72			72
Other		16			16
RAS Accommodated		1			1
Transferring Housing Authority of application		1			1
Withdrawn		8			8
Total		286	457	162	905

Applications 2022	
Municipal District	Total
Athenry/Oranmore	182
Tuam	116
Commemara	107
Loughrea	98
Ballinasloe	91
Blank	13
	9
Total	616

Ba é líon iomlán na nIarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta an 31^ú Nollaig 2022 ná 3,506

AN SCÉIM UM THUAIRISCIÚ AR CÍOS (SCC/RAS)

Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe phríobháideach a léasú nó a ligean ar cíos d'iarratasóirí ar an liosta tithíochta. Go traidisiúnta tá RAS dírithe ar dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil a riachtanas tithíochta comhlíonta ag iarratasóirí tithíochta ar bith atá i gcóiríocht RAS.

Feidhmítear an (RAS)/Léasú ar bhonn tionóntacht ar thionóntacht agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh socruithe dá leithéid, le tiarnaí talún príobháideacha, ó 2007 i leith.

In 2022, tugadh tacaíocht do 24 teaghlach breise chun a riachtanas tithíochta a chomhlíonadh tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, 10 gcinn i réadmhaoin faoi úinéireacht phríobháideach agus 14 i réadmhaoin de chuid Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Léiríonn an tábla seo a leanas na comhaontuithe reatha RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le Tiarnaí Talún príobháideacha.

Cur Síos	Contae na Gaillimhe Deireadh R4 2022:
Líon na nIarratasóirí a fuair cóiríocht i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí chonarthaí arna gcomhaontú le tiarnaí talún príobháideacha	134

Líon na narratasóirí a dtugtar cóiríocht dóibh faoi láthair trí chonarthaí arna gcomhaontú le heagraíochtaí deonacha	215
Líon na narratasóirí a dtugtar cóiríocht dóibh faoi láthair trí chonarthaí léasaithe gearrthéarmacha	20

Tábla 1: Comhaontuithe RAS agus Léasa atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha

CAIGHDEÁIN ÍOSTA DO CHÓIRÍOCHT AR CÍOS

Thug Aonad Cigireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi 1879 *Íoschaighdeáin i gCóiríocht ar Cíos* in 2022. Sháraigh an líon seo ár Sprioc Bliantúil le haghaidh Iniúchtaí Caighdeáin Cíosa.

Miondealú ar Chigireachtaí:

Lóistín HAP:	1693
Cóiríocht RAS:	33
Gearáin:	19
Iniúchtaí Fíorúla:	11
Eile:	123

Torthaí Cigireachta:

An Chéad Chigireacht – Neamhchomhlíontach:	317
An chéad iniúchadh Comhlíontach:	3
Comhlíontach:	231
Litir Feabhsúcháin Eisithe:	1602

Fógra Feabhsúcháin Eisithe:	25
Fógra Toirmisc Eisithe:	0
Imeachtaí Dlí a Eisíodh:	0

Tá sé de chúram ar Aonad Cigireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe Iniúchadh a dhéanamh ar Theaghaisí Príobháideacha ar Cíos chun cloí leis na *híoschaighdeáin i gCóiríocht ar Cíos*, mar a éilíonn an Reachtaíocht, i ndlíse Chontae na Gaillimhe agus a Oileáin.

SCÉIM DEISIÚCHÁIN AGUS LÉASAITHE

Tá an scéim dírithe ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin agus cuidíonn sé le hathghiniúint na Lárionad Baile cuidíonn sé le húnéirí maoiné folmha nach bhfuil in acmhainn na deisiúcháin a theastaíonn chun a gcuid maoiné a thabhairt suas go dtí an caighdeán atá riachtanach chun é a ligean ar cíos. Cuirtear réadmhaoiné a bhfuil gá lena deisiú in úsáid arís do thithíocht shóisialta. Tá na tithe a ndíreofar orthu faoin SDD i gceantair riachtanas sóisialta i lár bailte, i gceantair uirbeacha agus tuaithe ar fud na tíre. Caithfidh réadmhaoiné a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus caithfidh únéirí maoiné agus conraitheoirí a fhostaítear faoin scéim a léiriú go bhfuil siad cáin-chomhlíontach trí dheimhnithe imréitigh cánach a sholáthar ar iarratas.

Teastóidh leibhéal íseal infheistíochta ó na haonaid idéalach a ndírítear orthu faoin SDD chun iad a thabhairt leis an gcaighdeán riachtanach le haghaidh cíosa. Ní féidir le costas deisiúcháin chaipitil ar aonad singil dul thar €60,000 (CBL san áireamh).

Ní mór do gach léas díreach a bheith idir 5-20 bliain. Ní bheidh aon téarmaí níos giorra incháilithe. Déanfar costas na ndeisiúcháin a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa comhaontaithe go dtí go n-aisíocfar luach na n-oibreacha.

I measc na buntáistí a bhaineann leis an SDD in éineacht leis an socrú léasa don réadmhaoiné tá:

- Cíos ráthaithe ar réadmhaoiné nach bhfuil ioncam á ghiniúint aige
- Uasghrádú ar mhaoiné a d'fhéadfadh a bheith tréigthe murach sin.
- Gan aon chíos a chailleadh le linn tréimhsí folmha.
- Gan déileáil le tionóntaí agus cothabháil ó lá go lá.
- Ní gá cíos a bhailiú ná tionónta nua a aimsiú.
- Seachain costais fógraíochta
- Tabharfar an mhaoiné ar ais chuig únéir na réadmhaoiné ag deireadh an téarma in ord agus i riocht maith, ach amháin i gcás caitheamh agus cuimilt chothrom.

In 2022, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt léirithe spéise sa scéim agus tá idirbheartaíocht ar siúl ar roinnt díobh sin.

CEANNACH AGUS ATHNUACHAN

Comhlánaíonn an scéim Ceannaigh agus Athnuachan an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, sa scéim seo tá rogha ag úinéir réadmhaoine folamh a bhfuil gá le deisiú/leasú a dhéanamh air an réadmhaoin seo a dhíol leis an Údarás Áitiúil. Tá fócas ar leith sa scéim ar thithe níos sine chun dul i ngleic le fadhb na tréigthe agus feabhas a chur ar dhreach na Tuaithe agus na mbailte.

DEONTAS ATHCHÓIRITHE CISTE CROÍ CÓNAITHE (BAILTE)

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Crói Cónaithe fáil réidh le tréigean agus sean-áitreabh folmha a athúsáid, rud a chuirfidh beogacht le Ceantar/Pobal agus ag déanamh áit chónaithe níos deise don Tuath. An Lorg Carbóin a laghdú trí fhoirgnimh atá ann cheana a athúsáid agus trí úsáid a bhaint as deontais SEAI chun úsáid fuinnimh a laghdú

Tá deontas suas le €30,000 ar a mhéad ar fáil chun réadmhaoin fholamh a athchóiriú chun áitiú ag an úinéir tí, lena n-áirítear athchóiriú maoin nár úsáideadh mar áit chónaithe go dtí seo (faoi réir díolúintí pleanála cuí nó cead a bheith i bhfeidhm), mar phríomháit chónaithe phríobháideach. Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach suas le €30,000, beidh uasdeontas breisithe suas le €20,000 ar fáil má dheimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (i.e. neamhfhóna ó thaobh struchtúir de agus contúirteach). nó má tá an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe cheana féin, rud a thugann an deontas iomlán atá ar fáil do mhaoin thréigthe suas go huasmhéid €50,000.

Caithfidh maoin a bheith tógtha roimh 1993 agus caithfidh sé a bheith folamh ar feadh 2 bhliain nó níos mó.

Tá an Ciste dírithe ar úinéireacht tí, agus ní mór duit a bheith i d'úinéir nó a bheith i mbun an mhaoin a cheannach le haghaidh do phríomháit chónaithe.

In 2022 fuarthas 52 iarratas.

SCÉIM MORGÁISTE CHUN CÍOSA

Is scéim rialtais í an scéim Morgáiste chun Cíosa (MCC) a tugadh isteach in 2012 chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Ligeann sé d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu aistriú ó bheith ina n-úinéir ar a dteach go dtí a dteach a ligean ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Is rogha tithíochta sóisialta í an scéim MTR nach bhfuil ar fáil ach amháin má tá ceann incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus mura bhfuil an morgáiste inbhuanaithe. Chun cáiliú don scéim caithfidh úinéir na réadmhaoine a bheith rannpháirteach i bPróiseas Réitigh Riaráistí

Morgáiste (PRRM) an iasachtóra, próiseas a chaithfidh an t-iasachtóir agus an t-úinéir a ghlacadh chun iarracht a dhéanamh a gcuid deacrachtaí airgeadais a réiteach.

Tabharfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach ar ais go deonach dá n-iasachtóir morgáiste a dhíolfaidh láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar ais don teaghlach é ansin. Rachaidh an fáltas ó dhíol maoin leis an gcumann tithíochta i dtreo an fhiachais mhorgáiste agus déanann an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir maidir le haon íocaíochtaí atá fágtha, más ann dóibh. D'fhéadfaí an teach a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar chúrsaí airgeadais an teaghlaigh.

Fuarthas 9 n-iarratas in 2022 agus ceadáíodh 8 n-iarratas.

IASACHT TÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Is morgáiste é Iasacht Tí Údaráis Áitiúil le tacaíocht rialtais do cheannaitheoirí céaduaire agus tá iarratasóirí nuathionscanta ar fáil ar fud na tíre ó údaráis áitiúla. Is féidir é a úsáid chun réadmhaoin nua nó réadmhaoin athláimhe a cheannach nó le haghaidh féinbhóga.

Soláthraíonn Iasacht Tí Údaráis Áitiúil suas le 90% de luach margaidh na maoin. Cinntear uasmhéid na hiasachta ag an áit a bhfuil an mhaoin suite.

- Is iad uasluachanna margaidh na maoin i gContae na Gaillimhe ná €330,000
- Féadfaidh iarratasóirí suas le 90% de luach margaidh na maoin a fháil ar iasacht (nó uasmhéid de €297,000)

Fuarthas 90 iarratas in 2022 agus faomhadh 22 iasacht. Ba é an meániasacht a ceadáíodh ná €186,198.

TITHÍOCHT DHEONACH

Is áis í an tSaoráid Réamhíocaíochta Caipitil CALF atá ar fáil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun cabhrú leo teacht ar mhaoiniú ón nGníomhaireacht Príobháideach nó ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíochta sóisialta faoi chomhaontú léasaithe ar feadh tréimhse socraithe ama, 25 bliain de ghnáth.

Seachadadh 27 aonad freisin faoin scéim CALF agus seachadadh 11 aonad faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil (Fáil) in 2022.

Tá roinnt aonad féideartha aitheanta agus tá comhaontuithe á mbreithniú go gníomhach le cur san áireamh faoin dá scéim amach anseo.

Tá 43 aonad ar siúl faoin scéim CAS agus 115 aonad ar siúl faoin Scéim CALF

CEANNACH TIONÓNTA

Faoin scéim seo, is féidir le tionóntaí údaráis áitiúil incháilithe iarratas a dhéanamh chun a dteach údaráis áitiúil a cheannach, ar ráta lascaithe bunaithe ar ioncam an iarratasóra.

Tháinig Scéim Cheannaigh do Thionóntaí nua i bhfeidhm an 1^ú Feabhra 2022. Thug an scéim nua seo, Rialacháin na dTithe (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021, éifeacht do leasuithe lena n-áirítear athruithe ar (a) critéir íosta ioncaim d'iarratasóirí agus (b) an tréimhse ama a chaithfidh iarratasóirí a bheith ag fáil tacaíochta do thithíocht shóisialta le bheith incháilithe faoin scéim.

I rith 2022, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 43 iarratas bailí ó thionóntaí údaráis áitiúil chun a dteach a cheannach agus d'eisigh sí 27 tairiscint chun teach a cheannach, agus críochnaíodh 13 cinn díobh sin.

CÚNAMH TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA, DEONTAS CÚNAIMH SOGHLUAISTEACHTA

Leanann an Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ag cur maoinithe ar fáil do dhaoine os cionn 66 bliain d'aois chun deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag cur fúthu ina dteach féin.

In 2022 fuarthas 343 deontas bailí Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus íocadh 226 iarratas ar luach iomlán €1,252,248 faoin scéim.

Leanann an Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta le maoiniú a chur ar fáil do dhaoine scothaosta nó le míchumas chun dul i ngleic le saincheisteanna soghluaisteachta ina dteach féin.

In 2022 fuarthas 215 iarratas bailí ar dheontas Cúnaimh Soghluaisteachta, agus íocadh 105 iarratas bailí ar luach iomlán €439,355.

DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO THITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Cuirtear an Deontas um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chónaíonn i dTithe an Údaráis Áitiúil ar fáil chun cabhrú le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach le réasún chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí chun cóiríocht a thabhairt do dhuine a bhfuil lagú leanúnach coirp, céadfach, meabhrach nó intleachta air. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe le measúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh siúd is mó gátar.

Bhí caiteachas iomlán de €527,253.93 ar na hoibreacha oiriúnaithe Tithíochta ar 40 deontas oiriúnaithe tithíochta agus críochnaíodh 2 shíneadh in 2022, agus fuarthas €467,555 ar ais faoi scéim mhaoinithe na Roinne Tithíochta.

COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Tá stoc tithíochta de thart ar 2,900 réadmhaoín amhail an 31^ú Nollaig 2022. Tá clár suntasach d'oibreacha cothabhála pleanáilte ar siúl sna réadmhaoíne seo.

Fuarthas 3,611 iarratas deisiúcháin in 2022, agus mheas an fhoireann theicniúil 1,703 de na hiarratais deisiúcháin seo a bheith bailí.

Tá an córas Iarratas Deisiúchán Logála Ar Líne, atá i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2020, a ligeann do thionóntaí a n-iarratais deisiúcháin tithíochta a logáil isteach ar líne, tar éis a bheith an-tairbheach do thionóntaí na comhairle. Is féidir na hiarratais seo a logáil tríd an Tuarascáil ar www.galway.ie nó tríd an nasc ar <https://www.galway.ie/RepairRequest>. Ghlac ár dtionóntaí go mór leis agus fuair siad amach gur córas an-éasca le húsáid é. Is é an buntáiste a bhaineann leis an gcóras nua ná go n-iarrann tionóntaí ar mo loga deisiúcháin am ar bith agus go ndéantar iad a nuashonrú de réir mar a chuireann an fhoireann cothabhála a n-iarratas deisiúcháin ar aghaidh.

Críochnaíodh móroibreacha athchóirithe ar chostas €1,108,076 ar 56 réadmhaoín fholamh, rud a d'éascaigh tionóntachtaí nua a chumasú i ngach ceann de na teaghaisí seo. Bhí iomlán de €616,000 iníoctha ar na 56 réadmhaoín seo.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe athchóiriú ar 96 áit chónaithe faoina clár folús in 2022.

CLÁR ÉIFEACTÚLACHTA FUINNIMH AGUS IARFHEISTITHE (CÉFI)

I gContae na Gaillimhe, críochnaíodh oibreacha iarfheistithe domhainfhuinnimh ar 122 réadmhaoín le linn 2022 ar chostas €5,077,575. As seo, maoiníodh €4,066,626 faoi Chlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh na Roinne Tithíochta. Tá na réadmhaoíne seo lonnaithe sa Mhainistir, Ard Raithin, Baile Átha an Rí, An Clochán, An Uachtair, Baile Locha Riach, Cloch na Rón, Tuaim agus Tíne.

Tá an clár á rolladh anonn go dtí 2023 agus tá oibreacha beartaithe do thithe i nGleann na Madadh, sa nGort, in Áth Cinn, i mBaile Locha Riach, in Órán Mór, in Uachtar Ard agus i dTuaim.



EASPA DÍDINE

Tá an t-éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean ag méadú i gcónaí agus na háiseanna go léir atá ar fáil ag a lánacmhainneacht i rith na bliana. Tá, ar an meán, 15 teaghlach agus 13 duine singil atá gan dídean ar lóistín go seachtainiúil i gCóiríocht Phríobháideach Éigeandála. Tá méadú ar an éileamh ar chóiríocht do dhaoine gan dídean ar feadh tréimhsí níos faide mar gheall ar an easpa soláthair de réadmhaoine ar cíós. Bíonn deacrachtaí ag teaghlaigh níos mó maidir le maoin phríobháideach ar cíós a fháil agus tá infhaighteacht tithe sóisialta níos teoranta freisin.

Tithíocht ar dTús, cur chuige atá faoi cheannas na tithíochta a chuireann ar chumas daoine a bhfuil stair codlata amuigh acu nó a bhfuil úsáid fadtéarmach acu as lóistín éigeandála agus a bhfuil riachtanais chasta leighis nó andúile ainsealacha acu, cóiríocht bhuan dhaingean a fháil, le soláthar dian-thacaíochtaí chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a chothabháil. Tá an scéim seo i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe ó 2019 agus d'éirigh le cúigeir sa bhreis cóiríocht a fháil faoin scéim in 2022 nach mbeadh tionóntacht faighte acu murach sin.

Bhunaigh an Chomhairle dhá Theach Pobalbhunaithe, i mBaile Locha Riach agus i mBaile Átha an Rí chun tithíocht tacaithe a chur ar fáil do cheathrar a bhfuil riachtanais tacaíochta idir íseal agus meánach acu. De bharr rath an tionscadail seo, tá sé i gceist an tseirbhís a leathnú in 2023.

SEIRBHÍS AIMSITHEORA ÁIT GAN DÍDEAN

Bhí ról suntasach ag ceapachán an Aimsitheora Áite ÍCT do Dhaoine gan Dídean i mí na Samhna 2018 i líon na ndaoine gan dídean a laghdú i gContae na Gaillimhe. Sa bhliain 2022, tugadh cúnamh do roinnt teaghlach le leanaí, 8 lánúin agus 20 duine singil chun réadmhaoin ÍCT a fháil, agus bhí an chuid is mó díobh sin gan dídean go fadtéarmach agus a raibh cónaí orthu roimhe seo i gCóiríocht Éigeandála. I measc na ndaoine eile ar tugadh cúnamh dóibh faoin gclár an-rathúil tá iad

siúd ar seirbheáladh Fógraí Scoir óna gcóiríocht, daoine a d'fhág an ospidéal nó institiúidí eile tar éis cúram fadtéarmach agus iad siúd ó Sholáthar Díreach.

CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL



Athchóiriú mór ar Fhuinneamh Iarfheistithe go Teach Sonrach don Lucht Siúil



Síneadh agus Mionathrú ar Theach Sonrach don Lucht Siúil ag an gCarn Mór

AN CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL 2019 – 2024 SPRIOCANNA

Tá daonra de 2,647 taistealaí i gContae na Gaillimhe agus is é an Contae leis an líon is airde taistealaithe in Éirinn. Leagtar amach sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil thar thréimhse cúig bliana. Leithdháileadh tionóntachtaí tithíochta sóisialta ar 53 teaghlach den Lucht Siúil in 2022 agus bhí 32 díobh i réadmhaoin faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil agus 21 ainmnithe do thionóntachtaí le CTCanna.

Athchóiríodh 3 theach ar leith don Lucht Siúil agus críochnaíodh síntí ar dhá cheann acu chun tithíocht oiriúnach a sholáthar chun freastal ar riachtanais na dteaghlach. Bhí oibreacha ar siúl ag deireadh na bliana ar réadmhaoin eile a dteastaíonn oiriúnú do theaghlach ar leith freisin. Cuireadh tús le mór-athchóiriú agus uasghrádú 3 theach, lena n-áirítear síneadh amháin, i

nGrúpscéim an Lucht Siúil i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus suiteáladh cóiríocht shealadach ar feadh thréimhse na n-oibreacha. Rinneadh aighneachtaí ar mhaoiniú in 2022 chun athchóiriú mór a dhéanamh ar 12 theach i nGrúpscéim Sonrach don Lucht Siúil i mBaile Ghártha agus 2 réadmhaoin shainiúil eile don Lucht Siúil i mBaile Átha an Rí.

CLÁR ATHLONNAITHE DÍDEANAITHE

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Áitiúil óstaigh chun suas le 150 teifeach a athlonnú faoin gClár um Chosaint Teifeach na hÉireann. In 2022 d'éirigh le 15 theaghlach ón tSiria agus ón Afganastáin a athlonnú i 5 bhaile ar fud Chontae na Gaillimhe.

OBAIR SHÓISIALTA

Tá beirt Oibrí Sóisialta ar ghrád foirne agus Oibrí Sóisialta Sinsearach amháin san Fhoireann Oibre Sóisialta. Soláthraíonn an SSW seirbhís oibre sóisialta go tíreolaíoch do Ghailimh Theas agus do Chonamara chomh maith le maoirseacht ar Oibríthe Sóisialta. Clúdaíonn an dá Oibrí Sóisialta príomhghrád Gaillimh Thuaidh agus Gaillimh Thoir. Freagraítear freisin do chásanna casta faoi na catagóirí riachtanas atá leagtha amach thíos. Is é an SSW an tOifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí agus an SOLO (Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéasacha) do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Sna húdaráis Áitiúla tá forbairt tagtha ar ról na hOibre Sóisialta thar na blianta mar gheall ar riachtanais na gcliant atá ag teacht chun cinn. Bunaíodh an ról ar dtús in ÚA sna 1960idí agus tá sé méadaithe ó bheith ina ról sonrach don Lucht Siúil chun na nithe seo a leanas a áireamh:

- Gach iarratasóir agus tionónta reatha a d'fhéadfadh a bheith aitheanta a bheith leochaileach
- Míchumas (Fisiciúil, Céadfach, Intleachtúil) - *HSDG agus Foghrúpaí*
- Daoine scothaosta
- Daoine Fásta Leochaileacha (cosaint)
- Obair Idirchaidrimh Leasa Leanaí
- Easpa dídine
- Meabhairshláinte
- LADTAI+ (leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, aiteach, agus idirghnéas)
- Oibriú le daoine aonair agus grúpaí imeallaithe agus leochaileacha eile

Chomh maith leis an méid thuas, freagraíonn an fhoireann Oibre Sóisialta d'atreoruithe maidir le:

- Measúnú Obair Shóisialta
- Idirghabháil Ghéarchéime

- Méala agus Cailteanas
- Abhcóideacht
- Buarthaí maidir le hacmhainn cliant
(Tagairt: An tAcht um Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas), 2015)

Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís Oibre Sóisialta laistigh den Tithíocht oibriú le cliant a bhfuil deacrachtaí acu i réimsí sóisialta a saoil. D'fhéadfadh go mbeadh Obair Shóisialta ag teastáil ina haonar nó mar chuid d'idirghabháil ilghnéitheach, foirne ildisciplíneacha srl.

Dúshlán in 2022:

- Cásanna/freagraí géarchéime a theastaíonn lasmuigh de chásanna leithdháilte.
- Atreoruithe míchuí.
- Líon méadaithe na n-atreoruithe.
- Dúshlán a bhaineann le tacú le cliant leas a bhaint as sainseirbhísí.

Plean do 2023:

- Freagra cuí agus éifeachtach ar atreoruithe/cásanna oiriúnacha.
- Ualach cásanna inbhainistithe.
- Comhlíonadh CORU.
- Coimeád taifead comhlíontach.
- Leanúint ar aghaidh ag laghdú na marbhántachta ar chásanna.
- Leantar le monatóireacht a dhéanamh ar chásanna oscailte stairiúla/fadtéarmacha.
- Tuilleadh forbartha ar naisc le Tusla, FSS, Cosaint, Meabhairshláinte, Míchumas, Iarchúram, agus páirtithe leasmhara gaolmhara eile.
- Rannpháirtíocht agus ról ceannais in athbhreithniú náisiúnta CCMA ar obair shóisialta (SSW).
- Cloí le próisis Oibre Sóisialta agus forbairt bhreise orthu.

PLEAN STRAITÉISEACH DO THITHÍOCHT DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Is é cuspóir an Phlean Straitéisigh do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon cuí tacaíochtaí tithíochta, a sheachadtar ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, a chuireann comhionannas deiseanna, rogha an duine aonair agus maireachtáil neamhspleách chun cinn. Tá ag éirí go maith leis an bPlean Straitéiseach atá forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara mar FSS, Soláthraithe Seirbhíse Míchumais agus soláthraithe seirbhísí Tithíochta. Is é cuspóir an Phlean Straitéisigh um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas ná go n-oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun freastal ar riachtanais tithíochta aitheanta iarratasóirí ar thithíocht atá faoi mhíchumas:

- atá nasctha le soláthraí seirbhíse míchumais / FSS agus ina gcónaí sa phobal (lena dteaghlach, cúramóirí)

- nach bhfuil nasctha le soláthraí seirbhíse míchumais / FSS ach go bhfuil míchumas aitheanta acu
- atá ag aistriú ó shuíomh comhchruinnithe nó seirbhíse

Is é cuspóir phlean straitéiseach Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibriú i dtreo cur chuige bunaithe ar chearta maidir le tithíocht, rochtain uilíoch, agus cuimsiú pobail do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i gContae na Gaillimhe. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall é seo a bhaint amach laistigh den timpeallacht tithíochta príomhshrutha.

Is iad na ceithre chatagóir míchumais dá dtagraítear sa straitéis seo ná:

1. Míchumas céadfach
2. Míchumas meabhairshláinte
3. Míchumas coirp
4. Míchumas intleachtúil

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe uathachas mar mhíchumas. Faoi láthair ní aithnítear é ar an bhFoirm Faisnéise Míchumais agus/nó Míochaine (HMD - Foirm 1) mar chatagóir dá cuid féin – beidh gá aghaidh a thabhairt air seo go náisiúnta. Breithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe gach iarratas ar a tuillteanas féin.

Tá an Grúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta (HDSG) bunaithe agus á chomhordú ag an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach agus an tOibrí Sóisialta Sinsearach laistigh den Tithíocht. Tá Plean Gníomhaíochta mionsonraithe ar fáil ar Leathanach 23 de Phlean Straitéiseach Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Thithíocht do Dhaoine faoi Míchumas 2021-2026. Ó 2021 i leith, tá foghrúpaí bunaithe le geallsealbhóirí faoi na catagóirí míchumais thuas. Mar thoradh air sin, tugadh tacaíocht do go leor daoine dul ar aghaidh chuig tithíocht shóisialta le Comhairle Chontae na Gaillimhe le tacaíochtaí ón soláthraí seirbhíse cuí.

HDSG – Foghrúpa Meabhairshláinte

Is sampla é an Foghrúpa Meabhairshláinte den dea-chleachtas sa réimse seo. Tá an cohórt is mó d'iarratais tithíochta faoi chatagóir míchumais sa chatagóir 'meabhairshláinte'. Is 'dara leibhéal' é faoin HDSG níos leithne. Ceadáíonn an Foghrúpa Meabhairshláinte duine-lárnach do phlé cásanna agus dul chun cinn ar chásanna casta de chliant leochaileacha a bheadh ag streachailt murach sin iarratas a dhéanamh ar thithíocht, maoin a fháil agus tionóntacht a choinneáil. Is cur chuige comhpháirtíochta é idir Comhairle Chontae na Gaillimhe - Tithíocht agus Seirbhísí Sláinte Meabhrach Cúram Sláinte Pobail an Iarthair, chun cliant fhrithpháirteacha a chur chun cinn. Ceadáíonn an grúpa plé ar chásanna, forbairt pleananna gníomhaíochta agus líonadh na bearna idir an t-údarás áitiúil agus an FSS. Cuireann sé bealach cumarsáide ar fáil agus chun cinntí a dhéanamh. Níos tábhachtaí fós, ceadáíonn sé do chliant leochaileacha a bhfuil riachtanais bhreise acu dul chun cinn a dhéanamh lena dtithe agus a dtionóntachtaí féin a bheith acu trí leas a bhaint as cur chuige bunaithe ar chearta agus ar an bpobal.

Tá baill fhoghrúpa MH comhdhéanta d'fhoireann ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó FSS, is iad sin:

- Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Comhordaitheoir Tithíochta, Seirbhísí Meabhairshláinte, FSS
- Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta (de réir mar is gá do chásanna sonracha ina gceantair), Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tacaíodh le thart ar 44 duine go dtí seo. Astu sin, tugadh tacaíocht do 12 duine chun aistriú ó bhrúnna meabhairshláinte go tionóntachtaí neamhspleácha le tacaíocht. Is é an raon aoise ó 28 go 74. Thacaigh an tionscadal le Daoine Aonair a fhreastalaíonn ar sheirbhísí meabhair-shláinte na Gaillimhe atá ar liosta feithimh tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus atá ag druidim leis an gcrios tairisceana lena n-áirítear;

- Iad siúd a fhreastalaíonn ar sheirbhísí meabhairshláinte d'aoisigh a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus nach dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu.
- Iad siúd atá i dtionóntachtaí neamhchinnteacha (a bhí i mbrúnna roimhe seo) le haistriú go dtí tionóntachtaí sábháilte.
- Daoine fásta a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte tromchúiseacha acu ag maireachtáil le tuismitheoirí go dtí maireachtáil neamhspleách.
- Líon beag daoine aonair i dtionóntachtaí reatha a raibh a dtionóntacht i mbaol mar gheall ar shaincheisteanna síceasóisialta a raibh tionchar acu ar a meabhairshláinte agus a dtionóntacht chun tacaíocht a fháil leis na saincheisteanna seo.

Ceadaíonn an foghrúpa MH fóram idirghníomhaireachta inar féidir breathnú ar 'Chóiríocht' agus 'Tacaíochtaí' le chéile. Leagann an HDSG – Foghrúpa Meabhairshláinte amach clár oibre roimh na cruinnithe, mar sin tagann na páirtithe go léir chuig an gcruinniú ullmhaithe agus déanann siad athbhreithniú ar chásanna/comhaid roimh ré, chun éifeachtacht agus cuntasacht a chinntiú.

HDSG – Foghrúpa um Míchumas Intleachta

Sampla eile den obair atá ar siúl is ea an foghrúpa um Míchumas Intleachta. Ar cheann de na moltaí i bPlean Straitéiseach do Thithíocht do Dhaoine faoi Míchumas 2021-2016 Chomhairle Chontae na Gaillimhe bhí go ndéanadh an earnáil míchumais intleachta machnamh ar chomhordaitheoir/tionscadal tithíochta a bhunú cosúil le tionscadal/ról Comhordaitheoir Tithíochta Meabhair-Shláinte FSS. Ghlac baill foirne shinsearacha ó Ability West agus Bráithre na Carthanachta atá ina mbaill de HDSG Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis seo agus lorg siad maoiniú faoi thogra comhpháirteach ag lorg maoinithe ó sheirbhísí Míchumais FSS. Bhí sé seo mar thaca freisin ag obair thiomanta na dtuismitheoirí abhcóidí a bhfuil baill teaghlaigh acu ag baint leasa as seirbhísí míchumais intleachta.

Is treoirtionscadal é an tionscadal faofa a dhíreoidh ar dhaoine fásta níos óige/meánaosta a bhfuil riachtanais tacaíochta éadroma/measartha acu agus a bhfuil míchumas intleachta acu agus ar mian leo maireachtáil go neamhspleách le tacaíochtaí. Daoine aonair a bheadh iontu nach mbeadh gá acu le seirbhísí cónaithe 'ardriachtanais' ach a bhfuil riachtanais tacaíochta laethúla acu. Tháinig na cliaint aitheanta don tionscadal ó ghrúpa Abhcóideachta Tuismitheoirí i nGaillimh. Is é cuspóir an tionscadail:

- Tithíocht shóisialta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas intleachta laistigh de roghanna tithíochta sóisialta príomhshrutha.
- Socrúcháin chónaithe ghéarchéime a sheachaint do dhaoine a bhfuil an cumas acu cónaí ina dtithe féin nuair a éiríonn tuismitheoirí/cúramóirí faoi acmhainneacht nó tinn.
- Tacú le daoine faoi mhíchumas intleachta chun saol sásúil a chaitheamh ina bpobail ina dtithe féin.
- Tacaíochtaí a sholáthar nuair is gá ó FSS le hionchur MDT ó na heagraíochtaí ábhartha um míchumas intleachta de réir mar is gá.

Tá sé i gceist tithíocht a chur ar fáil do dhaoine aonair trí LA agus AHB, ag brath ar riachtanais an chliaint, cóngarachta do thacaíochtaí agus seirbhísí nádúrtha. Tiocfaidh tacaíochtaí do na cliaint maidir lena riachtanais aonair ó thacaíochtaí nádúrtha, ón earnáil ID (Ability West nó Bráithre na Carthanachta) agus maoinithe ag FSS. Tá na poist á maoiniú agus á mbainistiú ag FSS agus na soláthraithe seirbhíse míchumais thuasluaite. Ní tionscadal faoi cheannas na nÚdarás Áitiúil é an tionscadal, tá sé á threorú ag an earnáil ID, tá an soláthar tithíochta nasctha le Comhairle Chontae na Gaillimhe faoin bPlean Straitéiseach do Thithíocht do Dhaoine faoi Míchumas 2021-2026. Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i dteagmháil le foireann an Tionscadail Tithíochta agus leis an tionscadal faoi struchtúir an Ghrúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta (HDSG) atá ann faoi láthair trí fhoghrúpa G.co.co um Míchumas Intleachtúil.

Tagann an Grúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta níos leithne le chéile go rialta i rith na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar obair na straitéise.

BAINISTÍOCHT TIONÓNTACHTA AGUS EASTÁIT

Bunaíodh an tAonad Bainistíochta Tionóntachta agus Eastát in 2013 laistigh de Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. D'aithin cruthú an aonaid seo go soiléir tiomantas na Comhairle do thithe sábhailte buana a sholáthar chomh maith leis an gcúram agus an tacaíocht chun pobail chobhsaí agus inbhuanaithe a fhorbairt, chun cliseadh tionóntachta a chosc agus easpa dídine a d'fhéadfadh a bheith ann.

Imlíníonn an Straitéis Cothabhála Tionóntachta don Chontae na hidirghabhálacha agus tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú lenár dtionóntaí a dtionóntacht a choinneáil agus cuireann sé go dearfach lena gcomharsanacht agus lena bpobal.

Glacann an tAonad Tithíochta agus a chomhpháirtithe cur chuige idir-rannach agus idirghníomhaireachta, mar iarracht feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí inár n-eastáit Tithíochta agus buaileann an fhoireann Tithíochta go rialta leis na hionadaithe cuí ó FSS, An Garda Síochána, GRETB, agus gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara seachtracha eile.

Aithnítear i straitéis iompair fhrithshóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag iompar frithshóisialta ar chaighdeán maireachtála ár dtionóntaí agus ar chobhsaíocht agus inbhuanaitheacht na bpobal. Aithnítear sa straitéis um iompar frithshóisialta an

tábhacht a bhaineann le cur chuige ilghníomhaireachta chun minicíocht iompair fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú. Fuair an tAonad Bainistíochta Tionóntachta agus Eastát 200 gearán in 2022.

Imlíononn an straitéis seo freagrachtaí agus rannchuidiú na Comhairle agus na dTionóntaí araon maidir le pobail inbhuanaithe a fhorbairt. Leagann sé amach freisin an próiseas chun gearáin a imscrúdú agus chun déileáil leo lena n-áirítear na bearta a d'fhéadfaidh an chomhairle a dhéanamh ina leith sin a leagan amach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo úsáid córas TCI, de réir bheartais TCI agus Cosaint Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá córais TCI curtha isteach in 8 n-ionad i gCúllairbán, Baile Átha an Rí; Gortbride, Baile Locha Riach; Cúirt an Droichid, Áth Eascrach; Sráid Crowe, an Gort; Bóthar Gilmartin Tuaim, Suíomh Stad Thuama; An Tir Bhuí, Tuaim; agus Eastát na Páirce Móire, Tuaim.

FREAGRA NA HÚCRÁINE

GNÍOMHARTHA FAOI FHREAGRA NA HÚCRÁINE

Mar gheall ar ghéarú na coinbhleachta armtha idirnáisiúnta san Úcráin bhí taismigh sibhialtach agus scriosadh an bonneagar sibhialtach, rud a chuir iallach ar dhaoine teitheadh óna dtithe; cosaint agus cúnamh sábháilteachta a lorg. Tá na milliúin teifeach ón Úcráin tar éis teorainneacha a thrasnú isteach i dtíortha comharsanachta agus cuireadh iallach ar roinnt acu bogadh laistigh den tír. Tá cosaint agus tacaíocht de dhíth orthu. I bhfianaise na héigeandála agus scála na riachtanas daonnúil; tá freagairt idirghníomhaireachta á tabhairt chun tacú leis na daoine easáitithe ón Úcráin.

Leanadh ar aghaidh leis an dearadh mionsonraithe do **Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí** (Deontas Bonneagar Straitéiseach) in 2022 agus foilsíodh CPO don stráice 'uilleann' thiar, i mí na Nollag. Fuarthas 1 agóid i gcoinne na scéime. Tá an Chomhairle ag fanacht le héisteacht ón mBord Pleanála faoi an reáchtálfar éisteacht ó bhéal nó mura reáchtálfar. Áireofar san obair ar an scéim seo in 2023, dearadh mionsonraithe breise ar an gcuid thoir den bhealach seo chomh fada le Bóthar Mhuine Mheá, chun idirchaidreamh agus dearadh le hIarnród Éireann a chur san áireamh maidir leis an idirghníomhaíocht leis an líne iarnróid. Ullmhófar cáipéisí tairisceana freisin chun an stráice 'uilleann' thiar a thógáil - a d'fhéadfaí a fhoilsiú ansin, má cheadaíonn an Bord Pleanála an CPO.

Críochnaíodh an Scéim Deontas d'Fheabhsuithe ar Leith (SIG), **Scéim SIG Dhoire Fheartha**, ar an gCeathrú Rua in 2022. Úsáideadh saothar díreach do na hoibreacha, a dhear an Oifig Ceantair, agus roinnt gnéithe fochonarta ann freisin. Fágann sé sin go bhfuil deireadh leis an scéim seo anois.

Rinne **scéim SIG Chill Bheannáin** i dTuaim tuilleadh dul chun cinn maidir le dréachtú doiciméad tairisceana le haghaidh tógála, agus tosóidh an ceannach talún i Ráithe 4 2022. Tá sé i gceist don bhliain amach romhainn go bhfoilseofar an tairiscint le haghaidh tógála, agus go gcuirfear an chuid is mó den cheannach talún i gcrích. Lean an Roinn Oideachais orthu ag tabhairt tacaíocht mhaoinithe don scéim seo in 2023.

Rinneadh tuilleadh oibre deartha ar **scéim SIG na gCabhsaí** i gConamara Theas, agus rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú ar chúrsaí deartha. Leanfar leis an scéim seo in 2023 le tacaíocht ón Roinn Iompair agus tá sé beartaithe go gcuirfear bailchríoch ar an dearadh, agus go ndéanfar measúnú scagtha éiceolaíochta. Ag brath ar thoradh an mheasúnaithe éiceolaíochta, rachaidh an scéim ar aghaidh le hiarratas pleanála Mheasúnacht Tionchair Natura (NIS), Cuid 8 nó Cuid 10. Bronnadh tuilleadh tacaíochta maoinithe ar an scéim seo do 2023.

Cuireadh tús le scéim nua **SIG Belleville** (Baile Átha an Rí) in 2022 agus leithdháileadh €50,000 curtha ar fáil. Cuireadh na seirbhísí deartha ar tairiscint agus bronnadh iad sa bhliain chéanna. Bronnadh leithdháileadh maoinithe eile ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2023 a chuirfidh ar a cumas dul chun cinn a dhéanamh leis an dearadh. Is iad na hoibreacha atá beartaithe ag an suíomh seo ná athailíniú an bhóthair réigiúnaigh chun an chuire san ailíniú cothrománach a laghdú.

MAOINIÚ DON ATHRÚ AERÁIDE & DON TAISTEAL GNÍOMHACH

Tugadh leithdháileadh €1,032,500 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2022 chun roinnt tionscadal a chur i gcrích faoin Scéim um Oiriúnú agus Athshlánúchán don Athrú Aeráide (CCAR). Is é cuspóir na scéime seo tionscadail a sheachadadh a mbeadh tionchar suntasach agus

inchainníochtaithe acu ar an athrú aeráide agus aghaidh a thabhairt ar an damáiste a dhéanann drochaimsir don líonra. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích i nGaillimh, ardaíodh bóithre, suiteáladh draenacha, silteáin, lintéir agus cuireadh bearta eile i bhfeidhm chun tuilte a chosc. D'athdhearbhaigh an Roinn Iompair a tiomantas don scéim agus í á cur ar fáil d'údaráis áitiúla arís in 2023. Tugadh leithdháileadh méadaithe €1,169,193 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

TAISTEAL GNÍOMHACH 2022

Mórchuspóir náisiúnta de chuid Chlár Taisteal Gníomhach an Údaráis ná 1000km de bhonneagar nua siúil agus rothaíochta a sholáthar faoi dheireadh 2025 – is cuid lárnach é seo de straitéis an rialtais chun laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2030 (tagairt Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2023).

Bunaíodh an Clár Um Thaisteal Gníomhach chun líonra níos sábháilte agus níos inrochtana a sholáthar a spreagfaidh daoine chun a bheith comaitéireacht go sábháilte; ag siúl nó ag rothaíocht idir an baile, an scoil agus an láthair oibre. Agus modh malartach comaitéireachta inbhuanaithe á chur ar fáil, laghdófar an gá le turais ghearra ghluaisteáin agus tarlóidh aistriú córa iompair dá bharr.

Baineann na hoibreacha Taisteal Gníomhach atá maoinithe ag an Údarás Náisiúnta le bóithre neamh-Náisiúnta agus le suíomhanna laistigh de theorainneacha luais 50/60km in aghaidh na huaire. Leanann an scéim seo ar aghaidh ar bhonn atrátha mar chlár oibreacha ilbhliantúil ar fud an Chontae.

In 2022, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh maoinithe don chlár Taisteal Gníomhach ar luach nach mór €7.9 milliún chun an Clár um Thaisteal Gníomhach a sheachadadh don bhliain – rinneadh roinnt tionscadal Taisteal Gníomhach a phleanáil, a thairiscint agus a sheachadadh ar an láthair i mBailte agus i Sráidbhailte éagsúla ar fud Chontae na Gaillimhe.

Áiríodh le clár 2022 raon cuimsitheach tionscadal, idir thionscadail don Samhaltú Iompair agus don Pleanáil Iompair Áitiúil a rinne na foirne Pleanála Bóithre agus Pleanála Chun Cinn: Tionscadail Dhearthra agus Thógála arna seachadadh go díreach ag foirne an Cheantair Bhardasaigh; agus cuireadh Pleananna Seachadta Bealaí Sábháilte Chun na Scoile i bhfeidhm i gcomhpháirt le foirne Scoileanna Glasa an Taisce.

Caitheadh beagán os cionn €3 mhilliún ar thionscadail Thógála in 2022, lena n-áirítear:

- Uasghrádú agus deisiú na gcosán a bhí ann cheana
- Cosáin nua le draenáil agus soilsiú poiblí a shuiteáil
- Bonneagar páirceála rothar a shuiteáil in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae
- Trasrianta Coisithe a shuiteáil agus a uasghrádú
- Idirghabhálacha Luais agus Comharthaí Aiseolais do Thiománaithe a Shuiteáil


Tá tionscadail thógála nár críochnaíodh go hiomlán in 2022 á gcur i bhfeidhm fós agus beidh siad fós á maoiniú in 2023.

Leanfar le tionscadail Dearaidh agus Pleanála ar cuireadh tús leo in 2022 a fhorbairt ar bhonn ilbhliantúil go dtí go gcríochnófar iad.

Roinnt Grianghraf de thionscadail Thaisteal Gníomhach 2022







Spríoc Straitéiseach Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcoilár gach a ndéanfaimid

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Lean an tAonad ar aghaidh agus Áis Íocaíochta Ar Líne á cur ar fáil acu chun Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad ar aghaidh agus leas á bhaint as www.galway.ie le linn 2022 chun Seirbhís Faisnéise Tráchtá a chur ar fáil, ag cur eolais ar fáil maidir le fadhbanna tráchtá mar thoradh ar oibreacha bóthair, dúnadh sealadach bóithre, teorainneacha luais oibreacha bóthair srl.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí úsáid a bhaint as meáin éagsúla, amhail raidió áitiúil, suíomh gréasáin, Twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphoist, téacsanna, agus trí úsáid a bhaint as an gcóras tuairimí custaiméirí ar líne.
- Chuir an tAonad Bóithre agus Iompair clár fairsing oibreacha ar fáil go rathúil agus go héifeachtúil in 2022, lena n-áirítear oibreacha sa bhreis orthu siúd a bhí san áireamh sna Cláir Bóithre, maoinithe ag Ranna Rialtais eile cosúil leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

AN COISTE UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE LE CHÉILE

Tháinig an Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile le chéile uair amháin le linn 2022 – ag leanúint lena ról gníomhach i gcur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre i gCo. na Gaillimhe.



(Grianghraf: Coiste Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile)

I measc na dtionscnamh sonrath um shábháilteacht ar bhóithre ar thug an Chomhairle fúthu le linn 2022 bhí:

- Tacaíocht d'fheidhmiú Scéim na Maor Scoile Sóisearaí
- Maoiniú a thabhairt chun Oiliúint Rothaíochta a chur ar fáil do Scoileanna Náisiúnta agus chun racaí rothar a shuiteáil

Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le hAontas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe, feachtas feasachta shábháilteacht ar bhóithre a spreag mic léinn a shiúlann nó a théann ar rothar chuig an gcoláiste a gceann scríbe a bhaint amach go sábháilte. Tugadh veisteanna ard-infheictheachta do mhic léinn a d'fhreastail ar an gcoláiste le linn na Seachtaine um Shábháilteacht ar Bhóithre, le caoinhead an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.



(Grianghraf: Mic Léinn Ollscoil na Gaillimhe)

Bhí Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre Éireann ar siúl ón 3 go dtí an 9 Deireadh Fómhair 2022 agus d'ardaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i

measc an phobail. Dháil siad bileoga faoi ábhar amhail luas tiomána, tomhas doimhneachta bonn, foghlaimeoirí tiomána, ceartúsáid soilse ar fheithiclí, tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí, tuirse tiománaithe, úsáid fón póca, ceartúsáid timpealláin, srl., agus tugadh ábhar frithchaiteach amach saor in aisce.

Chun a chinntiú go bhfuil amharc an duine ar an gcaighdeán a theastaíonn chun bheith ag tiomáint go sábháilte, moladh do gach duine Tástáil Radhairc a dhéanamh gach 2 bhliain, ar a laghad. Do mhí Dheireadh Fómhair, '22, chuir Specsavers Tástálacha Radhairc caighdeánacha ar fáil ar €15.00.

D'oibrigh an Chomhairle i gcomhar le hAontas na Mac Léinn GMIT agus scaipeadh clúdaigh málaí droma ard-infheictheachta ar mhic léinn an choláiste.



Molann tionscnamh Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 'Arrive Alive', gan téacsáil agus tiomáint ag an am céanna. Tá dioscaí ar fáil, saor in aisce, don phobal ag an Oifig Mótarchánach agus na hOifigí Ceantair.



D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ar an gCeathrú Rua, le Seirbhís Otharcharr FSS; le Cosaint Shibhialta na Gaillimhe agus leis an nGarda Síochána chun ócáid feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre dírithe ar dhéagóirí a reáchtáil i gColáiste Chroí Mhuire, An Spidéal ar an 6 Deireadh Fómhair, '22.

Bhí deis ag na daltaí meánscoile atá ar tí a bheith ina dtiománaithe óga, blaiseadh a fháil den mhéid a tharlaíonn ag láthair imbhualte tráchta bóthair – tharla léirsiú díchóimeála cairr, agus scaoileadh duine amach as feithicil. Bhí criú ón tSeirbhís Dóiteáin, ón tSeirbhís Otharcharranna agus ón gCosaint Shibhialta i láthair, in éineacht leis an nGarda Síochána, chun comhairle a chur ar na 80 mac léinn a bhí i láthair.

Ba é aidhm an tionscnaimh ná feasacht a ardú faoin méid a tharlaíonn ag láthair timpiste. Táthar ag súil go laghdóidh sé seo an baol go mbeidh tiománaithe óga páirteach i dtimpistí tráchta bóthair, a mbíonn gortú nó bás tromchúiseach mar thoradh orthu go rómhinic.



Spríoc Straitéiseach chun an Comhshaol & Oidhreacht a Chosaint

Ár dtimpeallacht, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na glúine seo agus na glúine atá le teacht.

SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Leanann an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, le forbairt Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2022, lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh urraíochta ar chúig scéim agus bhí 77 rannpháirtí sna háiteanna seo a leanas: Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort & agus an ceantar máguaird, Tuaim & an ceantar máguaird agus Cloch na Rón/An Clochán.



(Leapacha bláthanna in aice le Linn Snámha Thuama, curtha ag Scéim Fostaíochta Pobail Thuama agus an cheantair mháguaird)

RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I SCÉIMEANNA BÓITHRE

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an Scéim Rannpháirtíochta Pobail maidir le hOibreacha Bóthair a chur chun cinn go gníomhach mar bhealach tacaíocht an phobail a fháil d'oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Caitheadh €964,160 san iomlán ar 35 thionscadal le linn 2022, arna maoiniú ag leithdháileadh ón Roinn Iompair do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla.

AN PLEAN NÁISIÚNTA LEATHANBHANDA.

Is beartas rialtais é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach teach, scoil agus gnó in Éirinn — is cuma cé chomh hiargúlta is atá siad — ar leathanbhanda ardluais.

Tá sé seo á bhaint amach le meascán d'Infheistíocht Tráchtála ar fud na tíre agus d'Idirghabháil Stáit sna ceantair nach dócha go ndéanfaidh oibreoirí tráchtála aonair infheistíocht iontu.

LIMISTÉAR IDIRGHABHÁLA STÁIT NBP

I mí na Samhna 2019, cheap an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an comhlacht National Broadband Ireland (NBI) chun an líonra Idirghabhála Stáit a thógáil, a chothabháil agus a oibriú don chéad 25 bliain eile.

Tá sé i gceist faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) líonra leathanbhanda snáthoptaice a chur ar fáil do 544,000 áitreabh in Éirinn. Tá 39,964 de na háitribh seo lonnaithe i gContae na Gaillimhe agus is é an infheistíocht réamh-mheasta thar shaolré an tionscadail sa chontae ná €153 milliún.

Faoi dheireadh 2022, chuir NBI cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTH) ar fáil do níos mó ná 13,843 áitreabh i gContae na Gaillimhe agus tá siad in ann seirbhís a réamhordú/a ordú. Is ionann sin agus 35% den Áitreabh sa limistéar idirghabhála i gContae na Gaillimhe.

In 2022, críochnaíodh limistéir imlonnaithe an Ghoirt agus Bhaile Locha Riach beagnach ina n-iomláine.

Measann NBI go mbeidh 44% de na háitribh sa limistéar idirghabhála i gContae na Gaillimhe in ann seirbhís a réamhordú/a ordú faoi dheireadh 2023.

Léiríonn plean tógála reatha an NBI go mbeidh a líonra curtha i bhfeidhm i gCo. na Gaillimhe faoi mhí na Nollag 2026.

Is féidir eolas cothrom le dáta maidir le plean tógála NBI do Chontae na Gaillimhe a fháil <https://nbi.ie/where-are-we-working/>

INFHEISTÍOCHT TRÁCHTÁLA A SHEACHADANN SEIRBHÍSÍ FTTH

Príomhphrionsabal de chuid an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda is ea tacú le hinfeistíocht tráchtála agus í a spreagadh trí bhearta beartais agus rialála a chur i bhfeidhm. D'fheidhmigh sé seo mar chatalaíoch d'infheistíocht tráchtála ón earnáil teileachumarsáide

Ó 2018 go deireadh 2022 cuireadh os cionn 43,000 Éircód breise i gCo. na Gaillimhe ar fáil do chuideachtaí tráchtála le líonraí cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTH).

Tá tógáil líonra snáthoptaice ar siúl i mBaile Locha Riach faoi láthair agus táthar ag tuar go gcuirfear tús le hoibreacha i mBaile Bhéal Átha na Sluaighe i Ráithe 2 2023.

AN TIONSCNAMH WIFI4EU

Cuireann an tionscnamh WiFi4EU rochtain lasmuigh saor in aisce ar nascacht Wi-Fi ar fáil do shaoránaigh i spásanna poiblí lena n-áirítear páirceanna, cearnóga, foirgnimh phoiblí, leabharlanna, ionaid sláinte agus músaeim i mbardais ar fud na hEorpa. Faoi dheireadh 2022, beidh fáil ar 40 pointe rochtana Wi-Fi ar fud an chontae agus táthar ag súil go gcuirfear dhá phointe rochtana eile ar fáil in 2023, rud a chuirfidh rochtain Wi-Fi saor in aisce ar fáil do mhuintir na háite agus do chuirteoirí araon.

AN TIONSCNAMH BCP (POINTÍ NASCTHA LEATHANBHANDA)

Tá an tionscnamh BCP ina chuid lárnach den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ina dtabharfar nascacht ardluais chuig príomhionaid phoiblí i gceantair nach féidir leo rochtain a fháil ar leathanbhanda ardluais faoi láthair. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil sula gcuireann Leathanbhanda Náisiúnta Éireann nascacht snáthoptaice ar fáil sna ceantair seo. Cuirfidh BCPanna teophointí Wi-Fi saor in aisce ar fáil don phobal, agus cuirfidh cuid acu seirbhísí breise ar fáil don phobal amhail spásanna cianoibre nó láithreacha le haghaidh oiliúint scileanna. Faoi láthair tá 20 BCP beo agus Wi-Fi poiblí ar fáil iontu. Táthar ag súil go mbeidh an 2 BCP eile beo in 2023.

In 2022, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú (€127,779.33) do 5 BCP ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi scéim na Mol Nasctha (2022) chun spásanna cianoibre nua a chruthú nó a chun cur le moill a bhí ann cheana. Tá an obair seo críochnaithe anois, agus tá tuairisceáin curtha ar fáil don Roinn.

MAPÁIL RÉIGIÚNACH NA NACMHAINNÍ DIGITEACHA.

I Léarscáil ArcGIS, taispeántar moil dhigiteacha, Leabharlanna, foirgnimh ina bhfuil stoc poiblí Wi-fi agus ríomhairí ar fáil don phobal, pointí Wi-Fi -poiblí WIFI4EU agus suíomhanna BCP agus an tseirbhís a chuireann siad ar fáil, tugadh an léarscáil seo cothrom le dáta in 2022

SEIRBHÍSÍ UISCE

CAOMHNÚ UISCE

Le linn 2022, leanadh ar aghaidh le sceitheadh ón líonra dáileacháin uisce a laghdú trí oibreacha idirghabhála pleanáilte agus frithghníomhacha tríd an gClár Laghdaithe Sceite (LRP) a chur i bhfeidhm, i gcomhar le hoibreacha athshlánúcháin faoin gClár Líonra Uisce (WNP).

In 2022 rinneadh oibreacha suntasacha athshlánaithe i mBéal Átha na Sluaighe, i nDún an Uchta, i gCasla, in Inis Oírr agus Inis Bó Finne a chuirfidh feabhas ar chaighdeán an uisce agus ar chúrsaí soláthair sna ceantair sin.

Amach anseo, feicfeadh infheistíocht leanúnach sa líonra in 2023 tríd an WNP le scéimeanna athshlánaithe beartaithe ar dtús do Ghleann na Madadh, Indreabhán, Ros Cathail, Tuaim, An Gort agus Baile Átha an Rí agus laghdú leanúnach ar sceitheadh tríd an LRP.

I measc na bpríomhshruthanna oibre eile atá ar siúl ag an am céanna, agus a bhfuiltear ag súil go mbainfidh tairbhe bhreise leo sa Chontae tá:

- Aimsigh & Deisigh - ag baint úsáide as acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus acmhainní Chriúna agus Conraitheoirí Oibriúcháin Aimsigh agus Deisigh ar fud roinnt Ceantair Méadar Dúiche (DMAanna) ar fud an Chontae.
- Bainistíocht Brú - ag baint úsáid as acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus acmhainní Chriúna agus Conraitheoirí Oibriúcháin 'Aimsigh agus Deisigh' ar fud gach Rannán Seirbhíse Uisce; Thuaidh, Theas agus Thiar.
- Athshlánú Príomhlíonra - (lena n-áirítear athsholáthar luaidhe) tá Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonra ag leanúint ar aghaidh ar fud gach Rannán Seirbhíse Uisce; Thuaidh, Theas agus Thiar.
- An Chéad Deisiú - Tá na Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonraí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí céad-deisithe 'First Fix', ar fud an chontae.
- Méadrú (Neamh-Intíre) - tá na Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonraí ag tabhairt faoi mhéadrú ar an láthair ar fud an Chontae.

De réir mar a théann an obair ar aghaidh ar na sruthanna oibre seo sna blianta amach romhainn, sábhálfar méid suntasach uisce. Rachaidh sé seo chun tairbhe na gcustaiméirí agus an phobail araon.

GRÚPSCÉIMEANNA UISCE

Cuirtear tacaíocht ar fáil sa Chlár do ghrúpscéimeanna le deontais nua grúpscéime, deontais le haghaidh feabhsúcháin scéime, deontais tobair aonair agus deontais fhóirdheontais i dtreo oibriú agus cothabháil leanúnach. Tá caighdeán an uisce agus comhlíonadh na gcaighdeán Rialaithe Uisce Óil Iárnach i gcinntí infheistíochta.

Tá na cláir éagsúla Uisce Tuaithe go léir maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Bíonn maoiniú éagsúil i gceist leis na deontais éagsúla, ag dul ó 75% go 100% ag brath ar chatagóir na n-oibreacha.

In 2022, íocadh Deontais Chaipitil arbh fhiú beagnach €0.78m iad agus íocadh fóirdheontais oibriúcháin arbh fhiú thart ar €5.3m iad freisin.

Chuir an hipearbhoilsciú ábhar agus fuinneamh go mór isteach ar scéimeanna le linn 2022.

Tá sonraí na mbeart maoinithe faoin gclár leagtha amach thíos.

Beart 1: Cosaint Foins

(Earnáil GWS) – Cosaint foinse amhuisce GWS atá ann cheana (2(e) a bhíodh ann roimhe). Céim 1 agus Céim 2 atá anseo.

- Ba é Céim 1 na tuarascálacha ZOC (deontas uasta €3,000 X 85%).
- Tá Céim 2 ar 100% faoi réir uasmhéid 9,000 in aghaidh an tí thar gach ceannteideal maoinithe.

Beart 2: Comhlíonadh Sláinte Poiblí

Áiseanna Cóireála a Uasghrádú

- a. Feabhsúcháin Chóireála Uisce (RAL) 100%
- b. Cónascadh/cuíchóiriú 100%
- c. Costais athsholáthair caipitil 85%

Beart 3: Scéimeanna atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áirítear caomhnú uisce (

Rannóg GWS) Caomhnú uisce agus uasghrádú líonra lena n-áirítear stóráil.

- a. Caomhnú Uisce (85%)
- b. Uasghrádú Líonra (85%)

Beart 4: Grúpscéimeanna Nua Uisce

- a. Scéimeanna Neamhspleácha
- b. Síntí

85% faoi réir gnáth-theorainneacha nó 90% i gcásanna eisceachtúla.

Beart 5: Grúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann cheana a aistriú chuig an Earnáil Uisce Pobail (Uisce Éireann)

Scéimeanna atá ann cheana ar mian leo go dtógfar iad i gcúram.

Beart 6: Naisc Phobail (Uisce agus Fuíolluisce)

Síntí amach ón líonra poiblí

Beart 7: Nuálaíocht agus Taighde

- a. Tograí maidir le teicneolaíocht nua a úsáid in earnáil uisce an ghrúpa
- b. Tionscadail in earnáil an uisce tuaithe chun tacú le cuspóirí na gCreat-Treoracha Uisce, lena n-áirítear feasacht.

Beart 8: Toibreacha Aonair (75%) agus córais chóireála fuíolluisce ar an láthair (de réir tástála acmhainne).

Tháinig an clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 chun críche in 2021 ach tugadh ar aghaidh é go dtí 2022 toisc go raibh drochthionchar ag paindéim COVID ar an gclár. Cuirfear aon tionscadail nach gcríochnófar faoin gclár isteach arís le haghaidh maoinithe faoin gcéad chlár eile.

Baineann coinníollacha agus uasteorainneacha áirithe leis na bearta cistiúcháin go léir. Míneofar iad seo le linn an phróisis iarratais.

CLÁR NA NOIBREACHA CAIPITIÚLA

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe le dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail Seirbhísí Uisce ar Chláir Infreastruchtúir agus Oibreacha Caipitil Uisce Éireann, i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann. Tugann Uisce Éireann tús áite do thionscadail chun bonneagar seirbhísí uisce atá ann cheana a chur ar fáil nó a fheabhsú, rud a éascóidh comhlíonadh na Treorach Fuíolluisce Uirbigh agus na Creat-Treorach Uisce. Ullmhaítear Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann gach cúig bliana ar a laghad agus cuirtear faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntas é chun maoiniú a cheadú.

Le linn 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach le tionscadal líonra Scéim Séarachais Bhaile Átha an Rí, agus síníodh conradh tógála ag deireadh 2022. Chuir an conraitheoir, Coffey Construction Ltd., tús le hoibreacha ar an láthair i mí Feabhra 2023 agus tá súil aige oibreacha a chur i gcrích laistigh de thréimhse an chonartha; 24 mhí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na hionaid nua cóireála fuíolluisce ar an Spidéal agus in Áth Eascrach i gcaitheamh na bliana, agus táthar ag súil go ndéanfar an dá ionad a choimisiúnú go luath i Ráithe 2, 2023. Is ionaid chóireála thánaisteacha atá sa dá ionad – tá gnáthchumas 1,000 P.E. ceaptha don Spidéal agus 470 P.E. d'Áth Eascrach. Má chríochnaítear an t-ionad sa Spidéal, cuirfear deireadh le heisilteach neamhchóireáilte bheith á scaoileadh chun na farraige. Ag Áth Eascrach, scaoilfear eisilteach cóireáilte comhlíontach chuig Abhainn Bhun Eoghain.



Ionad Cóireála Fuíolluisce Áth Eascrach



Ionad Cóireála Fuíolluisce an Spidéil

Cuireadh tús arís le hobair pleanála agus deartha ar Ionad Cóireála Fuíolluisce (WWTP) Bhéal Átha Ghártha agus Ionad Cóireála Fuíolluisce an Chreagáin i lár 2022. Sa Chreagán, tá an CPO chun talamh a cheannach agus suirbhéanna imscrúdaithe láithreáin curtha i gcrích. Tá dearadh mionsonraithe ar siúl faoi láthair, agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal chun tairisceana i Ráithe 4 2023. Tá sé beartaithe an t-eisilteach cóireáilte a scaoileadh ón ionad cóireála fuíolluisce uasghrádaithe i mBéal Átha Ghártha go hAbhainn na Suca. Éileofar príomhphíobán ardaithe nua thart ar 3km chuige seo. Beidh gá le tailte agus le ceadanna slí breise, agus beidh conradh imscrúdaithe láithreáin le teacht ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist go gcuirfear Béal Átha Ghártha agus an Chreagán ar aghaidh mar chonradh amháin le tógáil go luath in 2025.

Tá pleanáil agus réamhdhearadh ag dul chun cinn freisin ag WWTP Dhún an Uchta. Le linn 2022, chuir na comhairleoirí roinnt roghanna faoi bhráid Uisce Éireann maidir leis an ionad a uasghrádú.

Déanfar measúnú ar na roghanna seo, agus cuirfear an rogha is fearr ar aghaidh chuig an leibhéal deartha mionsonraithe.

Tionóladh an Éisteacht ó Bhéal don Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do thionscadal WWTP Chloch na Rón ar an 15 Márta 2021 agus dheimhnigh an Bord Pleanála an CPO ar an 3 Márta 2022. Rinneadh athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh, áfach, agus ní féidir dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal go dtí go réiteofar é sin.

Tá Uisce Éireann ag fanacht ar dháta le haghaidh Éisteacht ó Bhéal don CPO do shuíomh WWTP na Ceathrún Rua.

Tá oibreacha ag dul ar aghaidh chomh maith maidir le deireadh a chur le heisilteach neamhchóireáilte ag Bóthar na Críche i mBéal Átha na Sluaighe agus maidir le laghdú ar shreafaí stoirme ag Bóthar an Stáisiúin i mBaile Locha Riach.

TUAIRISCIÚ FEIDHMÍOCHTA

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

****Le nuashonrú go dtí go bhfoilseofar foilseachán deiridh NOAC****

Foráladh le hAlt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 go mbunófaí Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC). Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcoinne, nó i gcomparáid, le táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún gur cuí tagairt a dhéanamh dóibh, agus lena n-áirítear táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí.

Iarrtar ar Údarás Áitiúla faisnéis agus sonraí a bhailíochtú agus a chur isteach maidir le 42 Tháscaire Feidhmíochta. Déanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) na sonraí seo a thiomsú agus cuirtear ar fáil iad do NOAC le haghaidh tuilleadh anailíse agus foilsithe mar chuid de thuarascáil Náisiúnta ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil. Chomh maith leis an bhfaisnéis a chuireann an Chomhairle ar fáil, cuireann comhlachtaí seachtracha (Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne Iompair, An Roinn Turasóireachta agus Spóirt (D/TTaS) (VRU), an EPA, agus an Oifig um Bainistíocht Bóithre (RMO) sonraí ar fáil atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a chur faoina mbráid. Déanann an Chomhairle an fhaisnéis sin a shábháil agus a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta agus úsáid á baint as córas ríomhfhille ar líne.

Déanann na táscairí iarracht cur chuige coiteann a sholáthar maidir le tomhas agus tagarmharcáil. Cuirtear an fhaisnéis seo ar fáil chun tacú le gach údarás áitiúil feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad do phobail áitiúla. Creideann NOAC, go bhfuil scóip ann dea-chleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna ag comhlachtaí rialtais áitiúil, ach bheith ag foghlaim óna chéile.

Is próiseas leanúnach é an obair ar na táscairí a bheachtú agus aithníonn NOAC gur gá tacar sonraí níos ábhartha a mhodhnú nó a athsholáthar i roinnt de na táscairí.

Don bhliain 2022, bhí 42 tháscaire feidhmíochta údarás áitiúil ann, mar a leagtar amach thíos.

Cuirtear tagairt ar fáil do gach Táscaire mar seo a leanas:

- Tithíocht (H1 go H6)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1 agus W2)
- Dramhaíl/Comhshaol (E1 go E6)
- Pleanáil (P1 go P5)
- An tSeirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann/Caitheamh Aimsire (T1 agus T2)
- An Óige/Pobal (Y1 agus Y2)
- Corparáideach (C1 go C5)
- Airgeadas (M1 go M4)
- Forbairt Eacnamaíoch (J1 go J4)

NUASHONRÚ AR AN BPLEAN BLIANTÚIL SEACHADTA SEIRBHÍSE

SPRIOC STRAITÉISEACH: RANNPHÁIRTÍOCHT POBAIL & IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA			
<i>“An rannpháirtíocht is leithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae”</i>			
STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH AN PHLEAN GHNÓ	SPRIODHÁTA	TORADH 2022
Bainistíocht leanúnach ar na Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Scéimeanna Gníomhachtaithe Saothair.	Rannpháirtíocht pobail a éascú agus tacú léi		
	Urraíocht ar 5 Scéim Fostaíochta Pobail	Acmhainneacht 100% d'fhostaithe Scéimeanna Fostaíochta Pobail a choinneáil don bhliain ar fad	Baineadh an sprioc amach
Oibriú leis na Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna), An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Comhchoiste Póilíneachta chun cur chuige comhtháite comhleanúnach le haghaidh forbairt pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.	Cabhrú leis an gComhalta Tofa agus leis an Ionadaí Pobail laistigh den struchtúr daonlathach chun an ról ionadaíochta a chomhlíonadh mar fhreagra ar riachtanais an Phobail		Tacaíodh leis na Comhaltaí Tofa tríd an struchtúr daonlathach chun an ról ionadaíochta a chomhlíonadh.
	Cabhrú leis na Coistí Um Beartas Straitéiseach do Bhóithre agus d'Iompar chun beartais a chruthú	4 chruinniú in aghaidh na bliana.	Baineadh an sprioc amach

Bainistíocht leanúnach ar na Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Scéimeanna Gníomhachtaithe Saothair.	Rannpháirtíocht pobail a éascú agus tacú léi	Acmhainneacht 100% d'fhostaithe Scéimeanna Fostaíochta Pobail a choinneáil don bhliain ar fad	Baineadh an sprioc amach
	Urraíocht ar 5 Scéim Fostaíochta Pobail		
Oibriú leis na Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna), An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Comhchoiste Póilíneachta chun cur chuige comhtháite comhleanúnach le haghaidh forbairt pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.	Cabhrú leis an gComhalta Tofa agus leis an Ionadaí Pobail laistigh den struchtúr daonlathach chun an ról ionadaíochta a chomhlíonadh mar fhreagra ar riachtanais an Phobail		Cruinnithe éascaithe do na Coistí Beartas Straitéiseach, don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, agus don Chomhchoiste Póilíneachta le linn 2022.
	Cabhrú leis na Coistí Um Beartas Straitéiseach do Bhóithre agus d'Iompar chun beartais a chruthú	4 chruinniú in aghaidh na bliana.	Baineadh an sprioc amach
Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.	Seachadadh an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019 - 2021 a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn chun Clár Ilbhliantúil nua Uisce Tuaithe 2022 - 2024 a chur i bhfeidhm d'earnáil na ngrúpscéimeanna sa chontae. Cuimsíonn an Clár Uisce Tuaithe deontais grúpscéime a íoc chun grúpscéimeanna uisce a thógáil agus a uasghrádú agus tacaíocht Leanúnach do na scéimeanna trí fhóirdheontas grúpscéime uisce.	Nollaig-22	€6m íochta ina iomláine

<p>Oibriú leis na Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna), An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an Comhchoiste Póilíneachta chun cur chuige comhtháite comhleanúnach le haghaidh forbairt pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.</p>	<p>* Tacú leis an SPC Pobail & Cultúir & SPC Forbartha Eacnamaíoch & Fiontraíochta maidir le plananna, straitéisí agus beartais a fhorbairt * Tacú leis an LCDC agus lena fhochoistí chun cur chuige comhcheangailte a bhaint amach maidir le seachadadh seirbhíse agus seachadadh LECP</p>	<p>4 Chruinniú SPC 6 Chruinniú LCDC 2 Chruinniú in aghaidh an Fhochoiste Líon beartas a pléadh agus a comhaontaíodh.</p>	<p>5 chruinniú LCDC a tionóladh & 3 chruinniú fochoiste. * Tionóladh 3 chruinniú SPC Pobail & Cultúir. Príomhábhair lena n-áirítear. Géarchéim Dídeanaithe na hÚcráine: LECP agus Dréachtstraitéis Cultúir agus Cruthaitheachta an Chontae 2023-2027 * Tionóladh 4 Chruinniú SCP Eacnamaíoch & Fiontraíochta. Príomhábhair lena n-áirítear. LEO, Campas BIA, Dréacht-Straitéis Turasóireachta don Chontae, Athnuachan Sráidbhailte agus Sonraí agus Táscairí Réigiúnacha & LECP.</p>
---	--	---	--

<p>Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreachta, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.</p>	<p>* Sábháilteacht dóiteáin agus oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn in áiseanna pobail le gach scéim maoinithe chúí, agus i dtithe leis an Scéim Aláirim Deataigh. Cumas grúpaí pobail áitiúla a fhorbairt i réimsí an athraithe aeráide agus ó thaobh feasachta / feabhsaithe comhshaoil de le cláir oiliúna spriocdhírthe PPN a sholáthar.</p>	<p>Ar bhonn leanúnach, cuimsíonn KPIanna líon na ndeontas a bronnadh le haghaidh uasghrádú áiseanna pobail & tionscnaimh na mbailte slachtmhara Líon daoine sa Scéim Aláirim Deataigh Líon na Scéimeanna Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN)</p>	<p>Tugadh tús áite d'oibreacha um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus d'éifeachtúlacht fuinnimh i scéimeanna maoinithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus LCDC. Reáchtáladh oiliúint PPN le linn 2022 lena n-áirítear oiliúint maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, le Maireachtáil Inbhuanaithe, agus le Beachaireacht.</p>
--	---	---	--

<p>Rannpháirtíocht i spórt agus caitheamh aimsire a chur chun cinn i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, chun deiseanna atá ar fáil trí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) agus trí scéimeanna cuí eile a uasmhéadú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> * Tacú leis an GSP chun rochtain straitéiseach ar spóirt a éascú. * Cláir rannpháirtíochta spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt do dhaoine ar gach cumas agus ó gach pobal agus líon na gclár agus na rannpháirtithe a uasmhéadú laistigh den bhuiséid atá ar fáil. * Scéimeanna maoinithe eile a ghiaráil chun rannpháirtíocht grúpaí agus pobal faoi mhíbhuntáiste i gcláir spóirt a uasmhéadú. 	<p>4 Chruinniú GSP. Líon na gclár. Líon rannpháirtithe. Leibhéal gearála agus rannpháirtíochta grúpaí imeallaithe.</p>	<p>Fuair 519 duine oiliúint i gCumhdach thar 34 chúrsa. * Cuireadh oiliúint ar 158 Oifigeach Leanáí thar 13 chúrsa. * Cuireadh oiliúint ar 101 Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe thar 9 gcúrsa. Cuireadh 50 as na 56 chúrsa ar fáil ar líne in 2022. * Cuireadh 15 Chlár Garchabhrach ar fáil. * Bronnadh Maoiniú (45k) ar 34 Chlub agus bronnadh ciste Forlíontach 44k ar 38 gClub. Chuir an tOifigeach Forbartha Spóirt Pobail os cionn 20 tionscnamh cuimsithe & rannpháirtíochta ar fáil & agus chuir an tOifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas 10 dTionscnamh ar fáil.</p>
--	---	--	---

<p>Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gClár Forbartha Pobail ábhartha agus na scéimeanna maoinithe, lena n-áirítear an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), i gcomhar leis an LCDC agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.</p>	<ul style="list-style-type: none"> * Monatóireacht a dhéanamh ar SICAP chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú agus cuairteanna láithreáin a dhéanamh chun eolas LCDC a mhéadú. * Plean Éire Shláintiúil a fhorbairt chun tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn tar éis phaindéim Covid-19 a aithint agus a ndéanfar a sheachadadh le Clár Oibreacha faoi Bhabhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil. * Freastal ar gach Cruinniú Meastóireachta LEADER agus cloí le hiarratais Alt 48. <p>Maoiniú ón gClár Feabhsúcháin don Phobal a leithdháileadh chun áiseanna pobail a fheabhsú.</p>	<p>Ar bhonn leanúnach, áirítear le príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) bheith ag comhlíonadh an sceidil fhaireacháin bhliantúil agus KPIanna SICAP a bhaint amach Spriocdhátaí & cuspóirí Ciste Éire Shláintiúil (HIF) a chomhlíonadh. Líon na ndeontas CEP a bronnadh agus díriú cuí á dhéanamh ar dheontais</p>	<p>Sáraíodh gach KPI SICAP. Fuair 152 grúpa pobail tacaíocht faoi KPI 1, a bhain 132% amach, agus fuair 993 duine tacaíocht faoi KPI 2 a bhain 110% amach.</p> <p>Leithdháileadh €286,805 faoin gCiste Gníomhaíochtaí Pobail agus leithdháileadh 60% den mhaoiniú ar chostais reatha grúpaí pobail. Chuaigh an 40% eile i dtreo deontais chaipitil ar scála beag d'áiseanna agus do chonláistí pobail.</p>
---	--	--	--

<p>Seirbhís ealaíon a chothabháil agus a fhorbairt de réir Phlean Ealaíon Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go gcuireann na healaíona le saol na ndaoine agus go dtacófar agus go ndéanfar ceiliúradh ar thraidisiúin agus ar chultúr uathúil Chontae na Gaillimhe.</p>	<p>* Plean Ealaíon 2020-2024 - leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú leis an gClár Ealaíon; iarratas ar mhaoiniú tacaíochta a chur faoi bhráid na Comhairle Ealaíon de réir an Chreat-Chomhaontaithe. * I gcomhairle leis an nGrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí, clár ealaíne poiblí a chur i bhfeidhm a bheidh ag teacht le Beartas Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024. * Clár agus tionscnaimh éagsúla Ealaíon atá le cur chun cinn * Clár Éire Ildánach 2022 a sheachadadh agus a phleanáil, lena n-áirítear clár Chruinniú na nÓg. * Deontais faoin Acht Ealaíon a Sheachadadh * Páirt a ghlacadh mar Chomhpháirtí i dtionscadal Erasmus+ * Tacú le Treoirthionscadal Áiteanna Cruthaitheacha Thuama * Tacú le Music Generation, Áras Éanna, Cathair Scannánaíochta UNESCO, Ciste Wrap * Tacú le Pleanáil Straitéiseach d'Fhéilte Ealaíon sa chontae agus le féilte nua a fhorbairt i gcomhar le pobail * Oíche Chultúir a phleanáil * An Scéim Léiriú Beo Áitiúil a phleanáil</p>	<p>Líon na dtionscnamh agus na gclár a fhaigheann tacaíocht ó Dheontais Ealaíon - 45 Plean Bliantúil forbartha chun Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm. - 35 Thionscnamh Líon na dtionscnamh a fhaigheann tacaíocht ó Éire Ildánach agus spriocdhátaí á gcomhlíonadh- 25 thionscnamh. Líon na dtionscnamh a fhaigheann tacaíocht ó Chruinniú na nÓg - 25. Líon na Léirithe a fuair tacaíocht ó LLPS - 12 Oíche Chultúir - 35 imeacht. Líon na bhFéilte Ealaíon ar tacaíodh leo - 6</p>	<p>*Faoi mhí na Nollag 2022, seachadadh an méid seo a leanas: Líon na dtionscnamh agus na gclár a fhaigheann tacaíocht ó Dheontais Ealaíon - 46 * Plean Bliantúil forbartha chun Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm. - 36 Thionscnamh Líon na dtionscnamh a dtacaítear leo faoi Éire Ildánach agus a chomhlíon spriocdhátaí - 43 thionscnamh * Líon na dtionscnamh a fuair tacaíocht ó Chruinniú na nÓg - 22 * Líon na Léirithe a fuair tacaíocht ón Scéim Léiriú Beo Áitiúil (LLPS 3&4) - 16 * Oíche Chultúir - 37 imeacht * Líon na bhFéilte Ealaíon ar tacaíodh leo - 6</p>
--	--	---	---

<p>Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.</p>	<p>* Tacú leis an PPN mar ionad ilfhreastail chun faisnéis agus tacaíocht maidir le cúrsaí maoinithe a sholáthar le ceardlanna faoi chúrsaí maoinithe, le Leabhrán Eolais faoi Dheontais, agus le traenáil forbartha acmhainní. * Pobail a spreagadh chun cur isteach ar chomórtais náisiúnta amhail an comórtas 'Mórtas Ceantair'.</p>	<p>Eolas soiléir curtha ar fáil do Bhaill PPN. Cuireadh isteach ar roinnt comórtais náisiúnta</p>	<p>Eisíodh Nuachtlitreacha Míosúla PPN in 2022.</p>
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe an phobail laistigh den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) agus iad a chur i bhfeidhm chun forbairt pobail agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus tacú leo.</p>	<p>* Athbhreithniú ar ghnéithe pobail an LECP a chur i gcrích faoi dheireadh Ráithe 1 agus tús a chur le forbairt LECP nua de réir Treoirlínte DRCD.</p>	<p>Nuashonrú a dhéanamh ar ghníomhartha faoi Ráithe 1. Freastalaíodh ar cheardlanna Roinne agus bunaíodh ASG chun tús a chur le próiseas forbartha LECP</p>	<p>Cuireadh tús le hathbhreithniú fardail ar ghnéithe pobail LECP tosaíochtaí a fhorbairt don LECP nua.</p>

<p>Tacú leis an tionscnamh Aoisbhá agus a chinntiú go gcuireann an pobal atá ag dul in aois bonn eolais faoi bheartais agus gníomhartha.</p>	<ul style="list-style-type: none"> * Tacú leis an gComhaontas Aoisbhá agus le hOPC chun gníomhaíochtaí agus feabhsuithe a sheachadadh maidir leis an teagmháil a dhéantar le daoine aosta. * Plean Oibre Bliantúil a chur i bhfeidhm * Coiste Idir-rannach a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar an ngné thras-rannach a bhaineann le Contae a thacaíonn le daoine breacaosta a fhorbairt 	<p>4 chruinniú in aghaidh na bliana. Líon na dtionscnamh ar tacaíodh leo.</p>	<p>4 Chruinniú den Chomhghuaillíocht Aoisbháúil. Bunaíodh Comhairle nua do Dhaoine Aosta, tionóladh 5 chruinniú agus chuir Age Friendly Ireland oiliúint ar fáil. Reáchtáladh 15 imeacht a chun an chruthaitheacht i measc daoine aosta a cheiliúradh le linn Fhéile na Bealtaine. Bronnadh maoiniú náisiúnta ar 2 thionscadal faoin Scéim Cruthaitheachta i measc Daoine Aosta. Tacaíodh le 26 Lá Oscailte faoin tSeachtain um Aosú Dearfach chun daoine aosta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta arís</p>
--	--	---	---

<p>Tacú le forbairt struchtúir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) ar mhaithe le rannpháirtíocht agus folláine an phobail, agus a chinntiú go gcuireann na struchtúir seo bonn eolais faoi, agus go bhfuil siad ag teacht le, beartas agus gníomhaíocht an rialtais áitiúil.</p>	<p>* Tacú le Rúnaíocht PPN chun Ballraíocht agus buiséad PPN a bhainistiú, agus Plean Oibre Bliantúil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar fhorbairt acmhainní, comhroinnt faisnéise agus ar ionadaíocht éifeachtach a bheith ar Choistí.</p>	<p>Líon na mBallghrúpaí PPN agus an % díobh sin i gcoláiste SI & líon na n-ionadaithe SI ar LCDC (KPI Bliain 2) Líon na gcomhairliúcháin Údarás Áitiúil le PPN. Líon na gCoistí a bhfuil ionadaíocht PPN iontu. Líon na laethanta oiliúna d'fhoireann an Údaráis Áitiúil agus do bhail thofa PPN.</p>	<p>Líon na mBallghrúpaí PPN - 1,151 PPN (KPI) Líon sa Cholún um Chuimsiú Sóisialta - 230 (KPI) 12 choiste a bhfuil ionadaíocht PPN iontu PPN curtha faoi bhráid na gCeantar Bardasach</p>
--	--	--	---

<p>Cuimsiú sóisialta agus laghdú neamhionannais sóisialta a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le pobail agus le gníomhaireachtaí eile chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do ghrúpaí imeallaithe, lena n-áirítear an óige, imircigh, an lucht siúil agus daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus airgeadais.</p>	<ul style="list-style-type: none"> * Comhairle na nÓg a bhainistiú agus tacú le príomhthopaicí bliantúla agus le Plean Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara a sheachadadh * Comhoibriú le Grúpa Forbartha Tuaithe agus Idirghníomhaireachta na Gaillimhe chun Straitéis Imeasctha Imirceach a fhorbairt. * Tacú leis an nGrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil chun Plean Straitéiseach áitiúil a fhorbairt do phobal an Lucht Siúil sa Chontae. * An Ciste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais a chur i bhfeidhm chun deiseanna a mhéadú do Dhaoine faoi Mhíchumas sa phobal * Iniúchtaí Insiúltachta a dhéanamh i gcomhar le daoine aosta chun bacainní ar neamhspleáchas a aithint de bharr easnaimh bhonneagair phobail * Clár imeachtaí cuimsithe sóisialta a fhorbairt chun éagsúlacht agus cuimsiú sa phobal a cheiliúradh. 	<p>% scoileanna atá rannpháirteach in CNN (KPI - Bliain 1). Dul chun cinn ar phríomhábhair CNN. Straitéis Imeasctha Imirceach i bhfeidhm Líon na gcruinnithe TIG. Líon na n-imeachtaí SI.</p>	<p>Tionóladh 15 chruinniú Choiste Chomhairle na nÓg in 2022 + 3 Chruinniú Fochoiste chun CGB a phleanáil, ag a raibh 63 duine i láthair. Ba é ábhar 2022 ná 'Feasacht LADT+' agus cuireadh oiliúint ar Spásanna Sábháilte ar siúl chun feasacht a ardú</p> <p>Tionóladh 4 chruinniú TIG in 2022 agus d'forbraíodh Plean Oibre</p> <p>Maoiníodh 2 Iniúchadh Trá, uasghrádú spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, feachtas feasachta, agus oiliúint foirne faoin gCiste Rannpháirtíochta agus Feasachta Míchumais.</p>
--	---	---	--

<p>An úsáid is mó agus is féidir a bhaint as áiseanna na Comhairle, amhail oifigí an Cheantair Bhardasaigh agus Leabharlanna, chun faisnéis faoi sheirbhísí a scaipeadh.</p>	<p>* Comhoibriú le Leabharlanna ar an gClár Éire Shláintiúil agus an Clár Aoisbhá chun eolas a roinnt agus a scaipeadh agus áiseanna na Leabharlanna a úsáid le haghaidh imeachtaí cultúrtha agus pobail.</p>	<p>Líon na gcomhoibrithe</p>	<p>Gach leabharlann le bheith ainmnithe mar Leabharlann Aoisbháúil faoi Bhealtaine 2024 agus 3 phríomhghníomh le sonrú ag gach Leabharlann chuige sin.</p>
<p>An leas is fearr agus is féidir a bhaint as ainmniú Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, oidhreacht an ainmnithe don phobal áitiúil agus don gheilleagar áitiúil.</p>	<p>*Deiseanna a lorg chun bheith ag tacú le comhoibriú cruthaitheach ar Thionscadail Eorpacha le Tíortha agus le heagraíochtaí agus le healaíontóirí eile de chuid an AE atá ina gcónaí sa Chontae. * Tacú le seachadadh Orbs chuig bailte Searmanas Oscailte Gaillimh 2020 de réir tograí Feabhsúcháin Baile agus na gCeantar Bardasach* Leanúint ar aghaidh ag tacú le pobail le tograí cultúrtha a fhorbairt</p>	<p>3 mhalartú foghlama leis an gclár Erasmus+ Culture Up leis an Oifig Ealaíon Óstach, 1 chuairt ar Chontae na Gaillimhe do Chomhpháirtithe Eorpacha R4</p>	<p>Reáchtáladh 3 mhalartú foghlama leis an gclár Erasmus+ Culture Up agus leis an Oifig Ealaíon. Oifig Ealaíon ag óstáil 1 Chuairt Comhpháirtí Eorpach ar Chontae na Gaillimhe in R4 (Tionscadal Culture Up).</p>

SPRIOC STRAITÉISEACH: FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS FIONTRAÍOCHTA

“Chun forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíoch agus fiontraíochta an chontae a uasmhéadú”

STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH AN PHLEAN GHNÓ	SPRIODHÁTA	TORADH 2022
<p>Tionscadail a chur i bhfeidhm a fheabhsaíonn sráid-dreacha agus a chuireann deireadh le dearóiliú</p>	<p>Comhoibriú leis an Aonad Forbartha Eacnamaíochta agus Tuaithe agus tionscadail Athnuachana Tuaithe atá faoi stiúir na nÚdarás Áitiúil a chur i gcrích</p>		

chun timpeallachtaí uirbeacha a fheabhsú.	Máistirphlean chun Tuaim a Athnuachan - cur chun feidhme	Ar feitheamh, maoiniú le faomhadh	Ghlac Ceantar Bardasach Thuama le Máistirphlean Thuama ar an 12 Aibreán, 2021. Tabharfaidh an plean tacaíocht d'aon iarratais ar mhaoiniú RRDF amach anseo de réir mar a thagann siad chun cinn.
An Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm, agus deiseanna a aithint do mhoil/spásanna comhionaid ar leibhéal an phobail.	Forbairt inbhuanaithe leanúnach fiontraíochta agus eacnamaíoch an Chontae a uasmhéadú		Tacaíodh le forbairt inbhuanaithe leanúnach fiontraíochta agus eacnamaíoch an Chontae.
	Leathadh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú	Ar siúl faoi láthair	Ar siúl faoi láthair
	Tacú le daingniú na Straitéise Digití	R4, 2022	Tasc leanúnach gach bliain, agus an straitéis reatha i bhfeidhm go dtí R4 2023
An leas is fearr a bhaint as nascacht Leathanbhanda ar fud an chontae i gcomhar le tionscnaimh Rialtais.	Leathadh amach na bpointí nasctha Leathanbhanda (22 phointe) a éascú agus tacú le hiarratais ar mhaoiniú.	Ar siúl faoi láthair	Ar siúl faoi láthair
Tionscadail a chur i bhfeidhm a fheabhsaíonn sráid-dreacha agus a chuireann deireadh le dearóiliú	Comhoibriú leis an Aonad Forbartha Eacnamaíochta agus Tuaithe agus tionscadail Athnuachana Tuaithe atá faoi stiúir na nÚdarás Áitiúil a chur i gcrích		Thacaigh Aonad ERCD le Tionscadal Athnuachana Tuaithe faoi stiúir na n-údarás áitiúil a chur i gcrích.

chun timpeallachtaí uirbeacha a fheabhsú.	Máistirphlean chun Tuaim a Athnuachan - cur chun feidhme	Ar feitheamh, maoiniú le faomhadh	Ghlac Ceantar Bardasach Thuama le Máistirphlean Thuama ar an 12 Aibreán, 2021. Tabharfaidh an plean tacaíocht d'aon iarratais ar mhaoiniú RRDF amach anseo de réir mar a thagann siad chun cinn.
